# An Roinn Fiontar, Trádála & Nuálaíochta

# Tuarascáil Bhliantúil 2010

Misean (2008-2010)

*Cumas iomaíochta agus táirgiúlacht na hÉireann a chur ar aghaidh trí timpeallacht a chruthú a chuireann rath ar fhiontar, ar fhiontraíocht agus ar nuálaíocht agus ina gcothaítear deiseanna fostaíochta den scoth.*

*Agus a misean á cur i bhfeidhm aici díreoidh an Roinn ar Spriocanna Ardleibhéal a sé cuaille straitéiseach mar a leanas; (2008-2010)*

| Crann taca | Sprioc |
|---|---|
| ***Infheisitiú in Eolas agus i bhFeidhmiú an Eolais*** | Ár gcumas iomaíochta a chur chun cinn trí feabhas suntasach a chur ar ár n-inniúlacht chun eolas nua a ghiniúint, a chosaint agus a úsáid ar mhaithe le tairbhe eacnamaíoch agus sóisialta |
| ***Beartais chun Fiontair a chur chun cinn i nGeilleagar Iomaíoch Ard-luacha*** | Cumas iomaíochta, nuálaíochta agus fiontair an náisiúin a chur ar aghaidh ar fud an gheilleagair chun tacú lena fhorás cothrom inmharthana, le deiseanna nua fostaíochta agus le gníomhaíocht láidir onnmhairíochta maidir le táirgí agus seirbhísí araon agus chun tionscnaimh a chur ar aghaidh i ndáil le geilleagar uile-oileáin |
| ***Soláthar agus Feabhsú Scileanna & Rannpháirtiú sa Lucht Saothair*** | Beartais margadh saothair a shaothrú a thacaíonn le forbairt fiontair agus a chuireann forbairt caipitil dhaonna ar aghaidh trí scileanna an lucht saothair a fheabhsú. Rannpháirtíocht i bhfostaíocht agus rochtain uirthi a fheabhsú ar an gcuma seo |
| ***Rialáil Gnó níos fearr agus an Tomhaltóir*** | A chinntiú go n-éascaíonn an coras rialála gnó iomaíocht san ionad margaidh mar aon le cosaint tomhaltóirí d'ardchaighdeán agus rialachais chorparáidigh |
| ***Comhpháirtíocht san Ionad Oibre agus Cearta Fostaíochta*** | Caidreamh tionscail maith agus an múnla comhpháirtíochta a chothú agus reachtaíocht chuí cearta fostaíochta agus creatlach chuí institiúideach mar thaca fúthu |
| ***Ár Spriocanna Straitéiseacha a sheachadadh*** | Leibhéal ard tacaíochta gairmiúla, seirbhíse agus comhairle a chur ar fáil agus éascaíocht á déanamh againn do chur i ngníomh spriocanna gnó na Roinne ar shlí a chinntíonn Luach ar Airgead. Leanúint de bheith i dtús cadhnaíochta ar chlár oibre an nuachóirithe ar fud |

| Crann taca | Sprioc |
|---|---|
| | na Seirbhíse Sibhialta agus na Seirbhíse Poiblí ag an am céanna |

# CRANN TACA 1: Infheistiú in Eolas agus i bhFeidhmiú an Eolais

**Sprioc Ardleibhéil**

Ár gcumas iomaíochta a chur chun cinn trí feabhas suntasach a chur ar ár n-inniúlacht chun eolas nua a ghiniúint, a chosaint agus a úsáid ar mhaithe le tairbhe eacnamaíoch agus sóisialta. .

Déanadh dul chun cinn suntasach i 2010 maidir leis an Sprioc seo a bhaint amach. Bhí marthanacht agus téarnamh geilleagrach ag brath do mór ar ár mbonn tionsclaíochta nua-aimseartha ag tiomáint sochair easpórtála le táirgí agus seirbhísí nuálacha ar phraghas iomaíoch a bhí ag freastal ar éilimh na margaí idirnáisiúnta. Lean clár oibre nuálaíochta na hÉireann ag fabhrú le freastal ar riachtanas.

I ndiaidh foilsiú Tuarascáil an Tascfhórsa Nuálaíochta, bunaíodh Ciste Nuálaíochta Éireann €500m, seoladh Ciogal 5 CTITL tar éis aistriú chun na Roinne, agus tosaíodh ar an tiomáint a mhéadú le feabhas a chur ar fheidhmiú taighde fiontraíochta agus tráchtálú taighde ó institiúidí tríú leibhéal.

Lean Fondúireacht Eolaíochta Éireann le tacaíocht a thabhairt do bheagnach 3,000 taighdeoir ag obair i réimsí straitéiseacha dírithe ar fheabhas a chur ar iomaíochas fiontraíochta sa todhchaí. Cé gur déanadh roinnt duais suntasach a thabhairt ar thaighde, bhain an fhorbairt ba shuntasaí le taighde maoinithe ag FEÉ a méadaíodh 44% go dtí 534 i roinnt cuideachtaí a bhí ag comhoibriú le FEÉ ar thaighde. Bhí seo le feiceáil in aibiú infheistíochta FEÉ go dtí seo gur mhór an sochar é do chomhpháirtithe tionscail.

Leanadh le tosaíocht a thabhairt do chuideachtaí dúchasacha le feabhas a chur ar fheidhmiú nuálaíochta i rith 2010 mar le heasportáil a thiomáint, jabanna a choimeád agus a chruthú. Thug Fiontraíocht Éireann tacaíocht do chuideachtaí T&F, do chomhoibriú idir chuideachtaí agus taighde acadúil agus tráchtálú ar thaighde trí aistriú teicneolaíochta chuig fiontraíocht. Baineadh torthaí mórfheabhsaithe amach i dtéarmaí HOSUanna nua a chruthú, úsáid Dearbhán Nuálaíochta agus forbairt Ionad Taighde Teicneolaíochta nua tionscaltreoraithe faoi mar atá sonraithe sa rannán seo a leanas.

Lean Éire ar a bheith chun tosaigh ar mheánráta ratha an AE maidir le hiarratais a déanadh agus an sciar maoinithe a fuarthas ó Chreatchlár an AE do thaighde le tacaíocht suntasach náisiúnta á sholáthar trí Fhiontraíocht Éireann. Faoi dheireadh 2010 bhain an cistiú a faomhadh d’Eirinn faoin gclár seo €291m.

D’fhéadfaí uasmhéadú a dhéanamh ar fhorbairtí suntasacha i réimse Maoine Intleachtúil, ar a n-áirítear cinneadh na hÉireann dul ar aghaidh le comhoibriú feabhsaithe le Paitinn Aonadach a bhaint amach don AE, le reachtaíocht a dhéanamh le daingniú a dhéanamh ar Chomhaontú Londain le laghdú a dhéanamh ar chostais aistriúcháin do gnó maidir le paitinní Eorpacha agus athbhreithniú a dhéanamh ar ár

reachtaíocht chóipchirt, le feabhas a chur ar nuálaíocht. Lean Oifig na bPaitinní le feabhas a chur ar héifeacht agus luach ar airgead agus í gníomhach ina teagmháil le tionscail le seimineáir théamúla ar "Gnó a Thógáil ar do Smaointe".

Seoladh cleachtadh an-suntasach tosaíochta taighde i dtreo dheireadh 2010 d'fhonn tosaíochtaí soiléire taighde ar bhonn fianaise a bhunú do na blianta atá le teacht. Léirigh an cinneadh an cleachtadh seo a sheoladh dul chun cinn ó dheich mbliana d'acmhainn tógála go dtí an acmhainn sin a chur in oiriúint do shochar eacnamaíochta agus sóisialta. Bheadh na tosaíochtaí a bhunófaí go mór faoi thionchar fhaisnéise ar dheiseanna an mhargaidh, an gá atá le huasmhéadú a dhéanamh ar shochar eacnamaíoch agus thógfaí ar na buanna taighde atá forbartha in Éirinn le deich mbliana anuas. Ní bheadh an obair seo críochnaithe go dtí deireadh 2011.

| | Sprioc | Gníomhaíochtaí Straitéiseacha |
|---|---|---|
| 1. | A bheith i gceannas ar chur chuige an Rialtais uile i leith cur i ngníomh na Straitéise d'Eolaíocht, Teicneolaíocht agus Nuálaíocht, 2006-2013 agus é a chomhordú. | Thug an Clár Fionn Eolaíocht agus Innealtóireacht (FEI) tacaíocht do thionscnaimh le méadú ar spéis san eilaíocht, matamaitic, teicneolaíocht, nuálaíocht agus innealtóireacht i measc na mac léinn, múinteoirí agus oibrithe an todhchaí, ag baint caighdeáin agus buaic straitéise níos airde amach ar i bhfad níos lú airgid.<br><br>Foilsíodh Tuarascáil an Tascfhórsa Nuálaíochta (TFN) i Márta 2010. Ba é bonn lárnach an tuarascála go ndéanafí iarracht leanúnach náisiúnta éiceachóras rathúil nuálaíochta a thógáil dírithe ar fhiontair nuálacha agus ar an bhfiontraí. Soláthraíonn an tuarascáil mapa maidir le riocht na hÉireann mar mhol idirnáisiúnta forbartha nuálaíochta agus déantar réimse leathan moltaí ar réimsí mar mhaoin intleachtúil, caipiteal fiontair, an córas ardoideachais, soláthar, coinbhéirseacht, ceisteanna earnála, cáin, tacaíocht agus struchtúir ghníomhaireachta fiontair, infrastruchtúr leathanbhanda, margaíocht agus forfheidhmiú.<br><br>Tugadh imlíne i moltaí an Tascfhórsa ar chur chuige uile-rialtais maidir le gné thábhachtach de théarnamh eacnamaíoch na hÉireann a thabhairt i gcrích. Cuireadh Coiste Forfheidhmithe ar bun i mBealtaine 2010, faoi chathaoirleacht an Aire Fiontar, Trádála agus Nuálaíochta, le maoirseacht a dhéanamh ar fhorfheidhmiú an Tuarascála agus tháinig siad le chéile ar cheithre ócáid i 2010, agus déanadh mórán dul chun cinn ar Mholtaí an Tuarascála a thabhairt i gcrích.<br><br>Ar na nithe suntasacha a bhaineadh amach go luath i bhforfheidhmiú an ITF tá siad seo a leanas:<br>• Ciste Nuálaíochta €500 a chur in áit - Éire le díriú ar phobal beoga caipitil fiontair a fhorbairt in Éirinn trí chaipitlithe fiontair idirnáisiúnta a mhealladh.<br>• Seoladh Sraith 5 den Chlár um Thaighde in Institiúidí Tríú Leibhéal (CTITL), infheistíocht €296m ag tacú le taighde tríú leibhéal agus ag giaráil chaipitil €63m infheistíochta príobháideach.<br>• Aithint agus fáil maoinithe do chuid de mholtaí ITF ar an bpróiseas buiséadach go dtí 2016. Bhí sé ar intinn leis na forálacha seo a chur ar chumas na Roinne agus a gníomhaireachtaí tacaíocht a thabhairt do chuideachtaí nuálacha, gnólachtaí nuathionscanta ardfheidhmíochta a fhás, níos mó caipitil fiontar a sholáthar agus punann sainearnála Chistí Aingil a fhorbairt, chomh maith le méadú ar thacaíocht Fiontraíocht Éireann do thráchtálú. Bhí siad comhtháite freisin le tacú le meall straitéiseach de thaighdeoirí den scoth a choimeád le feidhmiú le |

| | Sprioc | Gníomhaíochtaí Straitéiseacha |
|---|---|---|
| | | Infheistíocht Dhíreach Choigríche (IDC) a mhealladh go hÉirinn.<br><br>Méadú ar chistiú a fuarthas do ghníomhaíoctaí T&F Fondúireacht Eolaíochta Éireann, Fiontraíocht Éireann agus GFT Éireann i gcomhthéacs Bhuiséid 2011dírithe ar Éire a chur sa riocht leis an mbonn eolaíochta a tógadh le deich mbliana anuas a choimeád, tuilleadh IDC T&F a mhealladh, neartú ar an gcomhoibriú idir lucht taighde agus fiontar, tuilleadh deontais T&F a sholáthar do chuideachtaí, agus a chinntiú go mbaintear an leas is fearr as taighde le hacmhainn tráchtála agus margaidh.<br><br>Tá moladh an ITF go dtabharfaí dreasachtaí isteach le spreagadh a thabhairt don éileamh ar mhatamaitic ardleibhéal, curtha i bhfeidhm trí scéim pointí bónais a thabhairt isteach do mhic léinn a dhéanann matamaitic ag an ardleibhéal.  Tá an scéim seo le tabhairt isteach do thréimse piolótach ceithre bliana ag tosú le hArdteistiméireacht 2012 agus déanfar athbhreithniú uirthi i 2014. Tagann an tionscnamh seo leis na moltaí ar fheidhmiú an Tionscadail Matamaitice - tionscnamh a ceapadh le breis béime a chur ar thuiscint choincheapa matamaitice agus eolas agus scileanna matamaitice a chur i bhfeidhm – rud atá á chur i bhfeidhm freisin.<br><br>Tosaíodh ar an gcleachtadh Tosaíochta Taighde i bhfómhar 2010 agus bhí sé le bheith críochnaithe faoi cheann bliana. Bé an cúram a leagadh ar an nGrúpa Stiúrtha Tosaíochta Taighde ná anailís chuimsitheach a dhéanamh ar infheistíocht i dTaighde, Forbairt agus Nuálaíocht (TFN) in Éirinn agus moltaí a fhorbairt ar bhonn fianaise maidir le hathrú ar pholasaí an Rialtais i dtaca le hinfheistíocht phoiblí i dtaighde agus nuálaíocht le hinfheistíocht sa todhchaí a dhíriú ar thairseach chriticiúil a thógáil i réimsí ar fearr a nascann siad le riachtanais an phobail agus an gheilleagair anois agus sa todhchaí, .i. infheistíocht phoiblí in ETN a aistriú chuig torthaí a bhíonn chun leasa mhuintir na hÉireann trí ghníomhaíocht inbhuanaithe eacnamaíochta agus jabanna.<br><br>Bhí an Sruth Aonair Cistiúcháin do ETN, a fógraíodh i 2010, dírithe ar fheabhas a chur ar chur i láthair infheistíochta ETN earnála poiblí na hÉireann, le breis comhtháiteachta a thabhairt do mhóreilimintí chomhábhar na hinfheistíochta sin. Chuir aistriú an bhuiséid do CTITL ón Roinn Oideachais agus Scileanna chuig an Roinn Fiontar, Trádála agus Nuálaíochta i lár 2010 go mór le comhdhlúthú chlár acmhainní ETN. |

| | Sprioc | Gníomhaíochtaí Straitéiseacha |
|---|---|---|
| 2. | Deimhin a dhéanamh de comhtháthú polasaí comhtháthaithe Tras-Rannach i bhforfheidhmiú chuspóirí SETN. | Tá an Cleachtadh Tosaíochta Taighde, a tosaíodh i bhFómhar 2010, dírithe ar réimsí tosaíochta a aithint a ndéanfaidh infheistíocht sa todhchaí in ETN a bhíonn maoinithe go poiblí tacú leo. Cinnteoidh seo go mbíonn infheistíocht ETN na hÉireann dírithe go straitéiseach ar na réimsí sin a mbeadh an tionchar is mó acu.<br><br>Tá an Sruth Aonair Cistiúcháin do ETN, a fógraíodh i 2010, dírithe ar fheabhas a chur ar éifeacht agus ar fhócas infheistíocht ETN earnála poiblí na hÉireann agus ar chomhtháiteacht a thabhairt chuig illínte bhuiséide i roinnt Ranna. Is eilimint tábhachtach é aistriú an bhuiséid do CTITL ón Roinn Oideachais agus Scileanna chuig an Roinn Fiontar, Trádála agus Nuálaíochta i lár 2010 maidir le sruthlíniú a dhéanamh ar acmhainní. |
| 3. | Sármhaitheas i dtaighde in Éirinn a chothú agus Éire a chur chun cinn agus a chothú mar ionad a roghnaíonn taighdeoirí agus gnóthais a bhfuil ar intinn acu tabhairt faoi thaighde eolaíochta den scoth a dhéanamh. | **Fondúireacht Eolaíochta Éireann (FEÉ)**<br>I 2010 lean an FEÉ ag díriú ar chaipiteal daonna den scoth a thógáil le taighde eolaíochta agus innealtóireachta, in éineacht le saothar na ngníomhaireachtaí eile stáit, go háirithe GFT Éireann, Fiontraíocht Éireann, an tÚdarás um Ard-Oideachas agus an Bord Taighde Sláinte le foinsí nua a thógáil maidir le buntáiste iomaíochais do thionsclaíocht na hÉireann.<br><br>I 2010, le leithdháileadh caipitil de €150m, bhí an FEÉ in ann leanúint le tacaíocht a thabhairt do 500 grúpa taighde, ar a raibh 2,999 taighdeoir ar fad, a bhí i mbun taighde ar ardchaighdeán idirnáisiúnta piarmheasúnaithe. Ina theannta sin, d’úsáid taighdeoirí a raibh tacaíocht FEÉ acu le maoiniú a fháil do 2,300 ionad breise do thaighdeoirí in Éirinn.<br><br>Ar dhá cheann de phríomhdhámhachtainí FEÉ i 2010 bhí gur fógraíodh maoiniú de €19m don Institiúid Diagnóiseach Bithleighis (IDB) IEIT ag Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath agus maoiniú de €9.69m don Institiúid Leighis Athghiniúnach (REMEDI) ag Ollscoil na hÉireann, Gaillimh. Leis an dá bhronnadh soláthrófar maoiniú thar théarma 5 bliana faoi réir athbhreithniú rialta a dhéanamh ar fheidhmiú.<br><br>Tá BDI agus REMEDI ag tabhairt faoi thaighde atá chun tosaigh go domhanda sna heolaíochtaí beatha agus príomh-chomhpháirtíochtaí acu le príomhpháirtithe tionsclaíochta i réimsí mar Ortho, Diagnóisic Chliniciúil, Gléasanna Analógacha, Becton Dickinson, Millipore, Biosurfit, Medtronic agus Creganna.<br><br>I rith 2010 freisin d’fhógair FEÉ €25.7 mar dhámhachtainí do 27 tionscadal nua Príomh-Imfhiosróirí i réimsí tábhachta |

| | Sprioc | Gníomhaíochtaí Straitéiseacha |
|---|---|---|
| | | straitéiseacha mar fhuinneamh gaoithe, aithint cainte ar ríomhaire, teileachumarsáid, neamhord athlastach, tástáil giniteach agus sláinte ainmhithe. Tacóidh an maoiniú seo go díreach le timpeall 300 taighdeoir thar thréimhse 3 go 5 bliana.<br><br>Tháinig méadú suntasach i 2010 freisin (+44%) ar líon na gcomhoibrithe ina raibh taighdeoirí agus tionscail maoinithe ag an FEÉ. Léiríonn figiúr dheireadh na bliana go raibh taighdeoirí le maoiniú FEÉ ag comhoibriú le 534 cuideachta ar leith a d’fhostaigh os cionn 82,000 duine eatarthu in Éirinn, le heaspórtálacha de €73bn i 2010.<br><br>I rith na bliana rinne an FEÉ maoiniú ar thaighdóirí a fuair maoiniú breise €153m ó fhoinsí eile mar an AE agus tionsclaíocht phríobháideach. Tá taighde FEÉ ar fud an domhain anois – le taighdeoirí FEÉ i mbun 1,700 comhoibriú idirnáisiúnta (suas 12%) thar 58 tír.<br><br>**Aistriú An Clár um Thaighde in Institiúidí Tríú Leibhéal (CTITL) chuig an Roinn.**<br>Tacaíonn maoiniú an Clár um Thaighde in Institiúidí Tríú Leibhéal (CTITL) soláthar infrastruchtúir taighde den scoth (foirgnimh, saotharlanna agus trealamh ceannródaíoch), saoráidí náisiúnta i bpáirt, agus cláir struchtúrtha PhD ar fud institiúidí ardoideachais na hÉireann. Mar sin baineann an CTITL le háiseanna den scoth a sholáthar do phobal taighde na hÉireann agus soláthar á dhéanamh freisin ar dheiseanna oiliúna agus oideachais don chéad ghlúin eile d’eolaithe i réimsí éagsúla a bhfuil tábhacht straitéiseach náisiúnta ag baint leo.  Seoladh CTITL i 1998, le maoiniú ag teacht chuige ó 2000, ar dtús tríd an Roinn Oideachais agus Scileanna.<br><br>I mBealtaine 2010, aistríodh freagracht maidir le maoiniú agus polasaí an CTITL chuig an Aire Fiontar, Trádála agus Nuálaíochta. Déanann an tÚdarás um Ard-Oideachas riaradh ar an CTITL thar ceann an Aire agus na Roinne.<br><br>Príomhaidhm ag CTITL is ea tairseach chriticiúil a fhorbairt i bpríomhréimsí taighde, ag feabhsú comhoibriú agus comhtháthú trí chóras taighde na hÉireann. Is é atá sa CTITL go bunúsach ná “príméir” agus tagann sé le tionscadail eile suntasacha taighde ar féidir leo teacht ina dhiaidh sin ó leithéidií FEÉ, Fiontraíocht Éireann, agus an Bord Taighde Sláinte i measc mórán eile.<br>I mí Iúil 2010, fógraíodh Sraith 5 den CTITL le maoiniú iomlán dámhachtaine de €359m á fhógairt thar 36 tionscnamh ar leith. As an infheistíocht seo is ón Státchiste a thiocfaidh |

| | Sprioc | Gníomhaíochtaí Straitéiseacha |
|---|---|---|
| | | díreach faoi bhun €300m le €60m eile á sholáthar ag infheistíocht phríobháideach. Seo a leanas cuid de na príomhréimsí straitéiseacha atá á dtacú le maoiniú Sraith 5:<br><br>• Cógaisíocht/Bithchógaisíocht<br>• Teicneolaíochtí Leighis<br>• ICT<br>• Fuinneamh agus timpeallacht<br>• Taighde aistritheach bitheolaíochtaí/bithmhíochaine<br>• Eolaíochtaí Sóisialta & Daonnachtaí<br>• Bia agus Deoch<br>• Innealtóireacht, Fisic, agus Ceimic.<br><br>Caithfear cistí suntasacha faoi Shraith 5 san earnáil tógála le beagnach 2,000 post a bhaineann le tógáil á gcruthú, agus cruthófar 379 post breise san oideachas trí shraith tionscadal PhD Struchtúrtha agus Teicneolaíochtaí Éiritheacha. |
| 4. | Oibriú trí Fhiontar Éireann chun acmhainn an fhiontair dhúchasaigh a mhéadú d'fhonn a chur ar a chumas táirgí agus seirbhísí nuálacha a fhorbairt ar mhaithe le buntáiste iomaíoch. É seo a dhéanamh trí acmhainn Taighde agus Forbartha a chothú i gcuideachtaí, trí naisc le taighde tríú leibhéil agus trí thacú le tráchtálú. | I 2010, tugadh faoi na cláir a sholáthair Fiontraíocht Éireann le cabhrú le cuideachtaí dúchasacha Éireannacha maireachtáil agus margaí sa bhaile agus easpórtála a thógáil le bheith sa riocht a gcuid trádála a fhás agus a chur chun cinn, d'fhonn athbheochan a dhéanamh ar an ngeilleagar agus tacú le jabanna inbhuanaithe in Éirinn.<br><br>**Forbairt a dhéanamh ar chuideachtaí nua nuathionscanta**<br>Soláthraíonn Fiontraíocht Éireann tacaíocht d'fhás leanúnach chuideachtaí faoi stiúir fiontraí le bonn tráchtála a chur faoi theicneolaíochtaí atá ag teacht chun cinn agus smaointe nuálacha gnó. I 2010, rinne Fiontraíocht Éireann faomhadh ar mhaoiniú a chruthaigh 80 cuideachta nuathionscanta le hardacmhainn, ina raibh os cionn 100 fiontraí rannpháirteach. Ina theannta sin, fuair 17 cuideachta nuathionscanta ardacmhainne infheistíocht athdhreasa. Áiríodh anseo ciste nua iomaíochais don Earnáil Idirlín agus Chluichí a seoladh i 2010. Táthar ag súil leis go gcruthóidh na cuideachtaí nua níos mó ná 770 jab nua le díolacháin os cionn €528 milliún ar fad á bhaint amach acu sna trí bliana atá romhainn.<br><br>**T&F agus nuálaíocht a chur chun cinn i gcuideachtaí**<br>Lean Fiontraíocht Éireann le maoiniú suntasach a chur ar fáil le cur ar chumas chuideachtaí Éireannacha infheistíocht straitéiseach a dhéanamh i dTaighde agus Forbairt, ar phríomhthiománaí é maidir le nuálaíocht, ag tabhairt bhuntáiste iomaíochais agus ag tacú le cruthú postanna dá réir. I 2010, rinne FÉ faomhadh ar mhaoiniú os cionn €30 milliún le tacú le tionscadail T&F, ag cur ar chumas 51 cuideachta os |

| | Sprioc | Gníomhaíochtaí Straitéiseacha |
|---|---|---|
| | | cionn €2 milliún a infheistiú in aghaidh na bliana i dtionscadail T&F agus ar chumas 715 cuideachta os cionn €100,000 a infheistiú.<br><br>Ina theannta sin, cabhraíodh le cuideachtaí beaga réitigh T&F cost-éifeachtúil a fháil ó institiúidí tríú leibheál trí scéim Dearbháin Nuálaíochta. Fuasclaíodh 489 Dearbhán Nuálaíochta i 2010, ar luach €2.4m.<br><br>Bhí tríocha cuideachta rannpháirteach sa Chlár Nuálaíochta Comhpháirtíochta, a thugann tacaíocht airgeadais do chuideachtaí agus d'institiúidí tríú leibhéal le comhoibriú ar thionscadail taighde.<br><br>**Ag tiomáint T&F tionscaltreoraithe**<br>Is aonáin chomhoibríocha iad Ionaid Teicneolaíochta ina mbíonn fiontair bheaga agus mheánmhéide Éireannacha, cuideachtaí ilnáisiúnta agus institiúidí taighde ag obair le chéile le gnáthdhúshláin taighde a shárú. Faoi dheireadh 2010, d’aontaigh Fiontraíocht Éireann €50m a sholáthar mar chistiú do naoi Ionad le taighde a dhéanamh ar bhithfhuinneamh, nuálaíocht TF, nanaitheicneolaíocht, ábhar comhchodach, micrileictreonaic, déantúsaíocht, éifeachtúlacht fuinnimh agus bia do shláinte.<br><br>I rith 2010, bhí 176 cuideachta rannpháirteach i gcláir thaighde tionscaltreoraithe i roinnt earnálacha. Tacaíonn na cláir chomhoibríocha taighde seo le taighde meántéarmach 'le clár oibre i bpáirt’ i measc chuideachtaí nach mbeadh in ann taighde a dhéanamh leo féin.<br><br>Taighde a aistriú chuig táirgí agus seirbhísí tráchtála.<br>Tá oifigí aistrithe teicneolaíochta curtha ar bun in institiúidí ardoideachais Éireannach le cabhrú le tráchtálú taighde. I rith 2010, bunaíodh 31 mac-chuideachta, agus 93 teicneolaíocht oiriúnach do thráchtáil ceadúnaithe do chuideachtaí.<br><br>Ina theannta sin, rinne Fiontraíocht Éireann, tríd an gCiste Tráchtálaithe, faomhadh ar 49 tionscadal taighde le fócas tráchtála, le tiomantas iomlán maoinithe de €6 milliún.<br><br>Tugann clár na gComhpháirtithe Gnó lucht gnó le chéile a bhfuil na scileanna acu cuideachtaí nua a chruthú agus foirne taighde atá tar éis teicneolaíochtaí inmharthana ó thaobh tráchtála de a fhorbairt. I 2009/10, aithníodh 170 deis nua agus síníodh 40 comhpháirtíocht ghnó. |

| | Sprioc | Gníomhaíochtaí Straitéiseacha |
|---|---|---|
| | | Tacaíonn an clár Feabhais um Thaighde Feidhmeach le bunú ionad taighde feidhmeach in Institiúidí Teicneolaíochta. Go dtí seo, bhí 13 ionad taighde suite i 9 Institiúid Teicneolaíochta.<br><br>Faoi láthair tá Fiontraíocht Éireann ag tacú le 21 saoráid chothaithe campais agus le sé bhithghorlann speisialtóireachta atá ag feidhmiú in Éirinn. Ag deireadh 2010, bhí 1,065 duine fostaithe ina leithéid de shaoráidí. |
| 5. | Barrfheabhsú a dhéanamh ar rannpháirtiú na hÉireann i gcláir thaighde de chuid an AE agus i gcláir thaighde idirnáisiúnta. | **Creatchlár an Aontais Eorpaigh do Thaighde agus Forbairt**<br>Lean Oifig Tacaíochta Náisiúnta FP7, atá bunaithe i bhFiontraíocht Éireann, le cabhrú le taighdeoirí agus foirne taighde poiblí agus príobháideach le huasmhéadú a dhéanamh ar a rannpháirtícht in FP7.<br><br>Sa tréimhse ó tosaíodh ar FP7 i mí na Nollag 2006 go dtí Deireadh Fómhair 2010, ba é an ráth foriomlán a bhí ar rath na hÉireann maidir le líon na n-iarratas ná 24.04%, atá sa bhreis ar mheán na mBallstát Eorpach de 22.47%. Mar chodán den chistiú a loirgíodh, bhí rath na n-iarratas Éireannach ag 22.62% os cionn an mheáin don AE de 20.94%. (Foinse: Oifig Tacaíochta Náisiúnta FP7).<br><br>Ba é an méid iomlán maoinithe a faomhadh do rannpháirtithe Éireannacha i gCreatchlár an Aontais Eorpaigh do Thaighde, Forbairt agus Léiriú Teicneolaíochta don tréimhse 2007 go dtí 2010 ná timpeall le €291milliún (foinse: Ceathrú Turascáil Monatóireachta FP7 Choimisiún na hEorpa 2010, 4 Lúnasa 2011 + sonraí Marie Curie ó Oifig Tacaíochta Náisiúnta FP7). Is é an sprioc foriomlán atá leagtha síos d'Éirinn don tréimhse 2007-2013 ná €600m.<br><br>I mí na Samhna, chuir an Roinn réamhpháipéar faoi bhráid Choimisiún na hEorpa ar thosaíochtaí na hÉireann don Ochtú Creatchlár atá le tosú i 2014. D'ullmhaigh an Roinn agus Forfás an réamhpháipéar seo le rannpháirtíocht Ranna agus gníomhaireachtaí eile iomchuí.<br><br>**An AE & T&F Idirnáisiúnta**<br>Lean an Roinn, le cabhair ó Fhorfás agus ó ghníomhaireachtaí iomchuí, ag obair lenár gcomhpháirtithe san AE maidir le forbairt i Limistéar Taighde na hEorpa, ar a n-áirítear tionscnaimh a chur chun cinn a bhaineann le comh-chláreagrú na gclár náisiúnta taighde le haghaidh a thabhairt ar mhórdhúshláin, gairmréimeanna taighde agus soghluaisteacht, infrastruchtúir thaighde le tábhacht straitéiseach don Eoraip, |

| | Sprioc | Gníomhaíochtaí Straitéiseacha |
|---|---|---|
| | | comhordú níos fearr ar chomhoibriú le tríú tíortha agus tionscnaimh le feabhas a chur ar aistriú faisnéise. Lean an Roinn freisin le teagmháil le tíortha eile, ar a n-áirítear An Fhionlainn, An tSín, An India agus An Rúis, le tuilleadh forbartha a dhéanamh ar chomhoibriú déthaobhach T&F.<br><br>**Spásghníomhaireacht na hEorpa**<br>Is í bunaidhm bhallraíocht na hÉireann i Spásghníomhaireacht na hEorpa ná tacú le forbairt chuideachtaí Éireannacha, éascú a dhéanamh ar fhorbairt táirgí agus margaí agus fostaíocht a chruthú.<br><br>Ba é luach iomlán na gconarthaí ag Spásghníomhaireacht na hEorpa (SGE) in Éirinn i 2010 ná timpeall le €10m, le 20 cuideachta Éireannach agus 8 grúpa taighde rannpháirteach. Tacaíonn na conarthaí tionsclaíocha go príomha le nuálaíocht teicneolaíochta, forbairt táirgí agus cáilíocht don spásmhargadh tráchtála agus "mac-chuideachtaí" i margaí neamhspáis. Den 18 gcuideachta Éireannach a fuair conarthaí SGE i 2009, bhí 2 acu bainteach leis an gclár Spáis den chéad uair. Ba chuideachtaí Éireannacha nuathionscanta iad dhá cheann de na cuideachtaí seo a bhí i gceist in (i) teicneolaíocht ábhar agus (ii) cumarsáid.<br><br>Lean cuideachtaí Éireannacha le leas a bhaint as teicneolaíochtaí agus táirgí a forbraíodh le tacaíocht SGE sa mhargadh domhanda, le teacht isteach suntasach do thionscail Éireannacha. |
| 6. | Sraith nuashonraithe de reachtaíocht chothrom le data um Maoin Intleachtúil a choimeád a dhéanann cosaint ar Mhaoin Intleachtúil de réir na gcaighdeán idirnáisiúnta is airde, agus dá bhrí sin a chothaíonn infheistíocht i bhforbairt Maoine Intleachtúil (MI) agus san acmhainn giniúna fostaíochta a eascraíonn uaidh. | **Polasaí Paitinne**<br>I rith 2010, bhí dhá chomhairliúchán ag an Roinn; ar na táillí a gearradh do Dheimhniú Cosanta Forlíontach (DCF) agus Athbhreithniú ar Acht na bPaitinní 1992.<br>I mí na Nollag 2010, rinne an Rialtas faomhadh ar rannpháirtíocht na hÉireann in idirbheartaíocht maidir le Paitinn Aonadach faoi nós imeachta an AE maidir le comhoibriú feabhsaithe.<br><br>Rinne an Rialtas faomhadh ar dhréachtreachtaíocht le leasú a dhéanamh ar Acht na bPaitinní 1992 le cur ar chumas na hÉireann daingniú a dhéanamh ar Chomhaontú Londain in am trátha. Is í aidhm Chomhaontú Londain laghdú a dhéanamh ar chostas aistrithe do shealbhóirí Paitinne Eorpach.<br><br>**Oifig na bPaitinní**<br>I rith 2010, lean Oifig na bPaitinní le hathbhreithniú a dhéanamh ar a nósanna imeachta d'fhonn feabhas a chur ar |

| | Sprioc | Gníomhaíochtaí Straitéiseacha |
|---|---|---|
| | | sheirbhísí. Chuir an Oifig i bhfeidhm ríomhphostáil ar chomhfhreagras athnuachana dá custaiméirí. Mar thoradh ar seo tá feabhas ar éifeachtúlacht agus ar shábháil agus is ionann é agus an chéad cheím i bpróiséas ina dtarlóidh formhór de chomhfhreagras na hOifige go leictreonach trí r-phost.<br>Maidir leis an méadú ar fheasacht ar mhaoin intleachtúil agus fiontraíocht a chur chun cinn, rinne an Oifig iarracht nasc níos éifeachtaí a dhéanamh le polasaí níos leithne nuálaíochta agus le gníomhaíochtaí tacaíochta gnó an Rialtais. Príomhdhúshlán ba ea feasacht a ardú i measc na ngnóthas beag agus na bhfiontraí indibhidiúil ar conas an leas is fearr a bhaint as a maoin intleachtúil. I gcomhoibriú leis an Líonra Fiontar Eorpach, Fiontraíocht Éireann, agus na Boird Fiontair Contae, sheol an oifig sraith de sheimineáir lae go réigiúnach ar an téama "Tógáil Ghnó ar do smaointe". Lean an Oifig freisin lena hiarrachtaí for-rochtana dírithe ach go háirithe ar earnáil na ngnólachtaí nuathionscanta agus ar mhic léinn.<br><br>**Reachtaíocht Cóipchirt**<br>I mí na Nollag, fógraíodh athbhreithniú ar an reachtaíocht cóipchirt le scrúdú a dhéanamh ar an reachtaíocht reatha, go háirithe sa timpeallacht digiteach, d'fhonn uasmhéadú a dhéanamh ar an gcothromaíocht idir cruthaitheacht a chosaint agus cur chun cinn agus éascú a dhéanamh ar nuálaíocht.<br><br>**Trádmharcanna**<br>Déanadh na Rialacha um Thrádmharcanna (Leasú) 2010 agus na Rialacháin um Dhearaí Tionscail (Leasú) 2010 i 2010. Tá soláthar sna hIonstaraimí Reachtúla do roinnt athruithe ar an reachtaíocht, mar uasdhátú na reachtaíochta le ceadú do chomhdú leictreonach ar iarratais, méadú ar an seoladh do sheirbhís chuige sin sa Limistéir Eorpach Eacnamaíoch agus nuashonrú ar fhoirm iarratas Fhoirm 1 do thrádmharcanna agus Foirm 1 agus 1A do dhearaí.<br><br>Críochnaíodh an comhairliúchán ar athrú a fhéadfadh a bheith ann maidir le scrúdú na n-iarratas ar Thrádmharcanna ar Bhonn Coibhneasta faoi mar atá in Alt 10 d'Acht na dTrádmharcanna 1996 agus ba é toradh an chomhairliúcháin go gcoimeádfaí an status quo.<br><br>Cuireadh deireadh le próiseas comhairliúcháin agus le Measúnú ar Thionchar Rialála ar ar chóir d'Éirinn aontú le Conradh Singapore ar Dhlí na dTrádmharcanna. Déanadh cinneadh dá réir ar son aonrú leis an gconradh agus tosaíodh ag obair ar na hathruithe reachtaíochta ba ghá le ceadú d'Éire aontú le Conradh Singapore ar Dhlí na dTrádmharcanna. |

| | Sprioc | Gníomhaíochtaí Straitéiseacha |
|---|---|---|
| | | Bhí Éire rannpháirteach go gníomhach freisin maidir le seasamh an AE a fhorbairt ar an gComhaontú Trádála Frithghóchumtha a bhfuil idirbheartaíocht idirnáisiúnta ar siúl ina thaobh. |

# CRANN TACA 2: Beartais chun Fiontair a chur chun cinn i nGeilleagar Iomaíoch Ard-luacha

**Sprioc Ardleibhéil**

Cumas iomaíochta, nuálaíochta agus fiontair an náisiúin a chur ar aghaidh ar fud an gheilleagair chun tacú lena fhorás cothrom inmharthana, le deiseanna nua fostaíochta agus le gníomhaíocht láidir onnmhairíochta maidir le táirgí agus seirbhísí araon agus chun tionscnaimh a chur ar aghaidh i ndáil le geilleagar uile-oileáin.

Is é an dúshlán atá ann don gheilleagar domhanda sa 21ú haois, go háirithe geilleagar beag oscailte mar atá in Éirinn, ná a bheith ag síorathrú na timpeallachta gnó lena chinntiú gur féidir rath a bheith ar chuideachtaí ilnáisiúnta agus dúchasacha araon.

Príomh-chomhpháirt don rath is ea an leibhéal iomaíochais laistigh den gheilleagar. I rith 2010 lean Éire le buntáiste iomaíochta a fháil ar ais óna príomhiomaitheoirí trádála sna príomh-mhargaí. Tá geilleagar na hÉireann tar éis dul in oiriúint don ghéarchéim gheilleagrach, le feabhas ollmhór ar iomaíochas tarlaithe;

- Tá praghsanna do thomhaltóirí tar éis titim; sna tíortha a bhfuilimid in iomaíocht leo tá siad ag éirí i gcónaí.
- Tá tuarastail agus costais eile ceartaithe anuas.

Tá na torthaí soiléir sa bhfeabhas ar easprótáil, ar tháirgiúlacht agus le filleadh ar bharrachas i gcomhardú na n-íocaíochtaí i 2010.

Is é atá mar bhunchloch don rath seo dea-cháil na hÉireann maidir le fórsa oibre láidir, dea-oilte agus cumasach a bheith ann, agus timpeallacht rialála a thacaíonn le fiontair. Tá dea-bhonn tionsclaíoch fúinn i dtionscail atá chun tosaigh, go háirithe laistigh de Shláinte agus na hEolaíochtaí Beatha, ICT, earnálacha seirbhísí Airgeadais Idirnáisiúnta, Agraibhia agus Seirbhísí a bhíonn á dTrádáil go hIdirnáisiúnta.

Foilsíodh tuarascáil Forás “Making it Happen”, i 2010, a léirigh deiseanna nua a mbeadh Éire in ann leas a bhaint astu mar Theicneolaíochtaí Glasa, tionscail Chruthaitheacha, Seirbhísí Muirí agus Mara agus Cúraim Sláinte agus Oideachais. Leag an Tuarascáil amach freisin fócas athnuaite ar earnálacha aibí mar Thurasóireacht agus Fáilteachas, Miondíol agus Mórdhíol, Iompar agus Lóistíocht agus Tógáil.

Leanfaidh an Roinn agus a gníomhaireachtaí ag obair go dlúth leis an earnáil Infheistíocht Dhíreach Choigríche, le cur lena tábhacht straitéiseach laistigh dá máthairchuideachta agus a ngníomhaíochtaí in Éirinn a athrú chuig gníomhaíochtaí le luach níos airde. Tógfaimid na céimeanna riachtanacha freisin le cabhrú le cuideachtaí Éireannacha ionad a aimsiú i margaí nua easpórtála leis an réimse táirgí ar ardchaighdeán atá againn a thaispeáint. Soláthróidh fás láidir easpórtála fás inbhuanaithe geilleagrach agus cabhróidh sé leis na coinníollacha a chruthú as a dtiocfaidh deiseanna fostaíochta inbhuanaithe.

I ndiaidh suaitheadh eacnamaíochta 2008 agus 2009 mar ar thit easpórtáil beagán sna blianta sin, tharla téarnamh i 2010, le méadú ar easpórtálacha ag ardú 8%. Cuireann an méadú tábhachtach seo béim ar bhunsraith láidir d’fhás easpórtála, in ainneoin leochaileachta an gheilleagair dhomhanda.  Chuir Glaneaspórtálacha don bhliain go suntasach leis an OTI, ag gníomhú in aghaidh an laghdaithe ar fhás geilleagrach thosca eile mar thomhaltas, infheistíocht agus caiteachas Rialtais.

| | Sprioc | Gníomhaíochtaí Straitéiseacha |
|---|---|---|
| 1. | Feabhsuithe ar chumas iomaíochta agus ar tháirgeacht náisiúnta a luasghéarú i dtreo go leanfaidh ár ngeilleagar de bheith ar na geilleagair is mó san Eoraip a mheallann gnó. É seo a dhéanamh trí beartas a chumadh agus a chur chun cinn thar na réimsí ar fad atá faoi thionchar an Rialtais, a chuireann nuálaíocht agus táirgeacht chun cinn ag an leibhéal náisiúnta, earnála agus i ngnóthais chun go sroichfidh tagarmharcanna iomaíochta caighdeáin na ngeilleagar is láidre a bhfuilimid in iomaíocht leo, é sin, nó go sáróimid iad sin fiú amháin | Tá geilleagar na hÉireann ar cheann de na cinn is oscailte ar domhan – bhí easpórtálacha díreach os cionn 100% de OTI i 2010 i gcomparáid le 40% i limistéar an Euro.<br><br>D'ardaigh easpórtálacha 9.4% i 2010. Bhí bonn leathan faoin bhfeidhmiú easpórtála - cógaisíocht, bogearraí, seirbhísí airgeadais, seirbhísí gnó, agus na hearnálacha bia ar éirigh go maith leo ar fad. Ag teacht leis an bhfeidhmiú láidir easpórtála, bhí barrachas sa chuntas reatha sa dara leath de 2010.<br><br>Bhí feabhas leanúnach ar iomaíochas na hÉireann. Lean feabhas suntasach ar chostas aonaid oibre in Éirinn i gcomparáid le limistéir iomlán an Euro. Is é meastachán Choimisiún an AE gur tháinig laghdú 4.9% ar luach aonaid ainmniúil saothair in Éirinn i 2010 i gcomparáid le -0.5% i Limistéar an Euro.<br><br>Tá timpeallacht gnó in Éirinn a thugann an-chuid tacaíochta. De réir thuarascáil bhliantúil Bhanc Dhomhanda do 2010 *Doing Business* bhí Éire san 8ú áit as 183 tír maidir le héascaíocht gnó a dhéanamh. D'fhág sin Éire san ionad is airde i ngeilleagar limistéir an Euro dar leis an Tuarascáil.<br><br>Táirgiúlacht is ea an príomhní a shocraíonn fás fadtéarmach. D'fhás táirgiúlacht na hÉireann go láidir i 2010, mhéadaigh fíor OTI in aghaidh an fhostaí 3.9%. |
| 2. | A chinntiú go mbeidh an beartas fiontair ag freagairt i gcónaí don timpeallacht gheilleagair a bhíonn ag síor-athrú | **Polasaí Fiontraíochta**<br>Bhí fócas Fiontraíocht Éireann i 2010 ar an ngá le gluaiseacht ar aghaidh ó chothabháil a dhéanamh ar chliantchuideachtaí len iad a chur i riocht fáis de réir mar a thagann príomh-mhargaí easpórtála as an lagtrá eacnamaíochta. Ba é an cuspóir ná leanúint ag tacú le téarnamh, fás agus nuálaíocht agus tiomáint a dhéanamh ar chruthú jabanna in eacnamaíocht na hÉireann. Ar na céimeanna le leanúint le hatógáil agus athnuachan an bhoinn dúchais fiontraíochta bhí:<br>• Tosaíocht a thabhairt do na cuideachtaí sin a thuilleann an chuid is mó d'Éirinn ag soláthar easpórtálacha suntasacha agus jabanna sa ghearrthéarma.<br>• Bonn reatha na gcuideachtaí easpórtála atá ann a choimeád.<br>• Oibriú le cuideachtaí a bhfuil a bhfócas ar an mbaile ach a bhfuil acmhainn easpórtála iontu le tógáil ar a gcumas iomaíocht go háitiúil agus go hidirnáisiúnta.<br>• Oibriú le fiontair nua le todhchaí na hÉireann a dhaingniú i dteicneolaíchtaí nua agus coinbhéirseacha agus |

| | Sprioc | Gníomhaíochtaí Straitéiseacha |
|---|---|---|
| | | deiseanna a chruthú do jabanna dianfhaisnéise sa mheántéarma – m.sh. rochtain ar airgeadas, iomaíochas costais.<br><br>Ar na réimsí tosaíchta le fás a thiomáint, ar a n-áirítear fás easpórtálacha agus díolacháin idirnáisiúnta a fháil, nuálaíocht a chur chun cinn, iomaíochas a thógáil, fiontraíocht a chothú agus tacú le cuideachtaí nuathionscanta, agus ceannairí a fhorbairt. I rith 2010, thug Fiontraíocht Éireann tosaíocht do mhaoiniú tionscadal fáis agus méadaithe agus rinne teagmháil réamhghníomhach le cliaint le cabhrú leo ullmhú d'fhás, díolacháin nua a bhaint amach, jabanna a choimeád agus a chruthú, rochtain a fháil ar fhoinsí airgid agus feabhas a chur ar iomaíochas trí nuálaíocht táirge agus próisis agus costais a laghdú.<br><br>**Ciste Nuálaíochta**<br>Tá nuálaíocht i dtáirgiúlacht agus úsáid smaointe, i dteicneolaíocht agus próisis, i ngach réimse gníomhaíochta eacnamaíochta riachtanach mar go dtiomáineann sé fás táirgiúlachta agus fás eacnamaíochta dá réir. I mí Iúil 2010 seoladh an Ciste Nuálaíochta. Tríd an tionscnamh seo chuir an Rialtas €125 milliún ar fáil d'Fhiontraíocht Éireann le hinfheistíocht a dhéanamh i gcistí caipitil fiontair idirnáisiúnta a raibh ionad in Éirinn acu agus a dhéanann infheistiú, ar an méid céanna ar a laghad i gcuideachtaí Éireannacha nó i gcuideachtaí a bhfuil láthair suntasach in Éirinn acu. Cuireadh €125 milliún breise ar fáil as an gCúlchiste Náisiúnta Pinsean (CCNP) don tionscnamh seo. Mar thoradh ar seo rinne an CCNP trí infheistíocht.<br><br>Is é ról na mBord Fiontar Contae (BFCanna) tacaíocht a sholáthar don earnáil mhicri-fhiontraíochta sna céimeanna tosaithe agus méadaithe, chun acmhainn an mhicri-fhiontair dhúchais a chur chun cinn agus a fhorbairt agus chun gníomhaíocht eacnamaíochta agus fiontraíochta a spreagadh ar an leibhéal áitiúil. I ndiaidh mion-athbhreithniú ar réimse na dtacaíochtaí airgeadais a bhí ar fail ó na BFCanna don earnáil i 2009, tugadh réimse nua tacaíochtaí airgeadais agus micri-fhiontair (ag clúdach reímse níos leithne de na costais a bhaineann le gnó) i bhfeidhm i 2010. |

| | Sprioc | Gníomhaíochtaí Straitéiseacha |
|---|---|---|
| 3. | Ag obair as láimh a chéile le Ranna eile agus le luchtannna leasa eile chun a chinntiú go gcoinníonn Éire beartais fhioscacha láidre agus beartais a thacaíonn le cáin íseal chorparáide agus pearsanta chun dreasachtaí a thabhairt d'fhiontar agus d'fhonn fostaíocht a chur chun cinn. | Lean an Roinn ag obair go comhoibríoch leis an Roinn Airgeadais agus le páirtithe leasmhara eile d'fhonn a chinntiú go bhfanfadh Éire mar láthair tharraingteach fhorbartha le Fiontair Éireannacha dúchasacha a fhorbairt agus le hInfheistíocht Isteach a mhealladh, a choimeád agus a fhorbairt.<br><br>I gCáinaisnéis mhí na Nollag 2010:<br><br>• Athdheimhniú ar thiomantas na hÉireann an ráta cánach corparáide 12.5% a choimeád agus cuireadh béim ar an tábhacht a bhí leis d'fhás an gheilleagair sa todhchaí.<br>• Cuireadh síneadh le Díolúine na gCuideachtaí Nuathionscanta, a tugadh isteach ar dús d'fhíorchuideachtaí nuathionscanta i rith 2009 (trí chuideachta), go dtí 2011 le fiontraíocht agus gníomhaíocht gheilleagrach a spreagadh.<br>• Fógraíodh Dreasacht nua Fostaíochta agus Infheistíochta (faoi réir imréitigh Chabhrach Stáit an AE) le tacú le soláthar luathchaipitil forbartha agus le haghaidh a thabhairt ar dheacrachtaí airgeadais do réamhchéimeanna agus céimeanna tosaigh chuideachtaí nua. |
| 4. | A chinntiú go gcuirfidh beartas comhshaoil dúshláin maidir le hiomaíochas san áireamh agus go gcuirfidh beartas fiontair níos mó béim ar "eicea-nuálaíocht" agus go gcabhróidh sé le gnothais Éireannacha leas a bhaint as an líon méadaitheach deiseanna atá ag teacht as earnáil idirnáisiúnta na dtáirgí agus seirbhísí comhshaoil atá ag leathnú go tapa. | Chuir an Roinn le forbairt pholasaithe náisiúnta, AE agus idirnáisiúnta maidir le hathrú aeráide, á chinntiú gur tugadh aghaidh i gceart ar cheisteanna iomaíochais. Ba í an Roinn a bhí chun tosaigh maidir le rialacha tagarmharcála a shocrú faoi Scéim an AE maidir le Trádáil Astaíochtaí, á chinntiú go raibh leasa iomaíochais phríomhthionscail na hÉireann le feiceáil sna rialacha nua.<br><br>Bhí an Roinn freagrach freisin as a chinntiú go mbeadh dréachtchéimeanna forfheidhmithe ag éirí as an gCreat-Treoir éicidheartha do tháirgí a úsáideann fuinneamh ag teacht le riachtanais na dtionscal Éireannacha.<br><br>Leanadh le dul chun cinn i 2010 ar fhorfheidhmiú mholtaí thuarascáil 2009 an Ghrúpa Gníomhaíochta Ardleibhéal ar Fhiontar Glas. |
| 5. | Tacú le fiontair chun a n-acmhainneacht chun fáis a bhaint amach | **Ciste Dulta Domhanda**<br>Tá a réimse á leathnú ag Fiontraíocht Éireann le cuideachtaí a bhfuil acmhainn easpórtála iontu nach bhfuil tar éis díriú ar mhargaí idirnáisiúnta fós, agus oibriú leo. I 2010, faomhadh 91 iarratas ar an gciste Dulta Domhanda, ar luach €1.2 milliún, le cabhrú le cuideachtaí féachaint ar dheiseanna le gnó idirnáisiúnta a dhéanamh mar bhealach le fás.<br><br>**Síolchaipiteal & Caipiteal Fiontair** |

| | Sprioc | Gníomhaíochtaí Straitéiseacha |
|---|---|---|
| | | Tá sé mar phríomhchuspóir den pholasaí náisiúnta a chinntiú go mbíonn éiceachóras infheistíochta den scoth ag Éire le freastal ar riachtanais fhiontraithe Éireannacha agus cuideachtaí atá ag fás. I 2010, déanadh dul chun cinn suntasach maidir le méadú ar an gcistiú a bhí ar fáil do chuideachtaí nua in Éirinn. Chuir Fiontraíocht Éireann ceithre chiste nua ar bun i gcomhar le Banc na hÉireann, Banc Aontas Éireann, Fondúireacht Ollscoil Luimnigh, agus Fondúireacht ONEG le síolchaipiteal riachtanach a sholáthar do chuideachtaí nuathionscanta le hardacmhainn. Ó 2007, tá 11 ciste síolchaipitil agus caipitil fiontair curtha ar bun le cistí infheistíochta faoi bhainistíocht €645 milliún.<br><br>**Clár Leadership4Growth**<br>Tá an Clár Leadership4Growth dírithe go sonrach ar POFanna chuideachtaí a bhfuil an uaillmhian agus an acmhainn acu scála suntasach a bhaint amach ina margaí tofa. I rith na bliana, bhí 56 príomhoifigeach feidhmiúcháin rannpháirteach i ndá chlár Leadership4Growth – ceann do chliaint san earnáil tógála inbhuanaithe timpeallachta agus ceann do chliaint sna hearnálacha innealtóireachta, leighis agus teicneolaíochta seirbhíse. Ina theannta sin, seoladh an clár Ceannaireachta Straitéiseach do Phríomhoifigigh Airgeadais i mí Dheireadh Fómhair. Cabhraíonn na cláir den scoth seo le cuideachtaí atá rannpháirteach scála suntasach idirnáisiúnta a bhaint amach trí fheabhas a chur ar chumas ceannaireachta agus straitéise na foirne sinsir.<br><br>**Boird Fhiontair Contae agus Cathrach**<br>Is é ról na mBord Fiontar Contae agus Cathrach (BFCanna) tacaíocht a sholáthar don earnáil mhicri-fhiontraíochta sna céimeanna tosaithe agus méadaithe, chun acmhainn an mhicri-fhiontair dhúchais a chur chun cinn agus a fhorbairt agus chun gníomhaíocht eacnamaíochta agus fiontraíochta a spreagadh ar an leibhéal áitiúil. I rith 2010, rinne an Roinn áisiú ar sheachadadh réimse tacaíochtaí don earnáil mhicri-fhiontraíochta trí sholáthar a dhéanamh ar os cionn €18m milliún don ghréasán BFC d'fhorbairt mhicri-fhiontar ar fud na Tíre. I 2010, sholáthair na BFCanna cúnamh díreach airgeadais i bhfoirm Deontais Fhéidearthachta/Nuálaíochta, Deontais Phríméala agus Deontais Forbartha/Méadaithe Gnó, agus trí réimse tacaíochtaí neamhairgeadais i bhfoirm chomhairle gnó, eolas ar ghnó, meantóireacht agus oiliúint ar chumas bainistíochta agus cláir fhorbartha san earnáil micri-fhiontraíochta.<br><br>**An tÚdarás um Chaighdeáin Náisiúnta na hÉireann** |

| | Sprioc | Gníomhaíochtaí Straitéiseacha |
|---|---|---|
| | | **(ÚCNÉ)**<br>Tá clár curtha le chéile ag an ÚCNÉ le rochtain léitheoireachta amháin a sholáthar in aisce ar chaighdeáin Eorpacha agus Idirnáisiúnta ar glacadh leo in Éirinn. Mar chuid den chlár seo, tá sé beartaithe ag ÚCNÉ ionaid nua faisnéise a oscailt sna blianta atá le teacht. Ghlac an ÚCNÉ freisin le caighdeáin 1480 an AE i gciaghdeáin na hÉireann i 2010.<br><br>Lean an Roinn agus an ÚCNÉ le tacaíocht a thabhairt do rannpháirtíocht rannpháirtithe gníomhacha sna saingrúpaí ar chaighdeáin idirnáisiúnta (timpeall 155 i 2010). Mar bhall de mhórchomhlachtaí déanta caighdeán Eorpach agus idirnáisiúnta, soláthraíonn ÚCNÉ rochtain do chuideachtaí Éireannacha ar na grúpaí seo, ag ceadú dóibh cur go díreach le forbairt na gcaighdeán, agus cúnamh teicniúil a sholáthar freisin nuair is gá. |
| 6. | Leanúint de bheith ag mealladh tograí infheistíochta dhírí coigríche ardcháilíochta go hÉirinn agus seasamh níos láidre a thabhairt do chuideachtaí infheistíochta dírí coigríche atá ann cheana féin i ngeilleagar na hÉireann | Agus a straitéis 'Horizon 2010' á sheoladh i 2010 leag GFT Éireann spriocanna sonracha síos maidir le jabanna a chruthú don tréimhse 2010 go dtí 2014 mar a leanas:<br><br>• 105,000 jab nua (63,000 i gcuideachtaí le tacaíocht an GFT agus 42,000 eile indíreach).<br>• 640 Infheistíocht.<br>• 50% d'infheistíochtaí suite lasmuigh de Bhaile Átha Cliath agus Corcaigh.<br>• 20% d'infheistíochtaí úrnua ag teacht as margaí atá ag teacht chun cinn faoi 2014.<br>• Caiteachas bliantúil cliaint de €1.7bn in R, D&I faoi 2014.<br><br>Díríonn an Straitéis ar infheistíochtaí nua a bhaint amach, go háirithe sna hearnálacha seo a leanas:<br><br>• Eolaíochtaí Beatha<br>• Cógaisíocht agus Bithchógaisíocht<br>• Feistí Leighis<br>• Teicneolaíocht Faisnéise & Cumarsáide<br>• Seirbhísí Airgeadais<br>• Tionscal Inneachair, Seirbhísí Tomhaltóra agus Gnó<br>• Tionscail Éagsúlaithe agus Innealtóireacht<br>• Teicneolaíochtaí Glana.<br><br>Déanadh dul chun cinn an-mhaith maidir le forfheidhmiú Horizon 2020 i 2010; ar bhuaicphointí Infheistíochta bhí:<br><br>• Curthaíodh beagnach 11,000 jab nua. |

| | Sprioc | Gníomhaíochtaí Straitéiseacha |
|---|---|---|
| | | • Fuarthas 126 infheistíocht ar fad.<br>• 62% den infheistíocht ó chuideachtaí atá ann.<br>• Rinne 47 cuideachta infheistíocht in Éirinn den chéad uair, suas 20% ar 2009, ar a n-áirítear: D&B, Telefonica, Warner Chilcott, LinkedIn, EA, Riot Games, Webroot, FC Stone, Spencer Stuart, Fi-Tek, Genband, Synchronoss, Aspect, Streamserve, Zenimax, Marketo, Zynga, Delcath and Gilt.<br>• I 2010 bhain GFT Éireann 37 tionscnamh ar ardluach Taighhde, Forbairt agus Nuálaíocht (TF&N) amach d'Éirinn le os cionn €500 milliún d'infheistíocht nua TF&N,<br>• 37% d'infheistíochtaí suite lasmuigh de Mhórcheantar Bhaile Átha Cliath agus Chorcí, le 45% de jabanna suite lasmuigh de Mhórcheantar Bhaile Átha Cliath agus Chorcaí.<br><br>Tá Forbairt na Sionainne freagrach as Infheistíocht Dhíreach Choigríche i Limistéar Neamhchustaim na Sionainne agus déanann sí comhlánú ar obair an GFT agus Fhiontraíocht Éireann trí sholáthar a dhéanamh ar réitigh maoine ar fud réigiúin an Mheániarthair. Ar na príomhfhorbairtí i rith 2010 bhí:<br><br>• Infheistíocht os cionn €8.5m le tacú le Cuideachtaí Limistéir Neamhchustaim na Sionainne;<br>• Tháinig méadú 16% ar chaiteachas T&F na gCuideachtaí i Limistéar Neamhchustaim na Sionainne ón mbliain roimhe sin go dtí €56.4m;<br>• Déanadh dul chun cinn suntasach ar mhargaíocht sa Limistéar le lucht infheistíochta a fhéadfadh teacht ón iasacht i rith 2010, rud a spreag tionscadail nua agus jabanna do 2011. I rith 2010 d'éirigh le Forbairt na Sionainne tar éis 21 cúrsa taistil a fháil ó chliaint nua ionchasacha do Limistéar Neamhchustaim na Sionainne, ar cruthaíodh 11 acu i gcomhpháirtíocht le GFT Éireann. |
| 7. | Forbairt cultúr fiontraíochta láidir a chothú chun go n-aithneofar Éire de bharr cáilíocht nuálach a cuid fiontraithe mar thimpeallacht den scoth ina bhféadfar tús a chur le gnó agus é a chur chun cinn. | **Rochtain ar Chreidmheas**<br>Lean rochtain ar chreidmheas le bheith mar phríomhcheist do Ghnóthais Bheaga agus Mheánmhéide i rith 2010. D'oibrigh an Roinn trí choimirce an Ghrúpa Imréitigh maidir le Soláthar Creidmheasa, (GISC) le comhlachtaí ionadaíochta tionscail, leis an Roinn Airgeadais agus le Ranna eile Rialtais agus le Gníomhaireachtaí Stáit, ar a n-áirítear an Oifig Athbhreithnithe Creidmheasa agus an earnáil baincéireachta.<br><br>Toradh ar shaothar an Ghrúpa Imréitigh maidir le Soláthar |

| | Sprioc | Gníomhaíochtaí Straitéiseacha |
|---|---|---|
| | | Ceidmheasa ná foilsiú na Treorach "Do Ghnó – Do Bhanc". Tugtar imlíne sa Treoir ar roghanna éagsúla maoinithe do ghnólachtaí, tugtar léargas ar a bhfuil á lorg ag bainc agus scrúdú á dhéanamh acu ar iarratais ar chreidmheas, tugtar eolas ar phraghsáil chreidmheasa, agus tugtar eolas phraiticiúil ar conas iarratais ar chreidmheas a chur le chéile. Tá cóip den Treoir le fáil ag an nasc idirlín seo a leanas:<br><br>http://www.djei.ie/publications/enterprise/2010/YourBusinessYourBank.pdf<br><br>Tionóladh an dara ceann d'ocht gcruinniú réigiúnach ar thaithí ghnóthais bheaga maidir le hiasachtaí bainc a fháil agus tionóladh iad freisin le teacht le hobair an GISC.<br><br>I rith 2010, lean Ranna an Rialtais láir le soláthróirí a íoc laistigh de 15 lá le cabhrú le sreabhadh airgid na SMEanna. Maidir le DETI, déanadh 6,993 íocaíocht ar fad i rith 2010, ar luach díreach os cionn €138m. I dtéarmaí uimhreacha agus luach, b'ionann na híocaíochtaí seo agus 84% agus 98%, faoi seach, de gach íocaíocht a déanadh.<br><br>**Gnólachtaí Nua-Thionscanta Ardacmhainne**<br>Tá gluaiseacht fhiontar nuálach nuathionscanta le hardacmhainn sa gheilleagar riachtanach d'fhás sa todhchaí agus do chruthú jabanna. I 2010, thug Fiontraíocht Éireann tacaíocht do 80 cuideachta dá leithéid thar réimse earnálacha dianfhaisnéise mar eolaíochtaí beatha, bith-theicneolaíocht, feistí leighis agus teileachumarsáid, le roinnt sainréimsí, mar chomhlíonadh agus bainistíocht riosca.<br><br>**Boird Fhiontair Contae agus Cathrach**<br>In éineacht le tacaíocht dhíreach deontais agus réimse seirbhísí comhairle gnó, monatóireachta agus oiliúna a thabhairt, lean na Boird Fhiontair Contae agus Cathrach (BFCanna) le cultúr fiontraíochta a chur chun cinn go ngíomhach tríd a scéim Dámhachtainí Náisiúnta Fiontar agus, go háirithe laistigh den earnáil oideachais, tríd an Scéim Dámhachtainí Náisiúnta Fiontar Mac Léinn. Ina theannta sin, dhírigh siad ar fhiontraíocht ban a chur chun cinn trína líonraí de Mhná i nGnó agus trín chomhordú ar Lá Náisiúnta Fiontraíochta na mBan i Samhain 2010. |
| 8. | A chinntiú bhfásfaidh an eacnamaíocht go cothrom ar fud réigiúin na hÉireann. | Bhunaigh an Roinn roinnt struchtúr le cabhrú leis an gcuspóir seo a bhaint amach.<br><br>Cuireann Fiontraíocht Éireann (FÉ) go mór le forbairt chothrom réigiúnach tríd a cláir agus a láthair. |

| | Sprioc | Gníomhaíochtaí Straitéiseacha |
|---|---|---|
| | | Tá Fiontraíocht Éireann i láthair ag deich láthair ar fud na tíre agus is cruthú eile é bunú a gCeannáras Réigiúnach ag An Pháirc Thiar sa tSionainn ar an tábhacht a leagann an ghníomhaireacht ar fhorbairt chothrom réigiúnach.<br><br>Tá 70% d'fhostaíocht chliaint FÉ suite lasmuigh de Bhaile Átha Cliath. Soláthraíonn an Scéim um Ionad Fiontar Pobail spás gnó i dtimpeallacht thacúil d'fhiontraithe atá ag teacht chun cinn agus cuireann sé go feiceálach le forbairt réigiúnach.<br><br>I 2010, bhí timpeall le leath na HPSUs le tacaíocht ó FÉ ó lasmuigh de Bhaile Átha Cliath agus bhain 60% d'fhaomhadh airgeadais Fiontraíocht Éireann i 2010 le cuideachtaí lasmuigh de Bhaile Átha Cliath. Chaith cliantchuideachtaí FÉ timpeall le €20 in aghaidh na bliana freisin laistigh de gach réigiún.<br><br>Tacaíonn soláthar Ghréasáin an CEB do mhicreathionscadail ar fud na tire le forbairt chothrom réigiúnach de réir mar a dhíríonn a n-idirghabháil ar chabhrú le gnólachtaí ina bpobal féin. |

| | Sprioc | Gníomhaíochtaí Straitéiseacha |
|---|---|---|
| 9. | Athbhreithniú a dhéanamh, de réir mar is gá, ar an Ráiteas Náisiúnta ar Bheartas Trádála i bhfianaise forbairtí domhanda agus réigiúnacha. | Ó seoladh an Ráiteas Polasaí um Thrádáil Náisiúnta i 2005, tá athruithe móra tar éis teacht ar gheilleagar an domhain, a raibh tionchar acu ar gach gné de ghnó na hÉireann.<br><br>Agus Geilleagar Cliste na hÉireann á thógáil, bhí an Rialtas tiomanta Plean Gníomhaíochta a fhorbairt le feabhas a chur ar naisc thrádáil, thurasóireachta agus infheistíochta le margaí nua agus cinn atá ag forbairt go mear. Mar fhreagra ar seo, rinne an Roinn seo, le cúnamh ó Ranna agus ó Ghníomhaireachtaí eile, forbairt ar Straitéis agus Plean Gníomhaíochta do Thrádáil, Turasóireacht agus Nuálaíocht. Sheol an Taoiseach é seo i Meán Fómhair 2010.<br><br>Is é *Trádáil agus Infheistíocht i nGeilleagar Cliste*, an chéad Straitéis le comhtháthú a dhéanamh ar chur chun cinn na dtrí chuspóir riachtanach trádála agus infheistíochta – trádáil thar lear, turasóireacht agus infheistíocht. Is treoirphlean praiticiúil agus straitéiseach le fócas é a thógann ar, agus níos tábhachtaí fós, a dhéanann comhtháthú ar gach obair leanúnach atá ábhartha do chomhlachtaí Stáit maidir leis na straitéisí trádála, infheistíochta agus turasóireachta atá ann. In éineacht leis na margaí nua agus na cinn atá ag teacht chun cinn, mar Stáit na Murascaille, an Bhrasaíl, an Rúis, agus príomheacnamaíochtaí na hÁise, díreann an Straitéis freisin ar ár bpríomh-mhargaí trádála, infheistíochta agus turasóireachta, is iad sin an RA, Limistéar an Euro agus SAM. Tá acmhainn i bhfeidhmiú rathúil na Straitéise agus an Phlean Gníomhaíochta faoi 2015 le:<br><br>• 150,000 jab nua a chruthú le méid den chineál céanna jabanna indíreacha;<br>• méadú 33% ar luach easpórtála na gcuideachtaí dúchais;<br>• méadú 8 milliún ar líon na dturasóirí ó thíortha eile, agus<br>• 780 tionscadal breise infheistíochta isteach a fháil trí GFT Éireann.<br><br>Déanadh soláthar sa Straitéis le Comhairle Trádála Iasachta (CTI) a chur ar bun le monatóireacht agus le tiomáint a dhéanamh ar fhorfheidhmiú. Bunaíodh an Chomhairle faoi Chathaoirleacht an Aire Trádála agus Tráchtála agus bhí an chéad chruinniú ag an gComhairle ar an 27ú Deireadh Fómhair 2010. |
| 10. | Na tairbhí is fearr a bhaint amach do leasa na hÉireann i gcórais trádála an AE agus na hEagraíochta Domhanda Trádála. | In ainneoin tacaíochta agus tiomantais láidir ó bhaill ETD, ar an n-áirítear an AE, níor déanadh aon dul chun cinn maidir le bailchríoch a chur ar chéimeanna léirscaoilte trádála Doha. Tá Éire sa riocht le leas a bhaint as toradh cothrom agus cuimsitheach DDA toisc na leasa a thabharfadh sé d'easpórtáil |

| | Sprioc | Gníomhaíochtaí Straitéiseacha |
|---|---|---|
| | | trí bhacanna trádála a ísliú thar gach ceann de 153 ball ETD. Is margaí tábhachtach atá ag fás go tapaidh iad mórán acu seo don earnáil easpórtála.<br>Agus fócas láidir á choimeád ar an gclár oibre seo osclaíodh bealaí nua maidir le rochtain ar mhargadh a chur chun cinn do lucht easpórtála ar bhonn déthaobhach. Áiríodh anseo gluaiseacht ar aghaidh le cainteanna ar chomhaontuithe cuimsitheacha saorthrádála idir an AE agus Ceanada, an India, Singapór, agus tús idirbheartaíochta leis an Mhalaeisia agus an Indinéis. Rinne mórán acu seo dul chun tábhachtach ag oscailt na slí do chuid acu le bailchríocht substaintiúil a bheith leo i 2011.<br><br>Baineadh móréacht amach i nDeireadh Fómahir le síniú Chomhaontú Trádála an AE-Poblacht na Cóiré.  Tá tús le cur leis seo i mí Iúil 2011 agus tabharfaidh sé deiseanna nua margaidh do lucht easpórtála earraí agus seirbhísí chuig ceann d'eacnamaíochtaí móra agus beoga na hÁise.<br><br>Leanadh ag cur leis na Comhaontuithe Saorthrádála déthaobhacha le comhpháirtithe tábhachtacha trádála i mí Bealtaine le hathsheoladh foirmeálta ag Cruinniú Mullaigh an AE-Meiriceá Theas, ar idirbheartaíocht maidir le dlúthchaidreamh a chothú le réigiún Mercosur de Mheiriceá Theas.  Áirítear an Bhrasaíl anseo (cuid amháin d'eacnamaíochtaí BRIC a luaitear go minic), chomh maith leis an Airgintín, Uragua agus Paragua. D'fhogair an Cruinniú Mollaig freisin clabhsúr rathúil ar chainteanna trádála leis na heacnamaíochtaí Aindéacha, an Cholóim agus Peiriú.<br><br>Tháinig dea-riocht ar ionchas trádála le ceann eile de mhóreacnamaíochtaí na hÁise – an tSeapáin – i mbliana nuair a fógraíodh i mí Bealtaine go dtosódh cainteanna ar scóip agus leibhéal a shocrú do Chomhaontú Saorthrádála cuimsitheach.<br><br>I mí na Samhna sheol an AE a straitéis nua trádála "Trádáil, Fás agus Cúrsaí Domhanda". Ag úsáid polasaithe leathana trádála le fás eacnamaíochta, cruthú jabanna agus luach níos fearr do chustaiméirí a thiomáint, ag teacht lenár gcuspóirí féin atá leagtha amach sa straitéis Trádála, Turasóireachta agus Infheistíochta. Áirítear freisin i gcur chuige nua trádála agus infheistíochta an AE neartú an chláir oibre do chomhoibriú níos fearr le comhpháirtithe straitéiseacha an AE, ar eacnamaíochtaí BRIC mórán acu. Arís daingníonn seo cuspóirí straitéiseacha trádála agus infheistíochta na Roinne féin cur le heaspórtáil, infheistíocht agus fostaíocht. |

| | Sprioc | Gníomhaíochtaí Straitéiseacha |
|---|---|---|
| 11. | Cabhrú le honnmhaireoirí Éireannacha an oiread earraí agus is féidir a onnmhairiú | Bhí Airí na Roinne i mbun 12 Misean Trádála i gcaitheamh 2010. Eagraíodh iad seo i gcomhar le Fiontraíocht Éireann agus ina theannta sin d'áirigh roinnt tíortha Eorpacha misin ar SAM, An Rúis, An Tuirc, An Astraíl, An Araib Shádach, UAE agus An Bhrasaíl.<br>Rinne na Misin Thrádála seo éascú do chuideachtaí Éireannacha maidir le tús a chur nó forbairt a dhéanamh ar ghaolmhaireachtaí le páirtithe atá ann nó a fhéadfadh a bheith ann i spriocmhargaí éagsúla. Léiríonn réimse na margaí a roghnaíodh an gá atá le tacaíocht a sholáthar i margaí tábhachtacha seanbhunaithe, agus le cabhair a thabhairt do chuideachtaí tuilleadh forbartha a dhéanamh ar a n-acmhainn easpórtála agus éagsúlú trí rochtain a fháil ar mhargaí atá ag teacht chun cinn.<br><br>Soláthraíodh díolacháin nua easpórtála, ag cliaint Fiontraíocht Éireann, de €1.95 billiún i 2010 amháin, an sochar bliantúil easpórtála ba mhó ar thaifead ag cuideachtaí Éireannacha. Bhí méadú ar dhíolacháin easpórtála le tuairisciú ag gach príomhearnáil i 2010 ar a raibh, bia, eolaíochtaí beatha, teicneolaíocht ghlan, leictreonaic, innealtóireacht, tógáil agus adhmad, seirbhísí oideachais agus bogearraí.<br><br>I gcaitheamh na bliana, bhain cliaint le hionchur ó Fiontraíocht Éireann 628 conradh suntasach díolacháin amach agus thug Fiontraíocht Éireann tacaíocht freisin do chuideachtaí nuathionscanta le 82 díolachán céad tagartha a fháil i margaí thar lear.<br><br>Díríonn foirean ar leith Limistéar an Euro i bhFiontraíocht Éireann go réamhghníomhach ar dheiseanna do chliaint sna hearnálacha ginnte cumhachta, éifeachtúlachta fuinnimh agus cógaisíochta (PEEP).<br><br>Bronnadh conarthaí sa RA a bhaineann le Cluichí Oilimpeacha 2012 le luach os cionn €200 ar chliantchuideachtaí.<br><br>Téann foireann soláthair poiblí Fiontraíocht Éireann go bríomhar i mbun chonarthaí ionchasacha poiblí idirnáisiúnta a fháil do ghnólachtaí Éireannacha agus síníodh 99 conradh soláthair poiblí thar lear le hionchur ó Fhiontraíocht Éireann i 2010.<br><br>Soláthraíonn Fiontraíocht Éireann roinnt sprioc-chlár forbartha gear le cabhrú le cliantchuideachtaí na scileanna riachtanacha a fhorbairt le díolacháin a mhéadú agus dul |

| | Sprioc | Gníomhaíochtaí Straitéiseacha |
|---|---|---|
| | | isteach i margaí nua. I 2010, ghlac 594 rannpháirtí páirt sna cúrsaí seo, ar a raibh First Flight UK, First Flight China, First Flight North America, agus ag Excel ceardlanna Díolacháin Easportála. Áiríodh anseo 78 díoltóir sinsearach a bhí rannpháirteach sa Chlár Díolacháin Idirnáisiúnta a chabhraigh le cuideachtaí easportála straitéisí mean agus fadtéarma díolacháin idirnáisiúnta a fhorbairt. |
| 12. | Níos mó rannpháirtíocht ó thaobh trádála de a thabhairt d'Éirinn i margaí éiritheacha | I 2010, bhí an Roinn rannpháirteach i gceithre Chomhchoimisiún Eacnamaíochta (JECanna). Tionóladh dhá cheann acu seo, leis an Araib Shádach agus leis an Libia i mBaile Átha Cliath agus tionóladh an dá cheann eile sa tSín agus i bPoblacht na Cóiré. Is fóraim fhoirmeálta Déthaobhacha Idir-Rialtasacha iad na CCEanna seo a cuireadh ar bun chun déileáil le forbairt trádála. Ar an bplé a déanadh ag ana CCEanna bhí tuilleadh forbartha a dhéanamh ar chomhoibriú eacnamaíochta agus gnó, ar a raibh comhoibriú eolaíochtúil agus teicneolaíochta agus mórán ceisteanna leasa choitinn eile i réimsí leathana trádála, oideachais agus infheistíochta.<br><br>Ina theannta sin déanann an Roinn riaradh ar Chiste CCE, a chuireann tionscnaimh thrádála chun cinn le tíortha a bhfuil Comhchoimisiúin Eacnamaíochta ag Éirinn leo. Soláthraíonn an ciste síolchaipiteal do thionscadail nuálaíochta idir chomhpháirtithe comhoibríocha i dtíortha an CCE ag leibhéal oifigiúil, acadúil agus taighde.<br><br>I 2010 déanadh maoiniú ar roinnt tionscadal ar a raibh: taighde margaidh do SMEanna Éireannacha ag dul isteach i margadh na Rúise; comhoibriú taighde agus forbairt idir institiúidí in Éirinn agus sa Rúis; maoiniú ar roinnt tionscnamh le trád a fhorbairt leis an tSín agus eolas ar an margadh a sholáthar do chuideachtaí tógála Éireannacha ar mhian leo gnó a dhéanamh i Stáit na Murascaille.<br><br>I margaí atá ag teacht chun cinn tá Fiontraíocht Éireann tar éis roinnt earnálacha agus fo-earnálacha a aithint agus díriú orthu i ngach margadh a thugann deiseanna soiléire. Leanann sé ag oibriú lena cliaint a bhfuil saineolas agus taithí acu le díolacháin ionchasacha a bhaint amach agus easpórtálacha a fhás i ngach margadh.<br><br>In éineacht leis an seirbhís a sholáthraíonn sainchomhairleoirí Margaidh FÉ do chliaint i ngach margadh le fás easpórtálacha a thiomáint, tá foireann Margaí Ardfháis (MAF) bunaithe ag FÉ i mBaile Átha Cliath ag tabhairt síneadh ar láthair do gach margadh in Éirinn agus ag soláthar an chéad phointe |

| | Sprioc | Gníomhaíochtaí Straitéiseacha |
|---|---|---|
| | | teagmhála áitiúil do chliantchuideachtaí le teacht thar chuid de na dúshláin maidir le caidreamh duine le duine agus difríochtaí ama.<br><br>Le cabhrú le cliaint san aistriú ó chothabháil a ngnó idirnáisiúnta go dtí ullmhú chun fáis de réir mar a thagann feabhas ar chúinsí eacnamaíochta, seoladh an Clár Nua Taighde Margaidh i 2010 le cabhrú le cliaint margaí agus deiseanna nua a aithint agus a fhorbairt agus, faoi dheireadh na bliana, bhí 33 taighdeoir margaidh in-chuideachta ann. |
| 13. | Cabhrú chun Margadh Inmheánach de chuid an AE atá lánfheidhmiúil a chruthú. Is iad cuid de na bearta a ghlacfar chuige seo ná margadh aonair ó thaobh Seirbhísí de a fhorbairt, sásanna le haghaidh comhar riaracháin idir Ballstáit a chur ar bun agus Treoracha AE a thrasuíomh go tráthúil. | Déanadh an Treoir maidir le seirbhísí sa mhargadh inmheánach (2006/123/EC) a thrasuí i Samhain 2010 faoi Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Soláthar Seirbhísí) 2010 (I.R. Uimh. 533 de 2010). Tá an Pointe Náisiúnta Aon-Teagmhála (NSPC), bunaithe mar phointe teagmhála amháin d'Éirinn faoi mar a éilíonn an Treoir maidir le Seirbhísí. Déanadh beo an NSPC i mí Eanáir 2010 agus soláthraíonn sé eolas ar os cionn 80 seirbhís chomh maith le heolas ginearálta a bhaineann le soláthar seirbhísí in Éirinn. Tá forbairt á dhéanamh ar an NSPC ar bhonn leanúnach.<br><br>Faoi mheicníochtaí neamhfhoirmeálta riaracháin an AE, cruthaíodh grásán neamhfhoirmeálta le fadhbanna a réiteach, SOLVIT, i 2012 le fadhbanna trasteroann a réiteach do shaoránaigh nó gnólachtaí AE le riarachán poiblí na mBallstát eile. Caithfeadh go mbainfeadh na fadhbanna le sárú Dlí an AE. I 2010, rinne Ionad SOLVIT na hÉireann déileáil le 124 cás trí bhunachar sonraí ar líne Choimisiún na hEorpa. Díobh seo, chuir Ionad SOLVIT na hÉireann tús le 12 acu agus Ionaid eile SOLVIT ar fud an AE agus an EEA a chuir tús le 112 acu. Rinne Ionad SOLVIT na hÉireann déileáil freisin le 122 ceist bhreise a d'ardaigh saoránaigh agus gnólachtaí i rith 2010, nach bhféadfaí déileáil leo ar chúiseanna éagsúla tríd an mbunachar sonraí ar líne. Nuiar a bhí gearáin lasmuigh de shainchúram SOLVIT déanadh iad a thagairt do ghréasáin eile le cúnamh a fháil.<br><br>Ina theannta sin, nascann an Córas Faisnéise Inmheánach an Mhargaidh (IMI) na húdaráis inniúla i riaracháin náisiúnta (m.sh. comhlachtaí a rialaíonn na gairmeacha) atá páirteach i mbainistíú/forfheidhmiú saorghluaisteachta sa Mhargadh Aonair. Tá sé ar intinn IMI a leathnú chuig roinnt Treoracha AE sna blianta atá le teacht. Táthar ag leanúint leis an bpróiseas clárúcháin agus forbartha breise an IMI in Éirinn.<br><br>Rinne an Roinn deich dTreoir a thrasuí go rathúil isteach sa dlí intíre i gcaitheamh 2010. Bhain Éire amach rátáil easnaimh |

| | Sprioc | Gníomhaíochtaí Straitéiseacha |
|---|---|---|
| | | um thrasuí de 0.9% do Threoracha an Mhargaidh Inmheánaigh ar Scórchlár an Mhargaidh Inmheánaigh d'Iúil 2010 agus 0.7% do Mhí na Nollag 2010. Bhí an easnmah 0.7% i mí na Nollag ag teacht leis an % easnaimh ba dhearfaí in Éirinn go dtí seo. |
| 14. | Iarracht a dhéanamh tionchar a bheith againn ar pholasaithe agus tionscnaimh an AE ag teacht le straitéisí na Roinne sna réimsí polasaí a thagann faoi shainchúram na Roinne.<br><br>Tacú le síocháin agus slándáil idirnáisiúnta trí onnmhairiú earraí straitéiseacha a rialú. | **Polasaithe an AE**<br>I gcomhoibriú lena hIonadaíocht Bhuan sa Bhruiséil, lean an Roinn le comhordú agus ullmhú a dhéamah ar ionchur pholasaí in idirbheartaíochtaí an AE le tionchar a bheith ar thorthaí chéimeanna reachtaíochta agus neamhreachtaíochta an AE. I gcomhthéacs Chomhairle Iomaíochais an AE dhírigh an Roinn ar réimse ceisteanna polasaí agus reachtaíochta ar a raibh: Athbhreithniú leanúnach ar Pholasaí Tionsclaíochta, Acht um Ghnólachtaí Beaga an AE, Athbhreithniú ar an Margadh Aonair, Tionscadail Shuaitheanta ábhartha na hEorpa 2020, Margadh Inmheánach, Rialáil Gnó, ceisteanna maidir le Taighde agus Forbairt agus Maoin Intleachtúil.<br><br>**Rialú Easpórtála**<br>D'eisigh an Roinn 879 ceadúnas easpórtála i 2010. Is é atá sa bhfigiúr seo ná 715 ceadúnas indibhidiúil dé-úsáide, 66 ceadúnas domhanda dé-úsáide agus 98 ceadúnas míleata. Déanadh formhór món na n-iarratas ar cheadúnas ag úsáid chórais iarratais cheadúnais easpórtála na Roinne ar líne, OELAS. I ngach cás, níor tugadh ceadúnas ach tar éis sraith seiceálacha lena chinntiú go raibh na hearraí a bhí i gceist le dul chuig an tír agus an úsáideoir deiridh a bhí ráite ar an iarratas ar cheadúnas, agus gur chun críche dlistineach a bheadh na hearraí á n-úsáid ag an úsáideoir deiridh. In éineacht leis na seiceálacha seo, chuiagh an Roinn i gcomhairle leis an Roinn Gnóthaí Eachtracha maidir leis na hiarratais ar cheadúnais easpórtála míleata, agus maidir leis na hiarratais dé-úsáide a ceapadh a bheith íogair.<br><br>**Ceadúnú Iompórtála**<br>Lean an tAonad Ceadúnaithe leis na rialacha a bhaineann le heisiúint cheadúnas iompórtála faoi réir srianta cainníochtúla agus céimeanna faireachais an AE, a chur i bhfeidhm. Lean iompórtáil roinnt táirgí teicstíle ó Phoblach na Cóiré, Belarus agus Uzbekistan agus iompórtáil táirgí iarainn agus cruach le bheith faoi réir phrionsabail reachtaíochta an AE faoi mar atá leagtha amach i Rialacháin iomchuí na Comhairle agus an Choimisiúin.<br><br>**Smachtbhannaí**<br>Úsáideann an comhphobal idirnáisiúnta smachtbhannaí trádála le tionchar a bheith aige ar cheisteanna éagsúla idirnáisiúnta. |

| | Sprioc | Gníomhaíochtaí Straitéiseacha |
|---|---|---|
| | | Tá ról lárnach ag an Roinn maidir le gnéithe trádála chéimeanna an AE, ar glacadh leo maidir le smachtbhannaí trádála, a chur i bhfeidhm. I 2010, rinne an Roinn Ionstraimí Reachtúla maidir le céimeanna sriantacha in aghaidh an Iaráin, Burma/Myanmar, Poblacht na Guine agus Daoine agus Aonáin Áirithe a bhaineann le hUsama Bin Laden, le Líonra Al-Qadia agus leis an Taliban. Rinne an Roinn Ionstraim Reachtúil freisin ag cúlghairm chéimeanna sriantacha in aghaidh Uzbekistan, ag teacht le cinneadh Chomhairle an AE ina thaobh seo.<br><br>**Diminsean Idirnáisiúnta**<br>D'fhonn córas láidir agus éifeachtach rialaithe easpórtála Éireannach a chinntiú, bhí an Roinn rannpháirteach i gcruinnithe Ghrúpaí Oibre an AE a cheapann polasaí rialaithe easpórtála agus rialacháin an AE. Chuir an Roinn freisin le cruinnithe na gcóras rialaithe easpórtála idirnáisiúnta, ar a n-áirítear Comhaontú Wassenaar. |
| 15. | Timpeallacht fhabhrach a chur chun cinn a bharrfheabhsaíonn tairbhí an gheilleagair uile-oileáin ar mhaithe le fiontair trí chomhar Thuaidh/Theas, go háirithe maidir le forbairt trádála agus gnó. | Leanaimid ag tacú le cur chun cinn gheilleagair uile-oileáin trí shaothar Idir-Thrádáil Éireann agus téama fiontraíochta Chlár IVA Interreg.<br><br>**Idir-Thrádáil Éireann**<br>Tá Idir-Thrádáil Éireann ar cheann de sé Chomhlachtaí Forfheidhmithe Thuaidh/Theas a bhunaigh Comhaontú Aoine an Chéasta.<br><br>I rith 2010, rinne Idir-Thrádáil Éireann nuashonrú ar dhá chruinniú den Chomhairle Aireachta Thuaidh Theas, sa leagan amach rannach Forbartha Trádála agus Gnó, ar an dul chun cinn a déanadh ar a ghníomhaíochtaí agus a Dhréachtphlean Corparáideach 2011-2013. Chuir sé páipéir i láthair freisin ar fhorbairtí i gcomhoibriú Thuaidh/Theas i T&F agus nuálaíocht, go háirithe maidir le rochtain ar mhaoiniú FP7 an AE do chomh-thograí Thuaidh/Theas.<br><br>Tá achoimre thíos ar ar bhain Idir-Thrádáil Éireann amach i 2010:<br><br>• Toradh ar Infheistíocht trí phunann Idir-Thrádáil Éireann ar Chláir Thrádála agus Nuálaíochta do 2010 de 11:1;<br>• Cuideachtaí rannpháirteach i gCláir Thrádála agus Nuálaíochta ag giniúint Luch Gnó de £83.3M/€93.6M;<br>• Bhí 2,996 cuideachta rannpháirteach i gcláir Thrádála agus Nuálaíochta Idir-Thrádáil Éireann agus rochtain acu ar Fhaisnéis Ghnó agus Seirbhísí Comhairleacha trasteorainn. |

| | Sprioc | Gníomhaíochtaí Straitéiseacha |
|---|---|---|
| | | • As na cuideachtaí a chuir tús le tionscadail Thrádála nó Nuálaíochta Idir-Thrádáil Éireann, ba easpórtálaithe den chéad uair iad 56 cuideachta agus ba nuálaithe den chéad uair iad 50 cuideachta.<br>• Trí ghníomhaíochtaí Idir-Thrádáil Éireann, cruthaíodh 113 jab nua agus déanadh 57 jab atá ann a chosaint;<br>• Foilsíodh 3 Thuarascáil ar Ghnó agus Taighde Eacnamaíochta;<br>• Tionóladh an dara Fóram Eacnamaíochta Uile-Oileáin: 'I dTreo Téarnaimh', in Aibreán 2010.<br><br>**Interreg – Téama Fiontraíochta**<br>Is clár Chiste Struchtúrach le tacaíocht ón Aontas Eorpach é Clár ICA Interreg (2007-2013) do Thuaisceart Éireann, Réigiún an Teorainn in Éirinn agus Iarthar nah Alban. Tacaíonn sé le comhoibriú straitéiseach trasteorainn trí spreagadh a thabhairt do nuálaíocht agus iomaíochas i bhfiontraíocht agus i bhforbairt gnó agus i dturasóireacht le haghaidh a thabhairt ar fhadhbanna eacnamaíochta agus sóisialta ar ann dóibh de bharr na teorann. Rinne an Roinn agus Roinn Fiontar, Trádála agus Infheistíochta (DETI) i dTuaisceart Éireann comh-mheas agus aontú ar mhaoiniú do thionscadail incháilithe faoi théama fiontraíochta an Chláir.<br><br>I 2010, bhí obair na Roinne dírithe den chuid is mó ar oibriú le grúpaí trasteorainn, i gcomhar le Comhlacht na gClár Speisialta AE le forbairt agus feabhas a dhéanamh ar cháilíocht na dtionscadal fiontraíochta a cuireadh isteach le measúnú a dhéanamh orthu. Mar thoradh ar seo níor faomhadh aon tionscadal nua i 2010. Mar sin féin, ó shin i leith, tá dul chun cinn déanta ar roinnt tionscadal ar féachadh orthu agus a faomhadh. |

| | Sprioc | Gníomhaíochtaí Straitéiseacha |
|---|---|---|
| 16. | Leanúint orainn ag obair as láimh a chéile idir Ranna, idir Rialtais agus idir Gníomhaireachtaí d'fhonn ár gcuspóirí maidir le hIomaíochas agus Fiontar a bhaint amach de réir mar atá siad mínithe sa Ráiteas Straitéise seo. | Soláthraíonn Aonad Comhordaithe Lárnach na mBord Fiontar Contae agus Cathrach (BFCanna) laistigh de Fiontraíocht Éireann réimse tacaíochtaí straitéiseacha, riaracháin, airgeadais agus teicniúil do BFCanna leis an gcuspóir feabhas a chur ar éifeacht agus tionchar na mBord ar fhorbairt mhicreafhiontair agus cur le leibhéal níos fearr leanúnachais agus dea-chleachtais tríd an ngréasán BFC trí chéile. Ceadaíonn an tAonad seo comhtháthú níos fearr idir ghníomhaíochtaí na BFCanna agus Fiontraíocht Éireann ag leibheál mhicreafhiontair, chomh maith le ceadú don Roinn díriú níos fearr ar fhorbairt pholasaí straitéiseach maidir leis an earnáil micreafhiontair.<br><br>Chomh maith le hoibriú go dlúth lena n-údarás áitiúil ábhartha agus le gníomhaireachtaí eile forbartha, tá na BFCanna gníomhach ar Bhoird Forbartha Contae a nÚdarás Áitiúil ábhartha. Cruthaíonn struchtúr na tras-ionadaíochta seo ardán do sholáthar níos éifeachtaí agus comhordaithe ar thacaíochtaí fiontair, ag leibhéal áitiúil agus réigiúnach araon. |

# CRANN TACA 3: Soláthar agus Feabhsú Scileanna & Rannpháirtiú sa Lucht Saothair

## Sprioc Ardleibhéil

Beartais margadh saothair a shaothrú a thacaíonn le forbairt fiontair agus a chuireann forbairt caipitil dhaonna ar aghaidh trí scileanna an lucht saothair a fheabhsú. Rannpháirtíocht i bhfostaíocht agus rochtain uirthi a fheabhsú ar an gcuma seo.

Ag teacht le roinnt athruithe ar dhulagais na Roinne a tugadh isteach le hOrdú Rialtais in Aibreán 2010, aistríodh freagracht maidir le soláthar spriocanna agus cuspóirí a bhaineann le soláthar scileanna agus feabhsú an fhórsa oibre chuig an Roinn Oideachais agus Scileanna. Aistríodh FÁS, an príomhghníomhaireacht a bhí i mbun scileanna agus treenail a sholáthar ar a n-áirítear gníomhaíochtú jabanna agus seirbhísí fostaíochta, chuig an Roinn Oideachais agus Scileanna freisin.

# CRANN TACA 4 Rialáil Gnó níos fearr agus an Tomhaltóir

## Sprioc Ardleibhéil

A chinntiú go n-éascaíonn an córas rialaithe gnó iomaíocht sa mhargadh le hardchaighdeáin chosanta don tomhaltóir agus rialachais chorparáidigh.

**I gClár Tacaíochta Airgeadais an AE/IMF d'Éirinn** de mhí na Nollag 2010 bhí roinnt athcheartuithe struchtúrtha dírithe ar fheabhas a chur ar iomaíocht i margaí oscailte. Tá an tiomantas dírithe ar reachtaíocht a thabhairt isteach le hiombhagairt níos creidiúnaí a cheapadh do shárú dlí an iomaíochais agus an cheist a bhaineann le hearnálacha a fhágáil ar lár as forálacha dhlí na hiomaíochta. Bhí tiomantais sonracha soláthair iontu seo do 2011.

D'fhógair an tAire Airgeadais in ráiteas faoin mBuiséad i nDeireadh Fómhair 2008 **cumasc an Ghníomhaireacht Náisiúnta do Thomhaltóirí agus an tÚdarás Iomaíochta.** Leanadh le hobair madir le hullmhú na reachtaíochta riachtanach don chumasc i gcaitheamh 2010. Déanfaidh an reachtaíocht, in éineacht leis an dá chomhlacht a chumasc, athrá ar fhorálacha Chleachtais Tráchtála Éagóracha an tAacht um Chosaint Tomhaltóirí ag athrá agus ag leasú forálacha áirithe de na hAchtanna Iomaíochta le ceann a thógáil den athbhreithniú ar dhlí na hiomaíochta agus ar shaothar Ghrúpa Comhairleach Chumasc na Meáin.

Sa réimse a bhaineann le **Dlí na gCuideachtaí,** déanadh na hIonstraim Reachtúla riachtanacha i Meán Fómhair 2010 le forálacha Acht na gCuideachtaí (Forálacha Ilghnéitheacha) 2009 a fheidhmiú le soláthar a dhéanamh d'aistriú chistí infheistíochta chuig dlínsí forordaithe gan foirceann ar dtús ina ndlínse reatha.

Leanadh le maoirseacht ar na comhlachtaí rialála ag déileáil le **dlí na gcuideachtaí** i 2010 d'fhonn freagracht iomchuí agus éifeachtach maidir lena gcuid oibre a chinntiú.

I rith 2010, lean an Roinn le laghdú a thiomáint ar ualaí riaracháin ar ghnó tríd an Grúpa Ardleibhéil ar Rialáil Gnó agus go sonrach i réimsí Dlí na gCuideachtaí, Dlí Fostaíochta agus Dlí Sláinte agus Sábháilteachta trí cheardlanna gnó as a dtiocfadh mionphleananna simplithe.

Maidir le **tograí Dlí na gCuideachtaí an AE,** aontaíodh leasú ar Treoir Réamheolaithe i rith 2010. Ba í aidhm an leasaithe ar an Treoir ná feabhas a chur ar shoiléire dlíthiúil agus ar éifeacht sa réimse réamheolaithe go mbeadh sé níos éasca do SMEanna rochtain a fháil ar mhargaí caipitil. Caithfear trasuí a dhéanamh ar an Treoir faoi 1 Iúil 2012.

| | Sprioc | Dul Chun Cinn ar Ghníomhaíochtaí Straitéiseacha |
|---|---|---|
| 1. | An t-ualach riaracháin atá ar an earnáil ghnó a laghdú i réimse fregreachtaí beartais na Roinne agus barrchleachtas a chur chun cinn thar Ranna agus Gníomhaireachtaí Rialtais san obair a bhaineann le ualaigh riaracháin a laghdú an oiread agus is féidir. | Lean an Grúpa Ardleibhéil ar Rialáil Gnó lena chuid oibre le ceisteanna sonracha a bhaineann le hualaí riaracháin ag ghnó a aithint agus an bealach a réiteach dá simpliú. Mar shampla, ag freagairt d'iarratas ón nGrúpa Ardleibhéil, tá saoráid a cheadódh íocaíocht díreach ar aisíoc iomarcaíochta chuig na Coimisinéirí Ioncaim curtha ann leis an ualach a laghdú ar na gnólachtaí sin a bhfuil fiacha cánach orthu agus atá ag feitheamh ar íocaíocht iomarcaíochta a fháil; agus chuir an Oifig um Chlárú Cuideachtaí (OCC) nóta eolais ar fail le treoir a thabhairt do chuideachtaí ar mhian leo Dáta a dTuairisceán Bliantúil a athrú le teacht le dáta comhdaithe a nIoncam, ag laghdú dúblú dá réir ar obair na gcuideachtaí.<br><br>I 2010, sholáthair an Roinn laghdú breise de €32.7milliún ar chostas bliantúil riaracháin do ghnó, a raibh an chuid is mó de ann de bharr obair an OCC ar a timpeallacht comhdaithe ar líne, ag tabhairt an sábháil iomlán bliantúil do ghnó chuig €52.7milliún.<br><br>Thug an Grúpa Forfheidhmithe Bunaithe ar Riosca, grúpa oibre de ghníomhaireachtaí cigireachta agus forfheidhmithe a chuir an Roinn ar bun, tuarascáil don Ghrúpa Ardleibhéil le linn 2010, ag leagadh amach Cosán Riachtanach Céimeanna i dtreo ainilís riosca agus forfheidhmiú níos fearr. Ar phríomh-mholtaí an tuarascála seo bhí moladh go mbunófaí creat dlíthiúil le tacú le sonraí gnó a roinnt idir chomhlachtaí poiblí, ag feabhsú a n-éifeacht dá réir, agus ag cur lena gcumas díriú ar chuideachtaí neamhchomhlíontacha agus ag laghdú ualaí cigireachta ar chuideachtaí comhlíontacha.<br><br>Déanann an Roinn tiomáint agus comhordú freisin ar an gclár tras-Rialtais maidir le tomhas agus simpliú ualach riaracháin leis an sprioc 25% a leaga an Rialtas síos a bhaint amach. Is próiseas substaintiúil agus cuimsitheach é seo. Lena chinntiú go mbíonn an tomhas leanúnach tríd an Rialtas, agus de réir an Múnla Caighdeánach Costais, tógann, agus tógfaidh an cleachtadh roinnt ama le críochnú. Próiseas is ea é seo a théann isteach i ngach gné den Rialtas a mbíonn tionchar acu ar ghnó. |

| | Sprioc | Dul Chun Cinn ar Ghníomhaíochtaí Straitéiseacha |
|---|---|---|
| 2. | Tacú leis na heagraíochtaí rialála a phléann le hiomaíocht, cosaint tomhaltóirí agus Dlí na gCuideachtaí (An tÚdarás Iomaíochta, An Ghníomhaireacht Náisiúnta Tomhaltóirí, Oifig an Stiúrthora um Fhorfheidhmiú Corparáideach, an Oifig um Chlárú Cuideachtaí, Cláraitheoir na gCara-chumann, an tÚdarás Iniúchóireachta agus Caighdeáin Chuntasaíochta in Éirinn agus an Painéal Táthcheangail na hÉireann) agus a chinntiú go mbeidh cuntasacht chuí éifeachtach i bhfeidhm maidir lena gcuid oibre | Déantar leithdháileadh ar acmhainní airgeadais go bliantúil chuig comhlachtaí rialála a mbíonn freagracht orthu maidir le hiomaíocht, cosaint tomhaltóra agus dlí na gcuideachtaí a chur i bhfeidhm. I rith 2010, leanadh le monatóireacht a dhéanamh ar na hOifigí agus na Gníomhaireachtaí seo, lena gcostais oibriúcháin a chlúdach, de réir a reachtaíochta rialaithe agus dea–ghnásanna rialachais chorparáidigh.<br><br>**An tAcht Iomaíochta (Leasú) 2010**<br>I 2010 foilsíodh agus achtaíodh an tAcht Iomaíochta (Leasú) 2010 a cheadaigh ceapachán bhaill shealadacha ar an Údarás Iomaíochta le folúntais nach raibh coinne leo a líonadh i rith 2010. Rinne na ceapacháin a déanadh faoin Acht seo deimhin de go raibh an tÚdarás comhdhéanta go reachtúil ach comórtas an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí a bheith ann d'earcú agus roghhnú buanbhall lánaimseartha an Údaráis.<br><br>**Bille Tomhaltóra agus Iomaíochta atá Molta**<br>Leanadh le hobair ar reachtaíocht a dhréachtadh le comhcheangal a dhéanamh idir an Ghníomhaireacht Náisiúnta do Thomhaltóirí agus an Údarás Iomaíochta, nuashonrú a dhéanamh ar dhlí na hiomaíochta agus an tomhaltóra, feidhm a thabhairt do mholtaí an Ghrúpa Comhairleach ar Chumaisc na Meáin agus soláthar a dhéanamh ar fhorálacha cumasúcháin do chód cleachtais don earnaíl earraí gróiseireachta i rith 2010. |

| | Sprioc | Dul Chun Cinn ar Ghníomhaíochtaí Straitéiseacha |
|---|---|---|
| 3. | Margaí láidre a bhfuil cumas iomaíochta acu a chur chun cinn i ngach earnáil den gheilleagar. | Mar chuid de phróiseas an fhreagra fhoirmiúil ar mholtaí an Údaráis Iomaíochta de bhun mionanailíse ar earnáil nó gairm ar leith, cuireadh tuarascáil faoi bhráid an Rialtais i Márta 2010. Déanadh athbhreithniú sa tuarascáil seo ar an dul chun cinn a déanadh ar fhorfheidhmiú na 21 moladh ar tugadh tosaíocht dóibh ar bhonn a dtionchar ar iomaíocht. Tugadh breis spreagadh do phróiseas an fhreagra seo le Clár Tacaíochta Airgeadais d'Éirinn an AE/IMF le hathruithe reachtúla a thabhairt isteach le srianta a bhaint de thrádáil agus d'iomaíocht i roinnt earnálacha cosanta, go háirithe sna hearnálacha dlí, míochaine/cógaisíochta. Leanadh le hobair ar chaidreamh le Ranna i gciatheamh 2010 leis an Rialtas a choimeád ar an eolas ar an dulchun cinn ar mholtaí an Údaráis Iomaíochta. |
| 4. | Leas an tomhaltóra a chur chun cinn agus a chosaint de réir barrchleachtais idirnáisiúnta. | **Treoir Molta ar Chearta an Tomhaltóra**<br>Thug an moladh maidir le Treoir ar Chearta an Tomhaltóra a foilsíodh i nDeireadh Fómhair 2008 ceithre Threoir le chéile i bhfoirm nuashonraithe agus comhdhlúth ar (i) díol ó dhoras go doras, (ii) ciandhíolachán, (iii) díolachán earraí tomhaltóra agus ráthaíocht agus (iv) téarmaí éagórach chonartha. Ba í aidhm na Treorach a moladh cur le feidhmiú níos fearr an mhargaidh inmheánaigh gnó chuig tomhaltóir agus ardleibhéal cosanta don tomhaltóir a bhaint amach trí chomhchuibhiú iomlán a dhéanamh ar phríomhghnéithe na gconarthaí tomhaltóra a bhain leis an margadh inmheánach. Dhéanfadh stádas comhchuibhithe iomlán na Treorach, murab ionann agus na Treoracha comhchuibhithe a mbeadh sí ina n-ionad, cosc ar bhallstaít forálacha reachtaíochta náisiúnta a choimeád nó a thabhairt isteach a bheadh ag dul thar a raibh sa Treoir.<br><br>D'fhéach an Grúpa Oibre ar Chosaint an Tomhaltóra agus Faisnéise go mion ar an Treoir molta thar thrí lá is fiche de chruinnithe i 2010. Pléadh an togra go fairsing freisin ag cruinnithe ag leibhéal ataisé agus ag COREPER. I bhfianaise an phlé seo, ba é tátas Uachtaránachta na Beilge nach raibh go leor tacaíochta i measc na mBallstát do chomhchuibhiú iomlán na bhforálacha ar dhíolacháin tomhaltóra agus ráthaíochtaí agus téarmaí éagóracha chonarthaí. Moladh dá réir go mbainfí na Caibidil seo den togra amach agus go gcuirfí teorainn lena scóip maidir le cianchonarthaí agus conarthaí seacháitribh. Rinne an Chomhairle faomhadh ar an gcur síos ginearálta seo ar an 24 Eanáir 2011, agus tugadh údarás d'Úachtaránacht na hUngáire dul i mbun idirbheartaíochta le Parlaimint na hEorpa d'fhonn comhaontú deiridh a bhaint amach ar an gcéad léamh. |

| | Sprioc | Dul Chun Cinn ar Ghníomhaíochtaí Straitéiseacha |
|---|---|---|
| | | **Grúpa Athbhreithnithe Dlí Díolacháin**<br>Bunaíodh an Grúpa Athbhreithnithe Dlí Díolacháin i Samhain 2008 faoi chathaoirleacht an Ollaimh Robert Clark le hathbhreithniú a dhéanamh ar an reachtaíocht a bhaineann le díol earraí agus soláthar seirbhísí agus le moltaí a dhéanamh dá nuachóiriú agus dá leasú. D'éiligh téarmaí tagartha an Ghrúpa Athbhreithnithe freisin go scrúdófaí forálacha na Treorach AE atá beartaithe ar Chearta an Tomhaltóra agus le measúnú a dhéanamh ar a n-impleachtaí do chearta an tomhaltóra in Éirinn agus do dhlí na hÉireann. Bhí an Grúpa Athbhreithnithe lena chuid oibre a chríochnú faoi lár 2010 agus bhí a phlé geall le críochnaithe agus a thátail agus a mholtaí críochnaithe faoin tríú ráithe den bhliain. I bhfianaise na neamhchinnteachta an uair sin maidir le forálacha an Treoir Cearta do Thomhaltóirí a bhí beartaithe, agus mórimpleachtaí na bhforálacha sin dá shaothar, scríobh Cathaoirleach an Ghrúpa Athbhreithnithe chuig an Aire Fiontar, Trádála agus Nuálaíochta i Meán Fómhair 2010 á rá gurb é rogha an Ghrúpa iarchur a dhéanamh ar a thuarascáil a chur isteach go dtí go mbeadh leagan deireanach na Treorach soiléir. D'aontaigh an tAire leis an gcur ar athló de bharr impleachtaí fadiarmhartacha fhorálacha na Treorach do thátail agus mholtaí an Ghrúpa Athbhreithnithe.<br><br>**Cód Cleachtais do Ghnóthais Earraí Grósaeireachta**<br>I ndiaidh tiomantais an Chláir Athnuachana don Rialtas, ceapadh éascaitheoir le féachaint an mbeadh sé indéanta comhaontú a fháil ar Chód Deonach. I rith an dara leath de 2010 bhí os cionn 30 cruinniú ag an Éascaitheoir le páirtithe leasmhara gan teacht ar chomhaontú. Thug an tÉascaitheoir tuairisc don Aire i mí Eanáir 2011.<br><br>**Aistriú/Comhshamhlú ar Fheidhm Faisnéise do Thomhaltóirí IFSRA chuig an Ghníomhaireacht Náisiúnta do Thomhaltóirí (NCA).**<br>I 2010 aistríodh freagrach maidir le Feidhm Faisnéise agus Oideachais do Thomhaltóirí IFSRA chuig an NCA ar bhonn reachtúil mar chuid den Acht um Leasú an Bhainc Cheannais, 2010 le feidhm ón 1 Eanáir 2011. |

| | Sprioc | Dul Chun Cinn ar Ghníomhaíochtaí Straitéiseacha |
|---|---|---|
| 5. | Monatóireacht a dhéanamh ar an mBord Díobhálacha Pearsanta agus cabhrú leis a mhisean a chomhlíonadh.. | Rinne an Bord Measúnaithe Díobhálacha Pearsanta (BMDP) beagnach 27,000 éileamh chun díobháil phearsanta a ghnóthú a láimhseáil i 2010 agus ar 8,380 measúnú. Ba é luach iomlán ar bronnadh i 2010 ná €187m. Bhain 74% den bhronnadh le cásanna Dliteanais Mhótair, agus ba iad na figiúirí do chásanna Dliteanais Fhostaí agus Phoiblí ná 11% agus 15% faoi seach.<br><br>Ba é an meánfhráma ama do chríochnú an phróisis éilimh (ó dháta toilithe an fhreagróra do mheasúnú PIAB ar an éileamh) níos lú ná 7 mí, ar dhea-chomparáid é leis an mean de 36 mí a thógadh sé le próiseáil a dhéanamh ar a leithéid d'éilimh tríd an Cúirteanna.<br><br>Faigheann an Bord a phríomhioncam ó tháillí €1,050 agus €50, a ghearrtar ar fhreagróirí agus éilitheoirí faoi seach. Lean sé ag feidhmiú ar bhonn féinmhaoinithe i 2010.<br><br>I rith 2010 thug an Roinn tacaíocht don Bhord ina mhisean a chinntiú go bhféadfadh sé leanúint leis na leasa seo a sholáthar don tomhaltóir agus don tsochaí. |
| 6. | A chinntiú go mbeidh Acht um Chomhdhlúthú agus Athchóiriú na gCuideachtaí achtaithe faoi 2010 | Lean an Roinn le dul chun cinn a dhéanamh ar chréachtú "Cholún AA" den Bhille um Chomhdhlúthú agus Athchóiriú Cuideachtaí. |
| 7. | Cabhrú chun creatlach reachtach sholúbtha a fhorbairt do na meáin chorparáideacha ar úsáideann tionscal na seirbhísí airgeadais iad. | I Meán Fómhair 2010, déanadh seacht Rialachán a thug feidhm d'fhorálacha Acht na gCuideachtaí (Forálacha Ilghnéitheacha) 2009 a cheadaíonn, faoi réir riachtanais ábhartha a chomhlíonadh, d'aonáin chomhchiste infheistíochta aistriú chuig nó ó dhlínsí ainmnithe gan foirceann ar dtús sa dlínse ina mbíonn siad. |
| 8. | A chinntiú go mbeidh Éire rannpháirteach go huile agus go hiomlán i gclár oibre Dlí na gCuideachtaí de chuid an AE | I 2010, lean an Roinn le deimhin a dhéanamh de gur tugadh lán ionadaíocht do leasa na hÉireann i bhforbairt dlí na gcuideachtaí an AE trí idirchaidreamh leis an gCoimisiún sa Ghrúpa Saineolaithe ar Dhlí na gCuideachtaí, mar ar déanadh moltaí ar ábhair mar íocaíocht do stiúrthóirí agus comhoibriú le cláir ghnó na hEorpa, a fhorbairt. Thug an Roinn ionadaíocht d'Éirinn freisin in idirbheartaíocht na Comhairle ar athchóiriú Threoir Réamheolaithe 2003, a tháinig chun críche i Samhain 2010 nuair a glachadh le Treoir leasaithe, is é sin Treoir 2010/73/AE. |

| | Sprioc | Dul Chun Cinn ar Ghníomhaíochtaí Straitéiseacha |
|---|---|---|
| 9. | Athbhreithniú a dhéanamh ar an gcreatrialúcháin do chara-chumainn agus chumainn thionscail agus choigiltis agus cibé athruithe is gá nó is inmhianaithe a dhéanamh i saolré an Ráitis Straitéise seo. | I ndiaidh phróisis chomhairliúcháin i 2009 a bhain le hAchtanna um Chumainn Tionscail agus Soláthair 1893-2005 (ag déileáil le Comharchumainn) aithníodh réimse deacrachtaí praiticiúla leis an gcóras reachtaíochta reatha, ag léiriú go raibh gá le nuachóiriú ar na socruithe reatha. Tá dul chun cinn á dhéanamh ar reachtaíocht a dhréachtadh le leasú a dhéanamh ar roinnt d'fhorálacha na nAchtanna um Chumainn Tionscail agus Soláthair.<br><br>Déanadh tuilleadh dul chun cinn ar an athbhreithniú ar an gcreat rialála na gCara-Chumann. Áiríodh anseo dul i gcomhairle le húdaráis poiblí ábhartha eile maidir le freastal ar riachtanais mhaoirseachta stuamachta na gcara-chumann a sholáthraíonn seirbhísí airgeadais. |
| 10. | Comhordú a dhéanamh ar iarrachtaí tras-Ranna agus tras-gníomhaireachta chun ár gcuspóir maidir le Rialú Níos Fearr a bhaint amach. Beimid ag comhoibriú le Ranna eile agus sinne i mbun ár nGníomhartha Straitéiseacha maidir le Tomhaltóirí agus Iomaíocht, chomh maith. | Lean an Roinn le tiomáint agus comhordú ar an gclár tras-Rialtais maidir le tomhas agus simpliú ualach riaracháin leis an sprioc laghdaithe 25% a bhaint amach faoi dheireadh 2012. Ina theannta sin, chuir an Roinn grúpa oibre neamhfhoirmeálta le chéile de ghníomhaireachtaí cigireachta agus forfheidhmithe, ó thríd an Rialtas, le dea-chleachtas a roinnt agus slite praiticiúla comhoibrithe a aithint. Ar cheann de phríomh-mholtaí an Ghrúpa bhí go ndéanfaí forbairt ar chreat dlíthiúil le héascú a dhéanamh ar shonraí gnó a roinnt idir chomhlachtaí poiblí, ag cur taca dá réir le níos mó éifeachta agus ar dhíriú acmhainní go héifeachtach ar chuideachtaí neamhchomhlíontacha. |

# CRANN TACA 5 Comhpháirtíocht san Ionad Oibre agus Cearta Fostaíochta

**Sprioc Ardleibhéil**

Caidreamh tionscail maith agus an múnla comhpháirtíochta a chothú agus reachtaíocht chuí cearta fostaíochta agus creatlach chuí institiúideach mar thaca fúthu.

Bhí éileamh i gcónaí ar sheirbhísí chomhlachtaí réitithe díospóide fostaíochta an Stáit. Bhí an Roinn agus na cuideachtaí réitithe díospóide fostaíochta gafa go hiomlán le freagairt don mhéadú ar an éileamh ar na comhlachtaí éagsúla freastal ar spriocanna soláthair. Déanadh 1,571 cás a thagairt do Sheirbhís Chomhréitigh an Choimisiúin um Chaidreamh Oibreachais agus déanadh 15,671 cás a thagairt do Sheirbhís an Choimisinéara um Chearta, déanadh 1,452 cás a thagairt don Chúirt Oibreachais agus fuair an Binse Achomhairc Fostaíochta 8,778 éileamh. Maidir le híocaíochtaí iomarcaíochta agus dóchmhainneachta, tháinig laghdú ar na héilimh iomarcaíochta a cuireadh isteach chuig 58,731 i gcomparáid le 77,001 i 2009, le 23,263 éileamh dóchmhainneachta curtha isteach i 2010 i gcomparáid le 21,411 i 2009. D'eagraigh an tÚdarás Náisiúnta Cearta Fostaíochta 6 cheardlann agus seó bóthair agus 46 seimineár dírithe ar fhostóirí agus ar fhostaithe araon, dírithe ar eolas a sholáthar ar chearta fostaíochta an fhostaí agus freagrachtaí an fhostóra sa láthair oibre.

Déanadh roinnt forbairtí reachtaíocht i gcaitheamh na bliana. I Samhain 2010, rinne an Rialtas faomhadh ar thacar cuimsitheach leasuithe ar an mBille um Chomhlíonadh Dlí Fostaíochta 2008, chuaigh an Bille Caidrimh Thionscail (Leasú) 2009 tríd chuig an Dara Céim sa Dáil agus chuaigh an Bille um Rialú Gníomhaireachta Fostaíochta 2009 trí Chéim an Choiste sa Dáil. Áiríodh laghdú ar an bPá Íosta Náisiúntasna Céimeanna Éigeandála Airgeadais san Acht um Leas an Phobail 2010 agus chuir an Rionn le roinnt Billí ar a raibh forálacha "Sceithireachta". I nDeireadh Fómhair 2010, thosaigh an Roinn ar phróiseas comhairliúcháin ar thrasuíomh Threoir an AE ar Obair Shealadach Ghníomhaireachta chuig Dlí na hÉireann.

Rinne an tÚdarás um Sláinte agus Sábháilteacht a shainchúram reachtúil ar shláinte agus sábháilteacht ag an obair a chomhlíonadh agus ar thionscnaíocht an Aire tá leasa na hearnála talmhaíochta ag obair ar bhealach comhoibríoch anois leis an Údarás le feabhas a chur ar shábháilteacht san earnáil is dainséaraí fad a bhaineann sé le sábháilteacht ar an láthair oibre sa gheilleagar.

D'éiligh forfheidhmiú Rialacháin chasta an AE ar a raibh "REACH" agus Rangú, Lipéadú agus Pacáistiú (RLP) obair leanúnach ag leibhéal náisiúnta agus AE le linn 2010. Bíonn tionchar sontasach ag na Rialacháin seo ar oibriúcháin laethúla dhéantúsóirí, iompórtálaithe agus úsáideoirí iartheachtacha sna hearnálacha ceimiceacha, cógaisíochta agus ICT ach go háirithe. Áisíodh páirtithe leasmhara iomchuí, go háirithe tionscail, maidir le freastal ar riachtanais shainchúramaí éagsúla rialacháin an AE maidir le ceimiceáin, leis an aidhm a chinntiú go ndéanfaí cosaint ar shláinte an duine agus ar an gcomhshaol ar úsáid cheimiceán i ndéantúsaíocht agus earnáil cheimiceán iomaíoch agus nuálach a chur chun cinn.

Níorbh fhéidir sprioc 15 lá oibre a choimeád do gach scéim cheadúnais i rith 2010. Tugadh tosaíocht do cheadúnais faoi scéimeanna an charta glas agus Ionchuideachta ar déanadh próiseáil orthu laistigh den sprioc seo i 2010.

| | **Sprioc** | **Dul Chun Cinn ar Ghníomhaíochtaí Straitéiseacha** |
|---|---|---|
| 1. | Leanúint de rannpháirtíocht ghníomhach i bpróiseas na Comhpháirtíochta Sóisialta | I gcaitheamh 2010, thug an Roinn tacaíocht don phróiseas Comhpháirtíochta Sóisialta trí pháirtícht in idirbheartaíocht ag leibhéal náisiúnta, teagmháil déthaobhach le colúin na bhfostóirí agus na gceardchumann agus tionscnaimh pholasaí agus tiomantais reachtaíochta a fhorbairt ag éirí as I dTreo 2016 agus I dTreo 2016 – Athbhreithniú agus Comhaontú Idirthréimhseach. |
| 2. | Caidreamh sóisialta a chur chun cinn ag leibhéil an fhiontair. | Lean an Roinn le tacaíocht a thabhairt do chaidreamh idir na fostóirí agus ionadaithe na n-oibrithe in idirphlé struchtúrtha ag leibhéil iomchuí d'fhonn comhaidhmeanna a bhaint amach maidir le fíor-riocht gheilleagar na hÉireann agus a mbeadh ag teastaíl do jabanna inbhuanaithe agus caighdeán maith maireachtála. |
| 3. | Timpeallacht chobhsaí a chur chun cinn maidir le caidreamh tionsclaíoch agus tacú léi, réiteach éifeachtach aighnis san áireamh | Lean an Roinn le hacmhainniú agus tacaíocht a thabhairt do chomhlachtaí um réiteach agus um chosc díospóide caidrimh thionsclaíoch.<br><br>Bhí soláthar sa Phlean Téarnaimh Náisiúnta a foilsíodh ar an 24 Samhain, 2010 le deireadh a chur le haimhrialtachtaí i gComhaontuithe Fostaíochta Cláraithe (CFCanna) agus Orduithe Rialaithe Fostaícohta (ORFanna). |
| 4. | A chinntiú gur féidir leis an Roinn torthaí comhsheasmhacha a bhaint amach agus go bhfuil ar a cumas a cuid gealltanas a chomhlíonadh atá déanta aici in idirbheartaíochtaí comhpháirtíochta. Gur féidir léi ról ceannais a ghlacadh sa mhéid go mbaineann idirbheartaíochtaí faoi chomhpháirtíocht shóisialta le reachtaíocht um Chearta Fostaíochta agus comhlíonadh i dtaobh Cearta Fostaíochta. | I rith 2010, rinne an Roinn dul chun cinn ar phríomhthiomantais reachtaíochta i réimsí cearta fostaíochta agus caidreamh tionsclaíoch, caidreamh le páirtithe leasmhara ar cheisteanna a thiocfadh aníos agus a leithéid de thiomantais á gcomhlíonadh. |
| 5. | Gealltanais sonracha maidir le Dlí Fostaíochta a chomhlíonadh.. | **Bille um Chomhlíonadh Dlí Fostaíochta 2008**<br>Lean an Roinn leis an gcomhchaidreamh leis na Comhpháirtithe Sóisialta tar éis don Bhille um Chomhlíonadh an Dlí Fostaíochta dul tríd an dara staid sa Dáil i Márta 2009. Ullmhaíodh leasuithe ar an mBille agus rinne an Rialtas faomhadh orthu i Samhain 2010. Níor cheadaigh tosaíochtaí |

| | Sprioc | Dul Chun Cinn ar Ghníomhaíochtaí Straitéiseacha |
|---|---|---|
| | | reachtaíochta an Rialtais, áfach, do bhreis breithniúcháin an Oireachtais ar an mBille sar ar thit an Bille ar lár ar díscaoileadh an 30ú Dáil i bhFeabhra 2011.<br><br>**“Sceithireacht” – Gnéithe de Chosaint an Fhostaí**<br>Chuir an Roinn le forbairt fhorálacha cosanta, a áiríodh ar dtús sa Bhille um Chomhlíonadh an Dlí Fostaíochta 2008 chun críche an Bhille sin, do roinnt Billí urraithe ag Ranna eile, is iad sin:<br><br>• An Bille um Chosc ar Chaimiléireacht (Leasú) 2008 [achtaithe mar Ghníomh Uimh. 33 de 2010];<br>• Bille Iascaigh Intíre 2010 [achtaithe mar Ghníomh Uimh. 10 de 2010];<br>• Bille um Seirbhísí Maoine (Rialachán) 2009;<br>• An Bille Rialtais Áitiúil (Méara agus Tionór Réigiúnach Bhaile Átha Cliath) 2010.<br><br>**An Bille Caidrimh Thionscail (Leasú) 2009**<br>Chríochnaigh an Bille Caidrimh Thionscail (Leasú) 2009, a chuaigh tríd gach staid sa tSeanad i 2009, an Dara Staid sa Dáil. Ba í aidhm an Bhille nuashonrú agus neartú a dhéanamh ar na socruithe atá ann le hOrduithe Rialaithe Fostaíochta agus Comhaontuithe Fostaíochta Cláraithe a dhéanamh agus soláthar a dhéanamh dá bhfeidhmiú níos éifeachtaí.<br><br>**Céimeanna Éigeandála Airgeadais in Acht um Leas an Phobail 2010**<br>Tugann Alt 13 de na Céimeanna Éigeandála Airgeadais san Acht um Leas an Phobail 2010, feidhm do chinneadh an Rialtais an Pá Íosta Náisiúnta a laghdú chuig €7.65. Tháinig an laghdú i bhfeidhm ar an 1 Feabhra 2011. Ba chuid den Phlean Téarnaimh Náisiúnta a foilsíodh ar an 24 Samhain 2010 é cinneadh an Rialtais an Pá Íosta Náisiúnta a laghdú.<br><br>**An Bille um Rialú Gníomhaireachta Fostaíochta 2009**<br>I Meitheamh 2010, chuaigh an Bille trí Chéim an Choiste sa Dáil. Tá soláthar sa Bhille go mbeidh ar ghníomhaireachtaí fostaíochta a bhíonn ag tairiscint seirbhíse sa Stát ceadúnas a bheith acu in Éirinn nó i mBallstát eile den EEA. Tá soláthar sa Bhille freisin do Choiste Comhairleach le Cód Cleachtais a ullmhú mar threoir don earnáil.<br><br>**Comhairliúchán ar Thrasuíomh Threoir an AE ar Obair Shealadhach Ghníomhaireachta**<br>I nDeireadh Fómhair 2010, sheol an Roinn doiciméad comhairliúcháin ar thrasuíomh Threoir an AE ar Obair |

| | Sprioc | Dul Chun Cinn ar Ghníomhaíochtaí Straitéiseacha |
|---|---|---|
| | | Shealadach Ghníomhaireachta chuig Dlí na hÉireann. Fuarthas freagraí ó phríomhpháirtithe leasmhara. Cabhróidh na freagraí a fuarths le hullmhú na reachtaíochta príomha atá riachtanach. |
| 6. | Fostaithe agus Fostóirí a chur ar an eolas maidir leis na teidlíochtaí atá ag an bhfostaí agus na dualgais atá ar an bhfostóir de réir reachtaíocht fostaíochta in Éirinn. Cuirtear béim ar leith ar na fostaithe is leochailí i ngach earnáil den gheilleagar. . | Cuireann an tÚdarás Náisiúnta Cearta Fostaíochta (ÚNCF) ceartaithe fostaíochta na n-oibrithe chun cinn agus déanann iad a chosaint trí eolas asholáthr, trí fhorfheidhmiú na reachtaíochta fostaíochta ag an láthair oibre agus, nuair is gá é, imeachtaí dlí a thionscain maidir le cionta a aimsítear.<br><br>I 2010, bhí an ÚNCF rannpháirteach i 6 ceardlann/seó bóthair agus 46 seimineár ag malartú eolais le comhlachtaí eile, idir phríobháideadch agus phoiblí, ar a n-áirítear na cinn ina raibh fostóirí, ceardchumainn, comhairle saoránach, oideachais, ionadaíocht ghairmiúil agus eile páirteach iontu. Rinne an ÚNCF cigireacht ar 5,063 fostóir agus chríochnaigh 7,164 cás cigireachta le linn na tréimhse seo. Soláthraíodh eolas freisin trí lárionad glaonna ar leith an ÚNCF ar a bhfuil saoráid soláthair eolais 24-uair an chloig agus déanadh déileáil le 121,435 glaoch i 2010. |
| 7. | Comhairle a chur ar fáil maidir le gach saincheist ábhartha faoi beartas sláinte agus sábháilteachta ag an obair agus eagraíochtaí a spreagadh le cloí le beartas Rialtais maidir le sláinte agus sábháilteacht ag an obair. | D'oibrigh an Roinn leis an Údarás Sláinte agus Sábháilteachta (ÚSS) ag tacú le hionaid oibre níos sábháilte agus polasaithe oiriúnacha a fhorbairt agus a athbhreithniú sa réimse sláinte agus sábháilteachta ceirde, le híoslaghdú a dhéanamh ar bhaol maidir leis an gcostas daonna agus an costas ar ghnó. |
| 8. | Monatóireacht a dhéanamh ar ghníomhaíocht an Údarás Sláinte agus Sábháilteachta, tacú léi agus measúnú a dhéanamh uirthi.<br>Idirchaidreamh a bheith againn leis an Údarás Sláinte agus Sábháilteachta maidir le ceisteanna faoi acmhainní. | I 2010, d'oibrigh an tÚdarás le sábháil suntasach a bhaint amach ag teacht le riachtanas an Rialtais caiteachas poiblí a laghdú (shábháil an tÚdarás €1.9m i 2010 ar Dheontas €21.959m) agus, ag an am gcéanna, d'éirigh leis ardchaighdeán cigireachta a bhaint amach in éineacht le hardchaighdeán eolais, comhairle agus treoir a sholáthar d'fhostóirí agus d'fhostaithe araon trí shraith nuálaíochtaí agus éifeacht.<br><br>Choimeád an Roinn caidreamh rialta, leanúnach leis an Údarás ar cheisteanna acmhainne, idir airgeadais agus fhoirne. Tionóladh ceithre chruinniú foirmeálta Teagmhála. Ina theannta sin, chuir an tÚdarás, faoi mar is gá ó thaobh an dlí de, Tuarascáil Bhliantúil ar fáil agus foilsíodh Cuntais iniúchta. |

| | Sprioc | Dul Chun Cinn ar Ghníomhaíochtaí Straitéiseacha |
|---|---|---|
| 9. | Tacú le bearta le haghaidh áiteanna oibre níos sábháilte, ráta na ngalar ceirde agus na dtimpistí ag an obair a laghdú agus leanúint orainn ag obair d'fhonn dlí simplí maidir le sláinte agus sábháilteacht ag an obair a dhéanamh atá éasca le cur i bhfeidhm. | I bhfianaise na gceisteanna tromchúiseacha sábháilteachta i dtalamhaíocht na hÉireann, thug an tAire na leasa go léir feirmeoireachta le chéile leis an imní a bhí air a chur in iúl maidir leis an líon mór daoine a fhaigheann bás ar fhirmeacha. D'iarr sé ar na feirmeoirí plean gníomhaíochta a chur le chéile le cur le hobair an Údaráis Sláinte agus Sábháilteachta ar shábháilteacht ar an bhfeirm.<br><br>Ó thaobh staitistice de, tá titim leanúnach ar bhás agus gortú a tuairiscíodh i mbun gairme le blianta beaga anuas. Tá an ráta báis tar éis titim ó 3.3 in aghaidh gach 100míle oibrí i 2005 go dtí 2.3 in aghaidh gach 100míle oibre i 2010. Tá an líon is lú cigirí allamuigh san AE ag an Údarás Sláinte agus Sábháilteachta (in aghaidh gach 100,000).<br><br>Tá athbhreithniú leanúnach á dhéanamh ar reachtaíocht Sláinte agus Sábháilteachta. I 2010, leasaíodh an tAcht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair 2005 agus críochnaíodh dhá Ionstraim Reachtúil. |
| 10. | Acht um Rialú agus Forfheidhmiú maidir le Ceimiceáin a thabhairt isteach atá dírithe ar rialúcháin "REACH" (Clárú, Meastóireacht agus Údarú Ceimiceán) a chomhlíonadh an oiread agus is féidir. | Thug an Roinn isteach agus chuir sí chun cinn Bille Ceimiceán (Leasú) le hachtú i rith 2010. Sholáthair Achtanna na gCeimiceán 2008 agus 2010 bonn dlíthiúil d'fhorfheidhmiú roinnt Rialachán ag an AE maidir le ceimiceaín (REACH; Rangú, Lipéadú agus Pacáistiú; Glantaigh, agus Iompórtáil agus Easpórtáil Cheimiceán Contúirteacha faoi Choinbhinsiún Rotterdam).<br><br>Is foráil tábhachtach den reachtaíocht é comhoibriú idir na húdaráis inniúla éagsúla ainmnithe, toisc go bhfuil sé mar aidhm uasleas a bhaint as acmhainní Stáit agus íoslaghdú a dhéanamh ar an gcostas ar thionscail a léiríonn go bhfuil siad á chomhlíonadh. Déanadh dul chun cinn i 2010 maidir le meabhráin tuisceana a fhorbairt idir an Údarás Sláinte agus Sábháilteachta agus údaráis eile inniúla, a sholáthródh bonn do chomhoibriú níos fearr. Ba chóir go gcabhródh ardú feasachta tionscail ag an Údarás Sláinte agus Sábháilteachta ach go háirithe, i gcomhthéacs a shainchúram faoin Acht, leis an gcomhlíonadh is mó a bhaint amach. |

| | Sprioc | Dul Chun Cinn ar Ghníomhaíochtaí Straitéiseacha |
|---|---|---|
| 11. | A chinntiú go n-íoctar a n-íocaíochtaí iomarcaíochta reachtúla agus a dteidlíochtaí dócmhainneachta le hoibrithe. | Leis an lagtrá eacnamaíochta tá méadú suntasach ar líon na n-éileamh a chuirtear chuig an Rannán Íocaíochta Dócmhainneachta agus Iomarcaíochta. I 2010, déanadh 58,731 éileamh iomarcaíochta i gcomparáid le 77,001 i 2009, ar laghdú 31% é. Déanadh próiseáil ar 73,851 éileamh iomarcaíochta i 2010 i gcomparáid le 50,664 i 2009, ar mhéadú 46% é. Íocadh €469.97 milliún (ar fad) in íocaíochtaí reachtúla iomarcaíochta i 2010, i gcomparáid le €335.86 milliún i 2009, ar mhéadú 40% é.<br><br>Cuireadh 23,263 éileamh dócmhainneachta isteach i 2010 i gcomparáid le 21,411 i 2009, ar mhéadú 9% é. Déanadh próiseáil ar 21,302 éileamh i 2010 i gcomparáid le 20,172 i 2009, ar mhéadú 6% é. Íocadh €23.59 milliún faoin scéim dócmhainneachta i 2010, i gcomparáid le €19.96m i 2009, ar mhéadú 18% é. Soláthraíodh acmhainní breise don Rannán Íocaíochta Iomarcaíochta d'fhonn a chinntiú go mbainfí leibhéal imleor seirbhíse amach don chustaiméir. Mar sin féin, bhí dúshlán ag baint le líon na n-éileamh a tháinig isteach i gcaitheamh 2010.<br><br>Ar an 1 Eanáir 2011, aistríodh freagracht maidir le riaradh an dá scéim íocaíochta chuig an Roinn Coimirce Sóisialaí. |
| 12. | Iarrachtaí tras-Ranna agus tras-Ghníomhaireachta a chomhordú, de réir mar is cuí, chun roinnt de na cuspóirí thuas a bhaint amach i gcomhar le Ranna eile. | I rith 2010, bhí an Roinn mar chathaoirleach ar Ghrúpa Tras-Ranna/Tras-Ghníomhaireachta Ceimiceán, a bhí dírithe ar dhea-chaidreamh agus comhordú a chinntiu i measc na Ranna agus na nGníomhaireachtaí éagsúla a raibh ról acu faoi Achtanna na gCeimiceán 2008 agus 2010. Tá soláthar sa reachtaíocht maidir le socruithe comhoibrithe a dhéanamh idir na húdaráis inniúla. |
| 13. | Bainisteoimid polasaí um imirce eacnamaíochta agus na scéimeanna gaolmhara um cheadanna fostaíochta le deimhin a dhéanamh de, nuair is gá, gur féidir lucht saothair oilte a earcú go héifeachtach agus go tapaidh ó lasmuigh den Limistéar Eorpach Eacnamaíoch. | Níorbh fhéidir sprioc 15 lá oibre a choimeád do gach scéim cheadúnais i rith 2010. Tugadh tosaíocht do cheadúnais faoi scéimeanna an charta glas agus Ionchuideachta ar déanadh próiseáil orthu laistigh den sprioc seo i 2010. |

# CRANN TACA 6 Ár Spriocanna Straitéiseacha a sheachadadh.

**Sprioc Ardleibhéil**

Leibhéal ard tacaíochta gairmiúla, seirbhíse agus comhairle a chur ar fáil agus éascaíocht á déanamh againn do chur i ngníomh spriocanna gnó na Roinne ar shlí a chinntíonn Luach ar Airgead. Leanúint de bheith i dtús cadhnaíochta ar chlár oibre an nuachóirithe ar fud na Seirbhíse Sibhialta agus na Seirbhíse Poiblí ag an am céanna

I 2010, tharla roinnt athruithe ar fhreagrachtaí Aireachta agus Rannach ar a raibh aistriú freagrachta trí Ranna ar roinnt réimsí i Márta 2010. Chun críche na Roinne seo, bhí aistriú amach ar fheidhmeanna i gceist i mBealtaine 2010 a bhain le hoiliúint scileanna, cláir agus seirbhísí fostaícohta chuig an Roinn Oideachais agus Scileanna (ROS). Aistríodh freagracht maidir le FÁS, an ghníomhaireacht a sholáthraíonn cláir oiliúna agus fhostaíochta, chuig ROS. Aistríodh na feidhmeanna íocaíochta iomarcaíochta agus dócmhainneachta chuig an Roinn Coimirce Sóisialaí le feidhm ón 1 Eanáir 2011. Ag an am gcéanna, ghlac an Roinn le freagracht maidir leis na feidhmeanna a bhaineann leis an gClár um Thaighde in Institiúidí Tríú Leibhéal (CTITL) ón Roinn Oideachais agus Scileanna. Ina theannta sin, leis na hathruithe ar fhreagrachtaí Aireachta ceapadh Aire nua agus tríúr Aire Stáit nua i gcaitheamh na bliana.

I rith 2010, d'oibrigh foireann na Roinne i dteannta a chéile le tacaíocht, seirbhísí agus comhairle ardleibhéil ghairmiúil a sholáthar le tacú le feidhmeanna agus freagrachtaí na Roinne maidir le freastal ar a cuspóirí gnó. Leanamar le caidreamh gníomhach maidir leis an gclár oibre nuachóirithe agus éifeachta a bheith á thiomáint go lárnach. Bliain athruithe ba ea 2010 le clabhsúr ar Chomhaontú na Seirbhíse Poiblí 2010-2014 agus forbairt ar phlean gníomhaíochta Rannach leis an athrú riachtanach a thiomáint agus a sholáthar. Níorbh fhéidir seo a bhaint amach ach le hionchur agus comhoibriú fhoireann na Roinne agus cuireadh an cheád phlean gníomhaíochta ag an Roinn maidir le forfheidhmiú Chomhaontú na Seirbhíse Poiblí isteach i nDeireadh Fómhair 2010.

| | Sprioc | Dul Chun Cinn ar Ghníomhaíochtaí Straitéiseacha |
|---|---|---|
| 1. | Tacú leis an Aire agus leis an Aire Stáit agus Beartas an Rialtais á sheachadadh acu | Cheap an Roinn Aire nua agus tríúr Aire Stáit i Márta agus Bealtaine 2010, faoi seach. Sholáthair an Roinn comhairle iomchuí agus ábhar faisnéise i rith na bliana maidir le réimse na bhfreagrachtaí faoi shainchúram na Roinne do gach Aire, agus d'oibrigh sí leo le polasaí an Rialtais a chur chun cinn. |
| 2. | An tSeirbhís is airde cáilíochta a thabhairt dár gcustaiméirí | Tuigimid go bhfuil ár mbonn custaiméirí leathan agus éagsúil agus gur suim le gach saoránach ár ngnó. I rith 2010, leanamar leis na hardchaighdeáin a bhí legtha síos againn dúinn féin inár gCairt Seirbhíse Custaiméirí a bhaint amach, agus chuireamar le réimse ár seirbhísí ar líne, ar a n-áirítear na réimsí a bhaineann le Clárú Paitinne agus Cuideachta. |
| 3. | Tacaíocht ardcháilíochta a chur ar fáil do chórais oibre / pléite Bhord Bainistíochta na Roinne. | Is é atá i mBord Bainistíochta na Roinne ná an tArd-Rúnaí, Rúnaithe Cúnta, agus POF Forfás agus Ceannasaí an Aonaid Tacaíochta Bainistíochta. Tagann sé le chéile de ghnáth uair sa choicíos agus ar ócáidí eile de réir mar a éilíonn an clár oibre. I rith 2010, lean an Bord le feidhmiú a phríomhfheidhme maidir le comhairle a thabhairt don Aire agus don Ard-Rúnaí ar cheisteanna polasaí agus oibriúcháin a mbeadh tionchar acu ar an Roinn agus ar a páirtithe iomadúla leasmhara. Cabhraíodh leis sa ról seo trí fhaisnéis agus ábhar tacaíochta iomchuí a sholáthar ó Aonaid ar fud na Roinne, faoi mar ba ghá. |
| 4. | A chinntiú go mbreithnítear ar cheisteanna tras-Ranna agus tras-Rannóga i Rannóga éasgúla go léir na Roinne | I rith 2010, lean an Roinn le breithniú a dhéanamh ar mhórán ceisteanna a bhféadfadh tionchar a bheith acu ar ár bpáirtithe leasmhara, ach nach mbeadh go hiomlán faoi shainchúram na Roinne. Áirítear ar na samplaí: an clár oibre iomaíochais, polasaí cánach fiontair, an cur chuige uile-Rialtais maidir leis an Straitéis ar Eolaíocht, Teicneolaíocht agus Nuálaíochta, rialúchán níos fearr ar ghnó agus cearta fostaíochta, etc. Ba í an aidhm a bhí leis ná comhoibriú ar sheasamh corparáideach a fhorbairt ar na príomhcheisteanna a mbíonn tionchar acu ar ár bpáirtithe leasmhara agus pléadáil ar son an dearcadh sin ar fud an Rialtais. |
| 5. | A chinntiú go nglacfaidh an fhoireann bainistíochta bearta cuí ar fud na heagraíochta chun na rioscaí nach bhfuil cosaint ag an Roinn orthu a aithint agus iad a bhainistiú go héifeachtach | Lean an Roinn leis an bpolasaí bainistíochta riosca aici a chur i bhfeidhm, agus d'fhoilsigh sí polasaí athcheartaithe bainistíochta riosca i Meitheamh 2010. |

| | Sprioc | Dul Chun Cinn ar Ghníomhaíochtaí Straitéiseacha |
|---|---|---|
| 6. | Trédhearcacht a a chinntiú maidir le húsáid cistí poiblí a leithdháiltear don Roinn agus dá cuid Gníomhaireachtaí. | D'fhoilsigh an Roinn a Ráiteas Bliantúil Aschuir do 2010, ag tabhairt sonraí ar Phríomhréimsí ar a gcaithfí a buiséad, in éineacht leis na spriocanna ardleibhéil agus na cuspóirí feidhmíochta do gach Clár-Réimse. Tugadh imlíne sa Ráiteas freisin ar an bhfreastal a déanadh ar an spriocanna feidhmíochta do 2009. Chuir an tAire an Ráiteas Bliantúil Aschuir gaoi bhráid an Roghchoiste ar Fhiontar, Trádáil agus Fostaíocht ar an 23ú Meitheamh 2010, mar chuid de bhreithniú an Choiste ar Mheastachán 2010 na Roinne. Tá sé ar fáil i rannóg Foilseachán suíomh gréasáin na Roinne ag : www.deti.ie |
| 7. | A chinntiú go dtaibhítear caiteachas na Roinne de réir nósanna imeachta airgeadais phoiblí seanbhunaithe agus go ndéantar monatóireacht agus taifeadadh air dá réir. Iarracht a dhéanamh maidir le Luach ar Airgead a fheabhsú i riarachán gnóthaí na Roinne. | Déanadh dlúthmhonatóireacht ar chaiteachas agus éifeacht riaracháin tríd an Roinn agus a Gníomhaireachtaí i 2010 agus tugadh tuairisc rialta orthu do Bhord Bainistíochta na Roinne, don Aire agus don Roinn Airgeadais. Foilsíodh Tuarascáil Bhliantúil agus Cuntais Leithghabhála an tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste do 2009 i Meán Fómhair 2010 agus níor aithníodh ceist ar bith maidir le Cuntas Leithghabhála na Roinne. |
| 8. | Ag obair chun luach ar airgead a bhaint amach trí chleachtais ceannaigh éifeachtúla | Soláthraíonn Aonad Comhordaithe Soláthair na Roinne eolas agus comhairle d'fhoireann a bhíonn i mbun an phróisis soláthair. Ag teacht le dea-chleachtas, déanaimid de réir na rialacha agus na rialacháin a bhaineann le soláthar poiblí le luach ar airgead a chinntiú. I rith 2010, lean an Roinn agus na hOifigí agus na Gníomhaireachtaí faoina coimirce, le tionscnamh na Seirbhíse Náisiúnta Soláthair (SNS) ar réimse céimeanna le luach níos fearr a fháil ar airgead ón ár gcaiteachas soláthair. Bhain an Roinn féin sábháil sa bhreis ar €150,000 amach ar chonarthaí d'earraí agus seirbhísí os cionn €100,000 a ceannaíodh i rith 2010. Chuir sábháil na Roinne leis an sábháil iomlán de €6m a thaifead an SNS do 2010. |
| 9. | Seirbhís Iniúchóireachta inmheánach bunaithe ar riosca a chur ar fáil a thugann ráthaíocht don bhfoireann bainistíochta maidir leis na córais rialaithe | Trí fhorfheidhmiú an phlean iniúchta bliantúil, sholáthair an tAonad Iniúchóireachta Inmheánaí (AII) tacaíocht, seirbhís agus comhairle gairmiúil ardleibhéil in éascú fhorfheidhmiú spriocanna gnó na roinne maidir le luach ar airgead a bhaint amach le soláthar earraí agus seirbhísí.<br><br>Lean AII na Roinne le dearbhú a sholáthar don Oifigeach Cuntasachta maidir le dóthaineacht chórais rialaithe inmheánacha na Roinne agus na nOifigí sin atá díreach faoi shainchúram na Roinne. Chuige seo, cuirteadh clár gníomhaíochta le chéile  i Nollaig 2009 do 2010, agus rinne an Coiste Iniúchta Rannach athbhreithniú agus |

| | Sprioc | Dul Chun Cinn ar Ghníomhaíochtaí Straitéiseacha |
|---|---|---|
| | | monatóireacht air.<br><br>I rith 2010, déanadh an áirithe sin iniúchtaí ar chórais rialaithe inmheánacha na Roinne. Chuir an clár oibre a críochnaíodh i 2010 ar chumas an AII dearbhú a sholáthar don Oifigeach Cuntasaíochta maidir le síniú an Ráitis ar Rialú Airgeadais Inmheánaigh, a ghabhann leis an gCuntas Leithghabhála bliantúil.<br><br>Rinne an AII comhlíonadh freisin ar dhualgais na Roinne maidir le clár gníomhaíochta iniúchóireachta a bheidh le déanamh sna heagraíochtaí a fhaigheann cistiúchán ó Chiste Sóisialta na hEorpa (CSE) |
| 10. | A chinntiú go bhfuil na hacmhainní daonna is gá leo ag an Roinn agus go bhfuil na scileanna acu atá ag teastáil chun ár gcuid spriocanna gnó a bhaint amach; go bhfuil bainistíocht agus forbairt éifeachtach á déanamh orthu tríd an gCóras d'Fhorbairt agus Bainistíocht Feidhmíochta) agus trí tuilleadh gnáthchúrsaí acmhainní daonna a chur faoi chúram bainisteoirí líne; agus timpeallacht a chruthú ina gcothaítear comhionannas deise agus meas ar a chéile. | I gcomhthéacs srianta suntasacha a bheith ar acmhainní, thug an Roinn tosaíocht d'fhoireann a leithdhaíleadh chuig na réimsí ba mhó brú (Íocaíochtaí Iomarcaíochta / Dócmhainneachta). Soláthraíodh roinnt gníomhaíochtaí faoi Straitéis AD 2008-2010, ar cheann dá phríomhchuspóirí tacú le dílárú AD ó lá go chéile chuig bainisteoirí líne, mar a soláthraítear iad (Treoirlínte ar Bhainistícht Tearcfheidhmíochta críochnaithe agus scaipthe; Polasaí Idirghbhála críochnaithe agus scaipthe; Suirbhé ar chomhsheasmhacht bhainistíocht áitiúil AD le hanailís air; Agallaimh ar Theacht agus Imeacht tugtha isteach). Déanadh monatóireacht ar chomhlíonadh PMDS agus soláthraíodh mionanailís staitisticiúil ar rátaí comhlíonta agus leithdháilte don Bhord Bainistíochta. Freastlaíodh ar riachtanais oiliúna agus forbartha na foirne a aithníodh trí phróiseas an PMDS i rith 2010. |

| | Sprioc | Dul Chun Cinn ar Ghníomhaíochtaí Straitéiseacha |
|---|---|---|
| 11. | Teicneolaíochtaí Faisnéise agus Cumarsáide cuí a chur ar fáil a chuirfidh ar chumas ár gcliant rochtain a fháil ar an eolas agus ar na seirbhísí atá uathu chun a gcuid gnóthaí a chur i gcrích trí bhonneagar TFC slán a úsáid a sheachadann sonraí faoi rún, go slán sábháilte agus go sofhaighte. | Lean an Roinn le tacaíocht a thabhairt d'infrastruchtúr suntasach, éagsúil ICT i rith 2010. Déanadh roinnt feabhsúcháin i rith na bliana a thug breis athléimneachta nó eacnamaíochta, ar a raibh:<br>• Uasghrádú agus paisteáil ar roinnt seirbhísí riachtanacha, ar a raibh Croísheirbhís Párolla, sraith Airgeadais Oracal agus córais Íocaíochta Iomarcaíochta/Dócmhainneachta.<br>• Tosaíodh ar uasghrádú suntasach ar infrastruchtúr r-phoist na Roinne.<br>• Cuireadh le hinfrastruchtúr Eolaire Gníomhach Windows chuig córais bhreise, le feabhas a chur ar bhainistíocht agus slándáil friothálaithe Windows.<br>• Cuireadh uirlisí nua gréasáin isteach le monatóireacht agus bainistíocht feabhsaithe ar sheirbhísí riachtanacha a sholáthar.<br>• Déanadh uasghrádú ar lasc-chláir líonra i roinnt d'fhoirgnimh na Roinne. Cuireadh córais teileafóin Prótacal Idirlín don Ghuthú (VOIP) ag feidhmiú i roinnt d'fhoirgnimh na Roinne.<br>• Cuireadh infrastruchtúr nua óstála ar líne san Ionad Sonraí Ioncaim. |
| 12. | A chinntiú go bhfuil teacht ag an Roinn ar scileanna agus acmhainní TFC cuí. | Déanadh straitéis nua oiliúna TFC a fhorbairt agus a fheidhmiú i rith 2010. Tugahd meicníochtaí nua le hoiliúint a sholáthar, mar oiliúint físbhunaithe, agus oiliúint nua níos giorra le breis fócais isteach le freastal níos fearr a dhéanamh ar riachtanais na foirne ag obair i dtimpeallacht ina bhfuil srian ar acmhainní. |

| | Sprioc | Dul Chun Cinn ar Ghníomhaíochtaí Straitéiseacha |
|---|---|---|
| 13. | D’fhonn a chinntiú go bhfreastalaíonn an teicneolaíocht ar riachtanais ghnó gach rannóige den Roinn agus a cuid Oifigí déanfaidh an tAonad TFC tograí a sheachadadh i gcomhar le haonaid ghnó. Déanfar é seo trí shocruithe feabhsaithe maidir le rialachas togra lena n-áirítear Bainistiú Togra ar glacadh leis mar mhodh bainistíochta. | Lean an Roinn leis na modheolaíochtaí foirmeálta bainistíochta tionscadail a neadú ina thionscadail TF, agus caithfidh gach tionscadal TF do chórais gnó nua nó athruithe, déanamh de réir dea-chleachtas rialachais chorparáide agus iad á mbainistiú ag úsáid mhodheolaíochtaí bainistíochta tionscadail bunaithe ar PRINCE2. Faigheann goireann uile TFC oiliúint fhoirmeálta bainistíochta tionscadail nuair a thagann siad isteach san Aonad TFC. Ina theannta sin, chuir an Roinn próisis nua i bhfeidhm le nósanna imeachta nua rialaithe TFC a chuir an Roinn Airgeadais ann a chomhlíonadh le dea-chleachtas i rialachas TFC a chinntiú.<br><br>Ar na mórthionscadail tionscnaimh i gcaitheamh na bliana bhí:<br>• Déanadh beo an fhorbairt ar Chóras Bainistíochta Ceadanna Fostaíochta, le feabhas a chur ar éifeacht na próiseála agus ar thuairisciú bainistíochta.<br>• Forbairt agus feidhmiú chórais nua inlín don Údarás Náisiúnta Cearta Fostaíochta, a sholáthraíonn roinnt faisnéise agus caidreamh leis an ÚNCF.<br>• Cuireadh i bhfeidhm suíomh nua gréasáin “Pointe Amháin Teagmhála”. Déanann an suíomh gréasáin dualgas a chomhlíonadh faoi Threoir an AE maidir le Seirbhísí, ag cabhrú le soláthróirí seirbhíse ar mhian leo seirbhísí a sholáthar in Éirinn, ach iad a chur i dteagmháil leis na húdaráis inniúla iomchuí.<br><br>Ina theannta sin, bhí Aonad TFC na Roinne i mbun freagra na Roinne ar dhá éigeandáil aimsire i 2010. Mar bhall den choiste práinfhreagartha idir-Rannach, déanadh deimhin de gur coimeádadh gníomhaireachtaí na Roinne agus príomhpháirtithe leasmhara tionscail ar an eolas, agus iad in ann cur le forbairtí sa bhfreagra náisiúnta. |
| 14. | An Luach is fearr ar Airgead a fháil as infheistíochtaí teicneolaíochta a rinneadh cheana agus a dhéanfar amach anseo. | Lean an Roinn le hathbhreithniú a dhéanamh ar úsáid acmhainne TFC mar fhreagra ar Chiorclán na Roinne Airgeadais 02/09 ar rialachas corparáideach agus níos mó féindóthaine i soláthar TFC, agus de réir phrionsabail dea-rialachais chorparáideach. Ar na tionscadail suntasacha ar tugadh futhu i 2010 bhí:<br>• Déanadh staidéar Próisis Athinnealtóireachta Gnó ar an mBinse Achomhairc Fostaíochta agus ar an gCoimisiún um Chaidreamh Oibreachais, a rinne roinnt moltaí le feabhas a chur ar éifeacht. Tá cuid acu seo curtha i bhfeidhm cheana féin. Beidh cuid eile mar bhonn le feabhas a chur ar phróisis oibre mar chuid den chlár |

| | Sprioc | Dul Chun Cinn ar Ghníomhaíochtaí Straitéiseacha |
|---|---|---|
| | | Athchóirithe Cearta Fostaíochta.<br>• Fuair an Roinn teicneolaíocht nua r-Fhoirmeacha, le comhdhlúthú agus simpliú a dhéanamh ar sholáthar seirbhísí mar a soláthródh foirmeacha leictreonacha nó ar líne éifeachtaí<br>Soláthraíodh iad seo agus tionscadail eile agus tacaíocht leanúnach córais laistigh de leithdháileadh laghdaithe buiséide do thacaíocht TFC. |
| 15. | Barrchleachtas maidir le cúrsaí comhshaoil a fhí isteach inár gcuid oibríochtaí TFC. | Lean an Roinn le leas a bhaint as feabhas a cuireadh i bhfeidhm i gcleachtais timpeallachta i rith 2009 a chuir le laghdú 9% ar úsáid fuinnimh i dtrí phríomhfhoirgneamh na Roinne.  Bhí idirchaidreamh ag an Roinn freisin le SEAI le scrúdú a dhéanamh ar tuilleadh roghanna maidir le héifeachtúlacht fuinnimh. |
| 16. | Timpeallacht oibre shláintiúil shábháilte a chothú dár bhfoireann agus do chuairteoirí in oifigí na Roinne. | Mar an Roinn a bhfuil freagracht uirthi maidir le polasaí Sláinte agus Sábháilteacht ag an láthair oibre, táimid mórálach as an timpeallacht oibre sláintiúil agus sábháilte a sholáthraímid dár bhfoireann agus do chuairteoirí.<br><br>I Samhain 2010, déanadh Polasaí Sábháilteachta athcheartaithe don Roinn agus a hOifigí, Ráiteas Sábháilteachta Sainiúil don Láthair do gach foirgneamh Roinne agus gach Oifig Roinne, Achoimre Fheidhmeach ar Ráitis Sábháilteachta agus Measúnaithe Riosca ar a mbíonn Ráitis Sábháilteachta bunaithe, a dháileadh ar an bhfoireann uile.  Sa Ráiteas Sábháilteachta do gach foirgneamh sonraítear an bealach ina mbainfear amach sábháilteacht, sláinte agus leas ag an obair don fhoireann ar fad agus conas a dhéanfar é a bhainistiú ar fud na Roinne agus a hOifigí.  Sonraítear freisin ann dualgais agus freagrachtaí na foirne go léir agus dualgais agus freagrachtaí na hArdbhainistíochta agus na Meán-Bhainsitíochta maidir le sábháilteacht, sláinte agus leas ag an obair. |

| | Sprioc | Dul Chun Cinn ar Ghníomhaíochtaí Straitéiseacha |
|---|---|---|
| 17. | Ár gcuid oifigí go léir a bhainistiú ar shlí atá inrochtana agus tíosach ar fhuinneamh. | Leanann an Roinn ag cinntiú go mbíonn ár n-oifigí inrochtana agus éifeachtach ó thaobh fuinnimh de. I gcomhoibriú le hOifig na nOibreacha Poiblí, bhunaigh an Roinn foirne éigeandála ina príomhfhoirgnimh agus Oifigí d'fhonn na spriocanna sábháilte fuinnimh a leagadh amach sa Straiteís Náisiúnta um Athrú Aeráide a bhaint amach.<br><br>Tá foirgnimh na Roinne áirithe i dTionscadal Optamaithe Cumhachta ag an Obair an OPW ar bhonn céimnithe, ag tosú leis na foirgnimh is mó. Baineadh sábháil suntasach fuinnimh amach i 2010 i ngach ceann d'fhoirgnimh na Roinne a bhí rannpháirteach. |
| 18. | Feabhas a chur ar éifeachtacht bainistíochta agus trédhearcachta ár gcuid gnó, rud lena n-áirítear faisnéis ardcháilíochta faoi Shaoráil Faisnéise agus instraimí eile nach í, agus cumarsáid éifeachtach a chur ar fáil go leanúnach ar fud na Roinne. | I rith 2010, rinne an Roinn próiseáil ar 114 iarratas faoi na hAchtanna um Saoráil Faisnéise 1997 go dtí 2003. Déanadh próiseáil ar gach ceann de na hiarratais seo laistigh den teorainn ama reachtúil atá leagtha síos (.i., 20 lá oibre).<br><br>Leanamar le húsáid a bhaint as ár suíomh gréasáin mar phríomhuirlis cumarsáide d'idirphlé lenár gcustaiméirí agus bhí comhairliúcháin phoiblí againn ar réimse ceisteanna ar a raibh an Treoir maidir le Seirbhísí sa Mhargadh Inmheánach agus dréachtScéim na Gaeilge don Roinn. Bhí caidreamh againn len ár bhfoireann trí roinnt slite, ar a n-áirítear ár n-inlíon, ár n-iris foirne, r-phost agus cruinnithe foirne. |
| 19. | An clár rollach le haghaidh Athraithe agus Nua-aoisithe sa Roinn a chur chun cinn agus tacú leis d'fhonn feabhas a chur ar sheachadadh seirbhísí chuig líon mór ár luchtanna leasa de réir a chéile. Leanúint orainn gach réimse den bpróiseas nua-aoisithe a chur chun cinn le meon na comhpháirtíochta. | Críochnaíodh Comhaontú na Seirbhísí Poiblí 2010-2014 (Comhaontú Pháirc an Chrócaigh) i 2010. Chuir an Roinn an chéad Phlean Gníomhaíochta isteach leis an gcomhaontú a fheidhmiú i nDeireadh Fómhair 2010. |

# Aguisín 1

## Meastachán (nó Buiséad don Roinn do 2010 lena n-áirítear táirgeacht shealadach do 2009).

### FIONTAR, TRÁDÁIL AGUS NUÁLAÍOCHT

I. Meastachán a dhéanamh ar an méid a bheidh ag teastáil sa bhliain dár críoch 31ú Nollaig 2010 do thuarastail agus chostais Oifige an Aire Fiontar, Trádála agus Fostaíochta, ag áireamh seirbhísí áirithe a riarann an Oifig sin, d'íocaíocht fhóirdheontais, deontais agus deontais i gcabhair, agus le híocaíocht a dhéanamh ar dheontais áirithe faoi scéimeanna airgeadtheoranta.

(a) tríd an soláthar bliantúil reatha

**Míle, aon chéad agus ceithre mhilliún, ocht gcéad agus fiche ceathair míle euro**

**(€1,104,824,000)**

(b) trí iarratas a dhéanamh ar sheirbhísí soláthair chaipitil de leithghabhála nár caitheadh, ar féidir a ngéilleadh a iarchur faoi Alt 91 den Acht Airgeadais 2004.

**Sé mhilliún, ceithre chéad agus daichead míle euro**

**(€6,440,000)**

II. Fo-cheannteidil faoina ndéanfaidh Oifig an Aire Fiontar, Trádála agus Fostaíochta cuntas ar an Vóta seo.

| | | Táirgeacht Shealadach 2009 | | | **Meastachán 2010** | | | Athrú 2010 os cionn 2009 |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | Reatha | Caipiteal | **Iomlán** | Reatha | Caipiteal | **Iomlán** | |
| | **RIARACHÁN** | €000 | €000 | **€000** | €000 | €000 | **€000** | % |
| A.1 - | TUARASTAIL, PÁ AGUS LIÚNTAIS | 36,609 | - | **36,609** | 33,027 | - | **33,027** | -10% |
| A.2 - | TAISTEAL AGUS COTHABHÁIL | 1,199 | - | **1,199** | 1,102 | - | **1,102** | -8% |
| A.3 - | COSTAIS THEAGMHASACHA | 838 | - | **838** | 1,113 | - | **1,113** | 33% |
| A.4 - | SEIRBHÍSÍ POIST AGUS TEILEACHUMARSÁIDE | 940 | - | **940** | 840 | - | **840** | -11% |
| A.5 - | TREALAMH OIFIGE AGUS SOLÁTHARTÍ EILE OIFIGE AGUS SEIRBHÍSÍ GAOLMHARA | 4,682 | - | **4,682** | 4,599 | - | **4,599** | -2% |

| | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| A.6 - | COSTAIS ÁITRIBH OIFIGE | 1,232 | - | **1,232** | 1,400 | - | **1,400** | 14% |
| A.7 - | SEIRBHÍSÍ COMHAIRLIÚCHÁIN | 59 | - | **59** | 139 | - | **139** | 136% |
| A.8 - | FÓGRAÍOCHT AGUS POIBLÍOCHT | 199 | - | **199** | 314 | - | **314** | 58% |
| A.9 - | OIFIG AN STIÚRTHÓRA UM FHORFHEIDHMIÚ CORPARÁIDEACH | 5,605 | - | **5,605** | 6,086 | - | **6,086** | 9% |
| A.10 - | AN CHÚIRT OIBREACHAIS | 2,726 | - | **2,726** | 2,208 | - | **2,208** | -19% |
| A.11 - | AN TÚDARÁS NÁISIÚNTA UM CHEARTA FOSTAÍOCHTA | 7,936 | - | **7,936** | 7,824 | - | **7,824** | -1% |
| A.12 - | LUACH AR AIRGEAD AGUS ATHBHREITHNUITHE POLASAÍ | 18 | - | **18** | 89 | - | **89** | - |
| | *Fo-iomlán:-** | *62,043* | - | ***62,043*** | *58,741* | - | ***58,741*** | *-5%* |
| | **FORBAIRT FIONTAIR, EOLAÍOCHTA AGUS TEICNEOLAÍOCHTA** | | | | | | | |
| B.1 - | FORFÁS - DEONTAS DO CHOSTAIS RIARACHÁIN AGUS COSTAIS GHINEARÁLTA | 36,527 | - | **36,527** | 35,231 | - | **35,231** | -4% |
| B.2 - | FORFÁS – ÍOCAÍOCHTAÍ PINSIN AG ÉIRÍ AS ACHT NA GCÉIMEANNA AIRGEADAIS (FORÁLACHA ILGHNÉITHEACHA) | - | - | **-** | 7,720 | - | **7,720** | - |
| B.3 - | IDIRTHRÁDÁIL ÉIREANN | 2,114 | 5,986 | **8,100** | 2,037 | 5,811 | **7,848** | -3% |
| C.1 - | GFT EIREANN - DEONTAS DO CHOSTAIS RIARACHÁIN AGUS COSTAIS GHINEARÁLTA | 41,877 | - | **41,877** | 39,240 | - | **39,240** | -6% |
| C.2 - | GFT ÉIREANN - DEONTAIS DO THIONSCAIL | - | 65,364 | **65,364** | - | 85,000 | **85,000** | 30% |
| C.3 - | GFT ÉIREANN - DEONTAS D'OIBRÍOCHTAÍ FOIRGNÍOCHTA | - | 3,230 | **3,230** | - | 1,000 | **1,000** | -69% |
| D.1 - | GFT EIREANN - DEONTAS DO CHOSTAIS RIARACHÁIN AGUS COSTAIS GHINEARÁLTA | 93,056 | - | **93,056** | 86,531 | - | **86,531** | -7% |
| D.2 - | FIONTRAÍOCHT ÉIREANN - DEONTAS DO THIONSCAIL | 7,746 | 100,400 | **108,146** | 7,423 | 76,000 | **83,423** | -23% |
| D.3 - | FIONTRAÍOCHT ÉIREANN - DEONTAS DO CHAITEACHAS CAIPITIL | - | 2,400 | **2,400** | - | 1,500 | **1,500** | -38% |
| E.1 - | CUIDEACHTA FORBARTHA AERFORT NA SIONNAINE - DEONTAS DO CHOSTAIS RIARACHÁIN AGUS COSTAIS GHINEARÁLTA | - | - | **-** | 2 | - | **2** | - |
| E.2 - | CUIDEACHTA FORBARTHA AERFORT NEAMHCHUSTAIM NA SIONNAINE TEORANTA – DEONTAIS DO THIONSCAIL | - | 700 | **700** | - | 3,600 | **3,600** | - |
| E.3 - | AERFORT NEAMHCHUSTAIM NA SIONAINNE TEORANTA – ÍOCAÍOCHTAÍ PINSIN AG ÉIRÍ AS ACHT NA GCÉIMEANNA AIRGEADAIS (FORÁLACHA ILGHNÉITHEACHA) | - | - | **-** | 2,930 | - | **2,930** | - |
| F.1 - | CLÁIR EOLAÍOCHTA, TEICNEOLAÍOCHTA AGUS NUÁLAÍOCHTA (a) (b) ... | 20,262 | 297,292 | **317,554** | 18,925 | 274,393 | **293,318** | -8% |
| F.2 - | BAILE ÁTHA CLIATH – CATHAIR NA HEOLAÍOCHTA (b) --- | - | - | **-** | 538 | - | **538** | - |

| * | *Áiríonn coigilt de €500,000 tugtha anonn ó 2009 faoi théarmaí an Chomhaontaithe Riaracháin Cháinaisnéise.* |
|---|---|
| *(a)* | *Tagann figiúr Thoradh Sealadach 2009 don Fhotheideal seo leis an aistriú, le feidhm ón 18 Samhain 2009, ó Vóta 30 (Cumarsáid, Fuinneamh agus Acmhainní Nádúrtha) den fheidhm seo a leanas:- Scéim deontais Charles Parsons do thaighde fuinnimh.* |
| *(b)* | *Tá cuid den Fhotheideal seo áirithe sa tSruth Aonair Maoinithe d'Eolaíocht, Teicneolaíocht agus Nuálaíocht atá léirithe in Aguisín 4.* |



| | | Táirgeacht Shealadach 2009 | | | **Meastachán 2010** | | | Athrú 2010 |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | Reatha | Caipiteal | **Iomlán** | Reatha | Caipiteal | **Iomlán** | os cionn 2009 |
| | **FORBAIRT FIONTAIR, EOLAÍOCHTA AGUS TEICNEOLAÍOCHTA – ar lean** | €000 | €000 | **€000** | €000 | €000 | **€000** | % |
| F.3 - | GNÍOMHAÍOCHTAÍ TAIGHDE AGUS FORBARTHA (a)… | - | - | - | 27,500 | - | **27,500** | - |
| F.4 - | AN tÚDARÁS UM ARD-OIDEACHAS – DEONTAIS TÓGÁLA AGUS COSTAIS CHAIPITIL D'OLLSCOILEANNA AGUS COLÁISTÍ, INSTITIÚIDÍ TEICNEOLAÍOCHTA, INSTITIÚIDÍ SONRAITHE ARDOIDEACHAIS AGUS TAIGHDE AGUS FORBAIRT (DEONTAS I GCABHAIR) (a)… | - | - | - | - | 13,700 | **13,700** | - |
| G. - | FORBAIRT FIONTRAÍOCHTA CONTAE | 13,799 | 14,229 | **28,028** | 13,316 | 14,994 | **28,310** | 1% |
| H.1 - | MONATÓIREACHT AGUS MEASÚNÚ AR CHLÁIR AN AE | 19 | - | **19** | 89 | - | **89** | - |
| H.2 - | FORBAIRT FIONTRAÍOCHTA INTERREG | - | 507 | **507** | - | 2,152 | **2,152** | 324% |
| I. - | ÚDARÁS UM CHAIGHDEÁIN NÁISIÚNTA NA HÉIREANN – DEONTAS DO CHOSTAIS RIARACHÁIN AGUS CHOSTAIS GHINEARÁLTA | 7,965 | 256 | **8,221** | 6,932 | 500 | **7,432** | -10% |
| | *Fo-iomlán:-* | *223,365* | *490,364* | ***713,729*** | *248,414* | *478,650* | ***727,064*** | *2%* |
| | **FORBAIRT AN LUCHT SAOTHAIR** | | | | | | | |
| K.1 - | COSTAIS RIARACHÁIN AGUS COSTAIS GHINEARÁLTA FÁS | 150,111 | - | **150,111** | 44,310 | - | **44,310** | -70% |
| K.2 - | TACAÍOCHTAÍ TRAENÁLA AGUS TACAÍOCHTAÍ COMHTHÁTHAITHE FÁS | 83,130 | - | **83,130** | 22,184 | - | **22,184** | -73% |
| K.3 - | CLÁIR FHOSTAÍOCHTA FÁS | 424,669 | - | **424,669** | 127,831 | - | **127,831** | -70% |
| K.4 - | CAIPITEAL FÁS | - | 7,500 | **7,500** | - | 2,029 | **2,029** | -73% |
| K.5 - | FÁS - ÍOCAÍOCHTAÍ PINSIN AG ÉIRÍ AS ACHT NA GCÉIMEANNA AIRGEADAIS (FORÁLACHA ILGHNÉITHEACHA) | - | - | - | 8,151 | - | **8,151** | - |
| L.1 - | DEONTAS D'EAGRAÍOCHT NÁISIÚNTA NA HÉIREANN DO DHAOINE DÍFHOSTAITHE | 52 | - | **52** | 52 | - | **52** | - |
| L.2 - | FIONTRAÍOCHT ÉIREANN – SCÉIM SHEALADH FÓIRDHEONTAS FOSTAÍOCHTA - UASTEORAINN AIRGID THIRIM (b) | | | | | | | |

| | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | 18,200 | - | **18,200** | 114,500 | - | **114,500** | - |
| L.3 - | CISTE EORPACH UM DHOMHANDÚ | - | - | - | - | - | - | - |
| M.1 - | CLÁR FEIDHMIÚCHÁIN D'FHORBAIRT ACMHAINNÍ DAONNA – CÚNAMH TEICNIÚIL | | | | | | | |
| | | 874 | - | **874** | 340 | - | **340** | -61% |
| M.2 - | CLÁR LEONARDO | 140 | - | **140** | - | - | - | - |
| | *Fo-iomlán:-* | *677,176* | *7,500* | ***684,676*** | *317,368* | *2,029* | ***319,397*** | *-53%* |
| | **CEARTA FOSTAÍOCHTA AGUS CAIDREAMH TIONSCLAÍOCH** | | | | | | | |
| N. - | AN COIMISIÚN UM CHAIDREAMH OIBREACHAIS – DEONTAS DO CHOSTAIS RIARACHÁIN AGUS CHOSTAIS GHINEARÁLTA | | | | | | | |
| | | 5,657 | - | **5,657** | 5,641 | - | **5,641** | - |
| O.1 - | DEONTAIS DO SHEIRBHÍSÍ OIDEACHAIS AGUS COMHAIRLEOIREACHTA CEARDCHUMAINN (b) | | | | | | | |
| | | 1,200 | - | **1,200** | 1,073 | - | **1,073** | -11% |
| O.2 - | CUR CHUN CINN COMHPHÁIRTÍOCHTA CHISTE NUÁLAÍOCHT SA LÁTHAIR OIBRE | | | | | | | |
| | | 357 | - | **357** | 720 | - | **720** | 102% |
| P. - | CÓNASCADH NA GCEARDCHUMANN | - | - | - | 45 | - | **45** | - |
| | *Fo-iomlán:-* | *7,214* | - | ***7,214*** | *7,479* | - | ***7,479*** | *4%* |
| | **TRÁCHTÁIL, TOMHALTÓIRÍ AGUS IOMAÍOCHT** | | | | | | | |
| Q. - | DEONTAS DON ÚDARÁS IOMAÍOCHTA | 5,381 | - | **5,381** | 4,734 | - | **4,734** | -12% |
| R.1 - | AN GHNÍOMHAIREACHT NÁISIÚNTA DO THOMHALTÓIRÍ – DEONTAS RIARACHÁIN AGUS CHOSTAIS GHINEARÁLTA | | | | | | | |
| | | 6,105 | - | **6,105** | 7,232 | - | **7,232** | 18% |
| R.2 - | TACAÍOCHT DO THOMHALTÓIRÍ | 68 | - | **68** | 61 | - | **61** | -10% |
| S.1 - | OIFIG UM CHLÁRÚCHÁN NA GCUIDEACHTAÍ AGUS CLÁRLANN NA GCARA–CHUMANN - DEONTAS DO RIARACHÁN AGUS DO CHAITEACHAS GINEARÁLTA | | | | | | | |
| | | 8,728 | - | **8,728** | 7,995 | - | **7,995** | -8% |
| S.2 - | ÚDARÁS MAOIRSEACHTA INIÚCHTA AGUS CUNTASAÍOCHTA NA HÉIREANN (DEONTAS I GCABHAIR) | | | | | | | |
| | | 1,355 | - | **1,355** | 1,345 | - | **1,345** | -1% |
| S.3 - | BORD MEASÚNAITHE DÍOBHÁLACHA PEARSANTA | - | - | - | 60 | - | **60** | - |
| | *Fo-iomlán:-* | *21,637* | - | ***21,637*** | *21,427* | - | ***21,427*** | *-1%* |

*(a)* *Tá cuid den Fhotheideal seo áirithe sa tSruth Aonair Maoinithe d'Eolaíocht, Teicneolaíocht agus Nuálaíocht atá léirithe in Aguisín 4.*

*(b)* *Fo-cheannteideal airgeadtheoranta*

*[34]* ***FIONTAR, TRÁDÁIL AGUS NUÁLAÍOCHT*** *[34]*

| Táirgeacht Shealadach 2009 | **Meastachán 2010** | Athrú 2010 |
|---|---|---|

| | | Reatha | Caipiteal | **Iomlán** | Reatha | Caipiteal | **Iomlán** | os cionn 2009 |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | **SLÁINTE AGUS SÁBHÁILTEACHT** | €000 | €000 | **€000** | €000 | €000 | **€000** | % |
| T. - | ÚDARÁS SLÁINTE AGUS SÁBHÁILTEACHTA – DEONTAS DO RIARACHÁN AGUS GHNÓTHAÍ GINEARÁLTA | 22,361 | - | **22,361** | 21,959 | - | **21,959** | -2% |
| | *Fo-iomlán:-* | *22,361* | - | ***22,361*** | *21,959* | - | ***21,959*** | *-2%* |
| | **SEIRBHÍSÍ EILE** | | | | | | | |
| U. - | TAIGHDE AG ÁIREAMH SUIRBHÉANNA DAONCHUMHACHTA | 98 | - | **98** | 210 | - | **210** | 114% |
| V. - | COISTE CREATA NÁISIÚNTA DO PHOLASAITHE COTHROMAÍOCHTA OIBRE/SAOIL | 83 | - | **83** | 156 | - | **156** | 88% |
| W. - | SUIBSCRÍBHINNÍ D'EAGRAÍOCHTAÍ IDIRNÁISIÚNTA, ETC. | 17,317 | - | **17,317** | 17,401 | - | **17,401** | - |
| X.1 - | COIMISIÚIN, COISTÍ AGUS INIÚCHTAÍ SPEISIALTA | 389 | - | **389** | 541 | - | **541** | 39% |
| X.2 - | ÍOCAÍOCHTAÍ ILGHNÉITHEACHA | 1,545 | - | **1,545** | 2,533 | - | **2,533** | 64% |
| X.3 - | AOISLIÚNTAIS AGUS PINSIN D'FHOIREANN NA CÚIRTE OIBREACHAIS, AN CHOIMISIÚIN UM CHLEACHTAIS SHRIANTACHA AGUS AN ÚDARÁIS IOMAÍOCHTA | 611 | - | **611** | 679 | - | **679** | 11% |
| X.4 - | EASPÓRTÁIL ÁRACHAS CREIDMHEASA - AISÍOC LEIS AN STÁTCHISTE | 16 | - | **16** | 33 | - | **33** | 106% |
| | *Fo-iomlán:-* | *20,059* | - | ***20,059*** | *21,553* | - | ***21,553*** | *7%* |
| | Iomlán Comhlán: | 1,033,855 | 497,864 | **1,531,719** | 696,941 | 480,679 | **1,177,620** | -23% |
| *Bain as:-* | | | | | | | | |
| Y. - | LEITHREASAÍ I GCABHAIR | 73,195 | 99 | **73,294** | 62,130 | 10,666 | **72,796** | -1% |
| | Iomlán Glan: | 960,660 | 497,765 | **1,458,425** | 634,811 | 470,013 | **1,104,824** | -24% |

-353,601

Méadú Glan (€000)

| | | | |
|---|---|---|---|
| *Pá agus pinsin Státchiste áirithe san iomlán glan* | *296,181* | *205,464* | *-31%* |
| *Pá agus pinsin Státchiste áirithe san iomlán glan* | *23,302* | *36,635* | *57%* |
| *Fostaithe Seirbhíse Poiblí Ábharthacha* | *4,987* | *2,831* | *-43%* |
| *Pinsinéirí Seirbhíse Poiblí Ábharthacha* | *2,291* | *1,450* | *-37%* |

*Fo-cheannteidil faoina bhfuil sé i gceist suim de €6.44 milliún de leithghabhála nár caitheadh i 2009 a úsáid do sheirbhísí soláthair chaipitil*

| | | Táirgeacht Shealadach 2009 | **Meastachán 2010** | Athrú i 2010 i gcompar áid le 2009 |
|---|---|---|---|---|
| | | *Úsáid á bhaint as Géilleadh Iarchurtha* | | |
| | | €000 | €000 | % |
| C.2 - | GFT ÉIREANN - DEONTAIS DO THIONSCAIL | - | **5,000** | - |
| D.2 - | FIONTRAÍOCHT ÉIREANN - DEONTAS DO THIONSCAIL | 3,500 | **-** | - |
| E.2 - | CUIDEACHTA FORBARTHA AERFORT NEAMHCHUSTAIM NA SIONNAINE TEORANTA – DEONTAIS DO THIONSCAIL | - | **1,400** | - |
| F. - | CLÁIR EOLAÍOCHTA, TEICNEOLAÍOCHTA AGUS NUÁLAÍOCHTA | 6,000 | **-** | - |
| G. - | FORBAIRT FIONTRAÍOCHTA CONTAE | 6,000 | **-** | - |
| I. - | AN TÚDARÁS UM CHAIGHDEÁIN NÁISIÚNTA NA HÉIREANN<br>DEONTAS DO CHOSTAIS RIARACHÁIN AGUS COSTAIS GHINEARÁLTA | 326 | **40** | -88% |
| K.4 - | CAIPITEAL FÁS | 2,500 | **-** | - |
| | | 18,326 | **6,440** | -65% |

# Aguisín 2

## Tuarascáil faoi Chomhlíonadh Fhorálacha an Achta um Íoc Pras Cuntas

I rith 2010, thabhaigh 20 sonrasc ús pionósach de €468.73. Seo a leanas mionsonraí ar an méid seo:

- 3 sonrasc mar a raibh íocaíocht suas le 30 lá thar téarma, le hús dá bharr de €23.89
- 11 sonrasc mar a raibh íocaíocht idir 31 agus 60 lá thar téarma, le hús dá bharr de €245.59
- 6 sonrasc mar a raibh íocaíocht níos mó ná 60 lá thar téarma, le hús dá bharr de €199.25

De réir I.R. Uimh. 388, ní íoctar ús ach nuair a bhíonn an méid a bhíonn dlite os cionn €5.

Ba é an figiúr comhfhreagrach do 2009 ná 23 íocaíocht dhéanach, le híocaíocht phras úis de €878.43.

## Tuarascáil faoi Chomhlíonadh Chinneadh an Rialtais, an 19 Bealtaine, a chuireann ceanglas íocaíochta 15 lá chun feidhme do sholáthróirí ag Ranna Rialtais

**Tréimhse Clúdaithe: 1 Eanáir go dtí 31 Nollaig 2010**

| Sonraí | Líon | Luach (€) | Céatadán (%) d'iomlán na n-íocaíochtaí a déanadh (Líon) |
|---|---|---|---|
| **Iomlán na n-íocaíochtaí a déanadh i 2010** | 8,306 | 141,058,515.23 | (100%) |
| **Líon na n-íocaíochtaí a déanadh laistigh de 15 lá** | 6,993 | 138,059,311.67 | 84.19 |
| **Líon na n-íocaíochtaí a déanadh laistigh de 16 lá go dtí 30 lá** | 1,010 | 2,397,514.91 | 12.16 |
| **Líon na n-íocaíochtaí a déanadh os cionn 30 lá** | 303 | 601,688.65 | 3.65 |
| **Sonraisc Díospóidithe** | 152 | | |

# Aguisín 3

## Tuarascáil ar Anailís ar Thionchar Rialála (ATRanna) a rinne an Roinn in 2010

**Acht na gCeimiceán (Leasú) 2010 (Uimh. 32 de 2010)**
Bhí gá le roinnt leasuithe ar Acht na gCeimiceán 2008 agus ar an Acht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair 2005 d'fhonn freastal ar dhualgais an AE agus le breithiúnais dlíthiúla a chur san áireamh. D'féach an Anailís Tionchair Rialála ar na costais, na leasa agus na tionchair ba dhóichí a thiocfadh as roinnt roghanna ar féachadh orthu maidirle leasú Achtanna 2008 agus 2005. Tháinig Acht na gCeimiceán (Leasú) 2010 i bhfeidhm faoin Ordú um Acht na gCeimiceán 2010 (Tosach Feidhme) 2010 (I.R. Uimh. 591 de 2010) ar an 10 Nollaig 2010.

**Rialacháin um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair (Feidhm Ghinearálta) 2010 (I-R- Uimh. 176 de 2010) Maidir le: Rialú Raidíochta Saorga Optúil ag an Obair**
D'ullmhaigh an tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta an Anailís Tionchair Rialála (ATR) seo ar an tionchar a fhéadfadh a bheith ag na Rialacháin um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair (Feidhm Ghinearálta) (Leasú) 2010 maidir le: Rialú Radaíochta Saorga Optúil ag an Obair a rinne leasú ar na Rialacháin um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair (Feidhm Ghinearálta) 2007 (I.R. Uimh. 299 de 2007). Déanann na Rialacháin seo trasuíomh go Dlí na hÉireann ar Threoir 2006/25/CE Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle den 5 Meitheamh 2006 ar na híosriachtanais sláinte agus sábháilteachta maidir le hoibrithe a bheith i mbaol rioscaí ag éirí as gníomhairí fisiciúla (Radaíocht Saorga Optúil).

Ba í aidhm an ATR seo tacú le forbairt Rialachán éifeachtach agus comhréireach náisiúnta trí mionscrúdú a sholáthar ar nádúr agus fairsinge na dtionchar a fhéadfadh a bheith ar réimse páirtithe leasmhara. Tháinig na Rialacháin i bhfeidhm ar an 29 Aibreán 2010.

**Treoir um Sheirbhísí an AE (Treoir 2006/123/CE ar sheirbhísí sa mhargadh inmheánach)**
Cuireadh Anailís Tionchair Rialála Threoir um Sheirbhísí an AE (Treoir 2006/123/CE ar sheirbhísí sa mhargadh inmheánach) faoi bhráid an Rialtais i nDeireadh Fómhair 2010 i ndiaidh comhairliúcháin leathan poiblí. Tá téacs iomlán an ATR ar fáil ar shuíomh idirlín na Roinne.

Is é is cuspóir don Treoir um Sheirbhísí an creat dlíthiúil atá riachtanach a sholáthar le deireadh a chur le bacanna ar shaoirse bunaithe do sholáthróirí seirbhíse agus ar shaorghluaiseacht seirbhísí idir na Ballstáit, ag tabhairt deimhneachta dlíthiúil do sholáthróirí agus faighteoirí seirbhísí araon atá ag teastáil leis na saoirsí bunúsacha atá sa Chonradh a chur i bhfeidhm.

Ba í aidhm an ATR scrúdú a dhéanamh ar an Treoir AE a bhí aontaithe, faoi mar a cuireadh i bhfeidhm í, agus anailís a dhéanamh ar an modh is fearr leis an Treoir a thrasuí chuig dlí na hÉireann, ar a n-áirítear na hinstitiúidí maorlathacha is oiriúnaí le riachtanais éagsúla riaracháin na Treorach a chur i bhfeidhm.

# Aguisín 4

## Reachtaíocht a Achtaíodh in 2010

**Acht na gCeimiceán (Leasú) 2010 (Uimh. 32 de 2010)**
Tháinig Acht na gCeimiceán (Leasú) 2010 i bhfeidhm ar an 10 Nollaig 2010. Is í príomhaidhm an Achta freastal ar oibleagáidí an AE Rialacháin áirithe de chuid an AE a chur i bhfeidhm.

Orthu seo tá:

- Rialachán an AE ar Rangú, Lipéadú agus Pacáistiú substaintí agus meascáin (ar a dtugtar Rialacháin "RLP")
- athsholáthar ar Rialachán an AE ar Iompórtáil agus Easpórtáil Cheimiceán Contúirteach ag forfheidhmiú Chomhaontú Rotterdam, agus
- leasuithe teicniúla go tráthúil orthu seo agus ar Rialacháin an AE maidir le REACH agus Glantaigh.

Tá mionathruithe teicniúla san Acht freisin ar an Acht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair 2005.

**Acht Iomaíochta (Leasú) 2010 (Uimh. 12 de 2010)**
Tháinig an Acht Iomaíochta (Leasú) 2010 i bhfeidhm ar an 19ú Meitheamh 2010 agus tugadh isteach é mar fhreagra ar líon gan fasach na ndaoine a d'fhág an tÚdarás Iomaíochta. Déantar soláthar in Acht Iomaíochta 2002 go ndéantar baill lánaimseartha a earcú trí chomórtas oscailte earcaíochta a chuireann an tSeirbhís um Cheapachaín Phoiblí ar siúl. Ag feitheamh ar chríochnú an phróisis riachtanach earcaíochta agus roghnaithe, tugadh Acht Iomaíochta (Leasú) 2010 isteach d'fhonn a chinntiú go leanfadh an tÚdarás Iomaíochta ar aghaidh ar bhonn reachtúil. Chuir sé ar chumas an Aire daoine cuícháilithe le taithí a cheapadh mar bhaill den Údarás do thréimhse tosaigh 6 mhí le féidearthacht é a shíneadh suas le 6 mhí eile.

# Aguisín 5

## Ionstraimí Reachtúla a rinneadh le linn 2010

**I.R. 81 de 2010 An tOrdú um Fhorbairt Tionscail (Tionscail Seirbhíse) 2010**
Ceadaíonn na hAchtanna um Fhorbairt Tionscail, 1986 go dtí 2009, do Fhiontraíocht Éireann agus don ÚFT cineálacha éagsúla cúnaimh airgeadais a sholáthar do "ghnóthais tionsclaíoch" a shainmhínítear mar "thionscal seirbhíse" a shainmhínítear, dá réir mar "aon ghnóthas i mbun seirbhíse a sholáthar" sonraithe in ordú a dhéanann an tAire Fiontair, Trádála agus Fostaíochta.  Leagann I.R. 81 de 2010, An tOrdú um Fhorbairt Tionscail (Tioscail Seirbhíse) 2010, amach na tionscail seirbhíse sin atá incháilithe do chúnamh faoi na hAchtanna um Fhorbairt Tionscail, 1986 go dtí 2009.

**I.R. Uimh. 83 de Rrialachán na gComhphobal Eorpach (Treoir 2006/46/EC) (Leasú) 2010**
Tugann na Rialacháin seo, in éineacht le Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Treoir 2006/46/EC) 2009, I.R. Uimh. 450 de 2009, feidhm do Threoir 2006/46/EC ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, den 14 Meitheamh 2006 ag leasú Threoracha na Comhairle 78/660/EEC ar chuntais bhliantúla chineálacha áirithe cuideachtaí, 83/349/EEC ar chuntais chomhdhlúite, 86/635/EEC ar chuntais bhliantúla agus cuntais chomhdhlúite na mbanc agus institiúidí eile airgeadais agus 91/674/EEC ar chuntais bhliantúla agus cuntais chomhdhlúite ghnóthas árachais. Tugann na Rialacháin soiléire do ghnéithe áirithe de I.R. Uimh 450 de 2009 maidir lena fheidhmiú agus cuireadh sa dlí iad ar an 25ú Feabhra, 2010.

**I.R. Uimh. 89 de Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Aonaid Tomhais) (Leasú) 2010**
Tugtar feidhm do Threoir 2009/3/EC ón gComhairle de Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhaile den 11 Márta 2009 ar neastacháin dhlíthe na mBallstát a bhaineann le haonaid tomhais. Déanann sé maolú na hÉireann ar úsáid "pionta" agus "unsa troí" buan agus déanann sé nuashonrú ar a sainmhínithe mar aonaid tomhais.

**I.R. Uimh. 100 de 2010 Rialacháin na gCuideachtaí (Stocmhalartáin Aitheanta) 2010**
Leagann Rialacháin na gCuideachtaí (Stocmhalartáin Aitheanta) 2010 síos Stocmhalartán Londain, Stocmhalartán Nua Eabhrach, agus an margadh ar a dtugtar Nasdaq a fheidhmíonn Nasdaq Stock Market Incorporated mar stocmhalartáin aitheanta. Aithnítear iad chun críche ailt 212 d'Acht na gCuideachtaí 1990, mar a leasaíodh, le ceadú do chuideachtaí poiblí na hÉireann a scaireanna féin a "cheannach i margaí thar lear" ar stocmhalartán aitheanta.  Rinne Acht na gCuideachtaí (Forálacha Ilghnéitheacha) 2009, a cuireadh sa dlí ar an 24ú Nollaig 2009, leasú ar Acht 1990, a thug an cineál nua seo ceannach isteach – "ceannach ar mhargadh thar lear" – le hidirdhealú a dheánamh ar cheannach ar mhargadh laistigh den Stát agus lasmuigh den dlínse.

**I.R. Uimh. 101 de 2010 Rialacháin na gCuideachtaí (Foirmeacha) 2010**
Déanann Rialacháin na gCuideachtaí (Foirmeacha) 2010 leasú agus nuashonrú ar Fhoirm H5 den fhoirm atá leagtha síos atá le líonadh agus le cur ar ais chuig Clárthóir na gCuideachtaí ag cuideachta a cheannaíonn a scaireanna féin agus/nó scaireanna chuideachta shealbhaíochta. Leasaíodh Foirm H5 le halt nua a thabhairt isteach "Cuid B", ar do cheannach ar mhargaí thar lear amháin atá sé le húsáid.

**I.R. Uimh. 102 de 2010 Rrialacháin Trédhearcachta (Treoir 2004/109/EC) (Leasú) 2010**
Déanann na Rialacháin leasú ar thagairtí áirithe téacsúla i Rialacháin Trédhearcachta (Treoir 2004/109/EC) 2007 (I.R. Uimh. 277 de 2007).

**Rialacháin um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair (Feidhm Ghinearálta) (Leasú) I.R. Uimh. 176 de 2010**
Déanann na Rialacháin seo leasú ar na Rialacháin um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair (Feidhm Ghinearálta) (Leasú) 2007 (I.R. Uimh. 299 de 2007) mar a leasaíodh roimhe seo leis na Rialacháin um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair (Feidhm Ghinearálta) (Leasú) 2007 (I.R. Uimh. 732 de 2007) trí Chuid 9 agus Sceideal 11 a chur isteach sna Rialacháin a bhaineann le rialú agus nochtadh fhostaithe ar radaíocht saorga optúil ag an obair. Tháinig na Rialacháin i bhfeidhm ar an 29 Aibreán 2010.

**An tOrdú um Acht na gCuideachtaí (Iniúchta agus Cuntasaíochta) 2003 (Tosach Feidhme) 2010 I.R. Uimh. 177 de 2010**
Socraíonn an tOrdú seo an data ar a dtagann Ailt 38, 39 agus 40 d’Acht na gCuideachtaí (Iniúchadh agus Cuntasaíocht) 2003 i bhfeidhm. Leasaíonn Ailt 38, 39 agus 40 Ailt 198, 199 agus 200 faoi seach d’Acht na gCuideachtaí, 1990. Éiríonn tosú na n-alt seo i gcomhthéacs fhorfheidhmiú Threoir 2006/43/EC. Tá feidhm leis an Ordú ón 28ú Aibreán 2010.

**An tOrdú um an Acht um Chosaint Fostaíochta (Comhiomarcaíochtaí Suntasacha agus Ábhair Ghaolmhara) 2007 (Ré Chuid 2) I.R. Uimh. 197 de 2010**
Is í adhm an Ordaithe seo síneadh 3 bliana, go dtí 7 Bealtaine 2013, a chur le feidhm Chuid 2 den Acht um Chosaint Fostaíochta (Comhaiomarcaíochtaí Suntasacha agus Ábhair Ghaolmhara) 2007 (Uimh. 27 de 2007). Ceadaíonn an Chuid seo den Acht do chás a thagairt chuig an bPainéal Iomarcaíochta mar a gceaptar comhiomarcaíochtaí suntasacha a bheith i gceist le hiomarcaíochtaí a bhíonn beartaithe faoi mar atá sainmhínithe san Acht. Leagann an Chuid seo den Acht amach freisin an próiseas agus an nós imeachta atá le leanúint le tagairtí a chur faoi bhráid an Phailéil.

**I.R. Uimh. 219 de 2010**
**Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Bearta Sriantacha) (Poblacht na Guine) 2010**
Is í éifeacht an rialacháin seo pionóis a sholáthar ar sháruithe ar Rialacháin na Comhairle (CE) Uimh. 1284 den 22 Nollaig 2009 maidir le beartais áirithe sriantacha maidir le Poblacht na Guine. Áirítear sna céimeanna cosc ar chúnamh teicniúil agus ar airgead a sholáthar a bhaineann le gníomhaíochtaí míleata agus díol, soláthar, aistriú nó easpórtáil trealaimh a fhéadfaí a úsáid do chos ar bolg inmheánach maidir le Poblacht na Guine.

**I.R. Uimh. 220 de 2010 Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Iniúchadh Reachtúil) (Treoir 2006/43/EC) 2010**
Tugann na Rialacháin seo feidhm do Threoir 2006/43/EC Parlaimint na hEorpa agus na Comhairle den 17 Bealtaine 2006 ar iniúchadh reachtúil ar chuntais bhliantúla agus cuntais chomhdhlúite, ag leasú Treoracha na Comhairle 78/660/EEC ar chuntais bhliantúla chineálacha áirithe cuideachtaí agus 83/349/EEC ar chuntais chomhdhlúite agus aisghairm ar Threoir na Comhairle 84/253/EEC ar fhaomhadh dhaoine a bheadh freagrach as iniúchtaí reachtúla a dhéanamh ar dhoiciméid chuntasaíochta. Ar fhorálacha na Treorach áirítear daingniú agus comhchuibhiú ar an bhfeidhm iniúchóireachta reachtúil ar fud an AE agus prionsabail a leagadh amach do mhaoirseacht phoiblí i ngach Ballstát in éineacht le

riachtanas le dearbhú cáilíochta seachtrach agus soiléiriú ar dhualgais na n-iniúchóirí reachtúla. Leagann sé amach freisin na prionsabail neamhspleáchais a ghabhann le gach iniúchóir reachtúil agus cuireann sé ar chuideachtaí liostaithe coiste iniúchóireachta a bhunú le feidhmeanna soiléire le comhlíonadh. Cuireadh na Rialacháin sa dlí ar an 20ú Bealtaine, 2010.

**I.R. Uimh. 226 de 2010**
**Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Bearta Sriantacha) ((An Úisbéiceastáin) (Cúlghairm) 2010**
Is é éifeacht an Rialacháin seo, a thugann feidhm do Rialachán na Comhairle (AE) Uimh. 1227/2009 de Nollaig 2009, ná cúlghairm a dhéanamh ar an Ionstraim Reachtúil a sholáthair pionóis ar shárú Rialacháin ón gComhairle (CE) Uimh. 1859/2005 maidir le céimeanna áirithe srianta maidir leis an Úisbéiceastáin.

**I.R. Uimh. 251 de 2010 Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Céimeanna Idirthréimhseacha Maidir le hIniúchóirí Tríú Tíre) (Táillí) 2010**
Sonraíonn na Rialacháin seo méid na dtáillí a bhíonn le híoc, de réir Rialacháin 4 de Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Céimeanna Idirthréimhseacha Maidir le hIniúchóirí Tríú Tíre) 2009, ag iniúchóir tríú tire d'Údarás Maoirseachta Iniúchta agus Cuntasaíochta na hÉireann.

**I.R. Uimh. 265 de 2010 Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Bearta Sriantacha) (An Iaráin) (Leasú) 2010**
Is é éifeacht an Rialacháin seo ná leasú a dhéanamh ar an Ionstraim Reachtúil a sholáthair pionóis ar shárú Rialacháin ón gComhairle (CE) Uimh. 423/2007 den 19 Aibreán 2007. Thug Rialachán na Comhairle srianta isteach maidir le heaspórtáil earraí agus teicneolaíochta, a fhéadfadh cur le gníomhaíochtaí a bhaineann le saibhriú, le hathphróiseáil, nó le gníomhaíochtaí a bhaineann le huisce trom, nó le forbairt ar chórais soláthar arm núicléach san Iaráin. Cuireann sé cosc freisin ar chúnamh teicniúil, seirbhísí bróicéireachta agus infheistíocht a bhaineann le ceannach a leithéid sin d'earraí agus teicneolaíochta ón Iaráin. Soláthraíonn na leasuithe, a thugann feidhm do Rialachán na Comhairle (AE) 1228/2009, dianchosc breise ar dhíol, soláthar nó aistriú nithe áirithe a fhéadfadh cur le leathadh ghníomhaíochtaí leochaileacha núicléacha nó le forbairt ar chórais soláthair arm núicléach.

**I.R. Uimh. 332 de 2010 An tOrdú um Fiontar, Trádáil agus Nuálaíocht (Tarmligean Feidhmeanna Aireachta) 2010**
Déanann an tOrdú seo tarmligean a dhéanamh chuig Conor Lenihan, TD, Aire Stáit sa Roinn Fiontar, Trádála agus Nuálaíochta ar chumhachtaí agus dualgais an Aire Fiontar, Trádála agus Nuálaíochta faoi na hAchtanna atá sonraithe san Ordú.

**I.R. Uimh. 333 de 2010 An tOrdú um Fiontar, Trádáil agus Nuálaíocht (Tarmligean Feidhmeanna Aireachta) (Uimh 2) 2010**
Déanann an tOrdú seo tarmligean a dhéanamh chuig Dara Calleary, TD, Aire Stáit sa Roinn Fiontar, Trádála agus Nuálaíochta ar chumhachtaí agus dualgais an Aire Fiontar, Trádála agus Nuálaíochta faoi na hAchtanna agus na hIonstarimí atá sonraithe san Ordú.

**I.R. Uimh. 334 de 2010 An tOrdú um Fiontar, Trádáil agus Nuálaíocht (Tarmligean Feidhmeanna Aireachta) (Uimh 3) 2010**

Déanann an tOrdú seo tarmligean a dhéanamh chuig Billy Kelleher, TD, Aire Stáit sa Roinn Fiontar, Trádála agus Nuálaíochta ar chumhachtaí agus dualgais an Aire Fiontar, Trádála agus Nuálaíochta faoi na hAchtanna agus na hIonstarimí atá sonraithe san Ordú.

**I.R. Uimh. 370 de 2010 Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Cosaint an Tomhaltóra maidir le Conarthaí a déanadh trí Chianchumarsaíd) (Leasú) 2010**

Déanadh na Rialacháin leasaithe seo le dhá phointe a shoiléiriú sna bunRialacháin um Chiandíol (I.R. Uimh. 207 de 2001). Déanann an chéad leasú soiléir é nach mbaineann forálacha áirithe den Treoir [Treoir 97/7/EC] le conarthaí áirithe (.i. soláthar bia agus earraí eile a úsáidtear gach lá agus soláthar cóiríochta, iompair nó seirbhísí áineasa nuair a dhéantar na seirbhísí sin a sholáthar ar dháta ar leith nó laistigh de thréimhse ar leith). Déanann an dara leasú soiléir é nuair a chuireann trádálaí tús le cianchumarsáid díolacháin caithfidh sé/sí an aidhm atá leis an nglaoch a dhéanamh soiléir ag tús an chomhrá teileafóin.

**I.R. Uimh. 396 de 2010 Na Rialacháin um Dhearaí Tionscail (Leasú) 2010**

Déanann na Rialacháin mionathrú ar Rialacháin um Dhearaí Tionscail 2002 trí shoiléiriú gur féidir le duine, a bhíonn rannpháirteach in aon imeacht a bhíonn os comhair Rialtóir na bPaitinní, na nDearthaí agus na dTrádmharcanna nó úinéir cláraithe dhearaidh, seoladh a bheith acu do sheirbhís sa Limistéar Eorpach Eacnamaíoch (LEE). Leasaíonn na Rialacháin Foirmeacha 1 agus 1A i Sceideal 2 freisin chuig na Rialacháin sin trí fheabhas a chur ar leagan amach Fhoirmeacha 1 agus 1A agus freisin le leasú ar an seoladh do riachtanas seirbhíse le ceadú d’iarrthóirí seoladh do sheirbhís a sholáthar laistigh den LEE.

**I.R. Uimh. 410 de 2010 Rialacha na dTrádmharcanna (Leasú) 2010**

Déanann na Rialacháin seo roinnt leasuithe ar Rialacha na dTrádmharcanna 1996.

**I.R. Uimh. 424 de 2010 An tOrdú fán Acht um Chuideachtaí (Forálacha Ilghnéitheacha) 2009 (Tosach Feidhme) 2010**

Cuireann an tOrdú seo tús le hailt (i) agus (j) d'Alt 3 agus Alt 5 d’Acht na gCuideachtaí (Forálacha Ilghnéitheacha) 2009 (Uimh. 45 de 2009) le feidhm ón 7ú Meán Fómhair 2010. Tá soláthar sna hailt seo do mheicníocht mar a bhféadfadh comhchistí infhesitíochta áirithe bunaithe i ndlínsí ábhartha teacht go hÉirinn gan foirceannadh ar dtús ina ndlínse reatha (déantar tagairt dó seo thíos mar mheicníocht le cistí a aistriú isteach). Tá meicníocht comhthreomhar sna hailt feisin ag ceadú do chistí Éireannacha aistriú chuig dlínsí ábhartha gan foirceannadh ar dtús in Éirinn (déantar tagairt dó seo thíos mar mheicnícht le cistí a aistriú amach).

**I.R. Uimh. 425 de 2010 Rialacháin um Acht na gCuideachtaí 1990 (Dlínsí Ábhartha faoi Alt 256F) 2010**

Leagann na Rialacháin seo síos sé dhlínse mar dhlínsí ábhartha chun críche na meicníochta le cistí a aistriú isteach a ndéantar tagairt dó maidir le I.R. 424 de 2010.

**I.R. Uimh. 426 de 2010 Rialacháin um Acht na gCuideachtaí 1990 (Alt 256F) (Doiciméid Chlárúcháin) 2010**

Leagann na Rialacháin seo síos modh le deimhniú agus dearbhú a dhéanamh ar dhoiciméid áirithe a bhíonn ar an iarrthóir aistrithe isteach (féach I.R. Uimhreacha 424 de 2010 agus 425 de 2010) a chur chuig an Oifig um Chlárú Cuideachtaí.

**I.R. Uimh. 427 de 2010 Rialacháin um Acht na gCuideachtaí 1990 (Dlínsí Ábhartha faoi Alt 256G) 2010**
Leagann na Rialacháin seo síos sé dhlínse mar dhlínsí ábhartha chun críche na meicníochta le cistí a aistriú amach a ndéantar tagairt dó maidir le I.R. 424 de 2010.

**I.R. Uimh. 428 de 2010 Rialacháin na gCuideachtaí (Foirmeacha) (Uimh. 3) 2010**
Leagann na Rialacháin seo síos foirmeacha don Oifig um Chlárú Cuideachtaí le húsáid maidir le meicníochtaí le cistí a aistriú isteach agus amach a ndéantar tagairt dóibh maidir le I.R. 424 de 2010.

**I.R. Uimh. 429 de 2010 Ordú na gCuideachtaí (Foirmeacha) 2010**
Leagann an tOrdú seo síos foirm le húsáid maidir le meicníochtaí le cistí a aistriú amach a ndéantar tagairt dóibh maidir le I.R. 424 de 2010.

**I.R. Uimh. 430 de 2010 Ordú na gCuideachtaí (Táillí) 2010**
Leagann an tOrdú seo síos na táillí a bhíonn le híoc ag aonáin leis an Oifig um Chlárú Cuideachtaí le leas a bhaint as na meicníochtaí le cistí a aistriú amach a ndéantar tagairt dóibh maidir le I.R. 424 de 2010.

**I.R. Uimh. 436 de 2010 Rialacháin na gCuideachtaí (Foirmeacha) (Uimh. 2) 2010**
Déanann Rialacháin na gCuideachtaí (Foirmeacha) (Uimh.2) leasú breise ar fhoirm H5 go bhféadfadh cuideachtaí príobháideacha agus cuideachtaí poiblí teoranta (plc) an fhoirm a úsáid seaschas plc a bheith ag ceannach scaireanna ar Stocmhalartán na hÉireann nó trí cheannach ar mhargadh thar lear. Tá Cuid A den fhoirm athdhréachtaithe le húsáid ag cuideachtaí príobháideacha, plc(anna) agus nuair a cheanaítear scaireanna ar Stocmhalartán na hÉireann. Ní áirítear ceannach ar margadh thar lear i gCuid A ach áirítear sin i gCuid B.

**I.R. Uimh. 447 de 2010 Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Grúpálacha Eorpacha um Leas Eacnamaíoch) (Leasú) 2010**
Rinne Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Grúpálacha Eorpacha um Leas Eacnamaíoch) (Leasú) 2010 leasú ar Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Grúpálacha Eorpacha um Leas Eacnamaíoch) 1998 trí Rialachán 13 a bhaint as d'fhonn an caipín 20 a bhaint ar lion na mball a cheadaítear de Ghrúpáil Eorpach um Leas Eacnamaíoch (GELE).

**I.R. Uimh 456 de 2010 Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Bearta Sriantacha atá dírithe in aghaidh Daoine agus Aonáin Áirithe a bhaineann le Usama bin Laden, le Líonra Al-Qaida agus leis an Taliban) (Leasú) 2010**
Is í iarmhairt an Rialacháin seo ná leasú a dhéanamh ar an Ionstraim Reachtúil a rinne foráil maidir le pionóis ar sháruithe Rialúchán na Comhairle (CE) Uimh. 881 de 2002 a thug beartais isteach in aghaidh daoine agus aonáin áirithe a bhaineann le hUsama Bin Laden, le Líonra Al-Qaida agus leis an Taliban.

**I.R. Uimh. 460 de 2010 Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Bearta Sriantacha) (Burma/Myanmar) (Leasú) 2010**
Is é éifeacht an Rialacháin seo ná leasú a dhéanamh ar an Ionstraim Reachtúil a sholáthair pionóis ar shárú Rialacháin ón gComhairle (CE) Uimh. 194/2008. Soláthraíonn na leasuithe díolúine ó aidhmeanna áirithe daonnúla.

**I.R. Uimh. 484 de 2010 Rialacháin um Acht na gCuideachtaí 1963 (Naoú Sceideal) 2010**

Rinne na Rialacháin um Acht na gCuideachtaí 1963 (Naoú Sceideal) 2010 leasú ar Naoú Sceideal d'Acht na gCuideachtaí, 1963, trí Ionstraim Reachtúil déanta de bhun Ailt 250 d'Acht na gCuideachtaí 1990. Ba í an aidhm a bhí leis Ailt 62 agus 72 go dtí 77 d'Acht na gCuideachtaí 1963, a dhéanann déileáil le laghdú ar scairchaipiteal, chuig cuideachtaí neamhchláraithe laistigh de mhíniú ailt 377 d'Acht na gCuideachtaí 1963.

**I.R. Uimh. 485 de 2010 Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Ainmneacha agus Lipéadú Táirgí Teicstíle) 2010**
Rinne an Ionstraim Reachtúil seo trasuí ar Threoir 2008/121/EC ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle den 14 Eanáir 2009 ar ainmneacha teicstíle (ateilgthe) agus Treoir an Choimisiúin 2009/121/EC den 14 Meán Fómhair 2009 ar ainmneacha Teicstíle (mealaimín).

**I.R. Uimh. 486 de 2010 Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Anailís Chainníochtúil ar Mheascán Dhénártha de Shnáithíní Teicstíle Dénártha) (Leasú) 2010**
Déanann an Ionstraim Reachtúil seo trasuíomh ar Threoir 2009/122/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle den 14 Meán Fómhair 2009 agus is compánach í do Threoir 2009/121/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle den 14 Meán Fómhair, 2009. Clúdaíonn Treoir 2009/121/CE ainmneacha agus sainmhínithe na dtáirgí éagsúla teicstíle agus clúdaíonn Treoir 2009/122/CE na modhanna do thástáil na dteicstílí seo. Leasaíonn Treoir an Choimisiúin 2009/122/EC Treoir 96/73/EC trí mhodh anailíseach a chur leis do thástáil teicstíle ar a dtugtar "mealaimín".

**I. R. Uimh. 523 de 2010 Rialacháin um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair (Tógáil) (Leasú) 2010**
Déanann na Rialacháin seo leasú ar na Rialacháin um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair (Tógáil) 2006 (I.R. Uimh. 504 de 2006), mar a leasaíodh roimhe seo le Rialacháin um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair (Tógáil) (Leasú) 2008 (I.R. Uimh. 130 de 2008), agus Rialacháin um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair (Tógáil) (Leasú) (Uimh. 2) 2008 (I.R. Uimh 423 de 2008). Tháinig na Rialacháin i bhfeidhm ar an 2 Samhain 2010.

**I.R. Uimh. 533 de 2010**
**Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Soláthar Seirbhísí) 2010**
Thug na rialacháin seo feidhm do Threoir um Sheirbhísí (Treoir 2006/123/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle den 12 Nollaig 2006 ar sheirbhísí sa mhargadh Inmheánach) in Éirinn.

Is í aidhm na Rialachán seo margadh aonair a chruthú i seirbhísí san Aontas Eorpach. Déanann na Rialacháin níos éasca é do sholáthróirí seirbhíse leas a bhaint as an Margadh Aonair trí bhacanna ar thrádáil a bhaint as agus nósanna imeachta a sholáthar a áisíonn soláthróirí ar mhian leo gnó seirbhíse a bhunú i mBallstát.

Déanfaidh siad éascú don tomhaltóir trí bhacanna a bhaint as a chuireann cosc orthu seirbhísí a fháil ó Bhallstáit eile agus faisnéis agus cúnamh a sholáthar dóibh le héascú a dhéanamh ar a n-úsáid as an Margadh Aonair.

Déanadh trasuí ar leithligh ar Airtigeal 42 den Treoir um Seirbhísí i Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Orduithe Cúirte maidir le Cosaint Leasa an Tomhaltóra) 2010 (I.R. Uimh. 555 de 2010).

**I.R. Uimh. 543 de 2010 Rialacháin Mhéadreolaíochta Dlí (Measúnú Comhréire na hEorpa d'Ionstraimí Tomhais) (Leasú) 2010.**
Feidhm a thabhairt do Threoir an Choimisiúin 2009/137/CE den 10 Márta 2009 ag leasú Treoir 2004/22/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ar gléasanna tomhais.
Athruithe ar nósanna imeachta measúnaithe comhréire do gléasanna tomhais do

- Méadair fhuaruisce
- Méadair gháis agus feistí tiontaithe toirte
- Méadair ghníomhacha fuinnimh leictreach
- Córais le breosla leachtach a thomhas (seachas gás leachtaithe)
- Córais tomhaiste do bhainne

**I.R. Uimh. 555 de 2010 Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Orduithe Cúirte maidir le Cosaint Leasa an Tomhaltóra) 2010**
Déanann na rialacháin seo trasuí ar Threoir 2009/22/EC ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle den 23 Aibreán 2009 ar urghairí le leasa an tomhaltóra a chosaint (leagan códaithe) agus déanann siad cúlghairm ar I.R. Uimh. 449 de 2001 – Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Cosaint Comhleasa an Tomhaltóra), a rinne trasuíomh ar an mbun Treoir 98/27/CE.

Leasaíodh an Treoir roinnt uaire le Treoracha nua curtha le hIarscríbhinn an bhunleagan, ar a n-áirítear Airtigeal 42 den Treoir 2006/123/EC den 12 Nollaig 2006b ar Sheirbhísí sa Mhargadh Inmheánach. Ó glachadh leis an Treoir um Seirbhísí, tá códú déanta ar an Treoir Urghaire chuig Treoir 2009/22/EC, a dhéanann cúlghairm ar Threoir 98/27/EC.

**I. R. Uimh. 589 de 2010 Rialacháin um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair (Risíocht le hAispeist) (Leasú) 2010**
Tugann na Rialacháin seo, a tháinig i bhfeidhm ar an 8 Nollaig 2010, feidhm do threoir 2009/148/EC ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle den 30 Samhain 2009 ar oibrithe a chosaint ar bhaol a bhaineann le risíocht le haispeist ag an obair, agus leasaíonn siad na Rialacháin um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair (Risíocht le hAispeist) 2006 (I.R. Uimh. 386 de 2006).

**I.R. Uimh. 591 de 2010 An tOrdú maidir le hAcht na gCeimiceán (Leasú) 2010 (Tosach Feidhme) 2010.**
Ceapadh an 10ú Nollaig 2010 mar an lá ar a dtiocfadh Acht na gCeimiceán (Leasú) 2010 (Uimh. 32 de 2010) i bhfeidhm.

**I.R. Uimh. 606 de 2010 Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Grúpchuntais) 2010**
Tugann na Rialacháin seo feidhm do Threoir 2009/49/EC ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, den 18 Meitheamh 2009 ag leasú Threoracha na Comhairle 78/660/EEC agus 83/349/EEC (4ú agus 7ú Treoracha) maidir le riachtanais áirithe nochtadh do chuideachtaí meánmhéide agus an dualgas cuntais comhdhlúite a dhéanamh. Ciallaíonn an leasú gur chóir go mbeadh díolúine ag máthairghnóthais gan acu ach fochuideachtaí neamhábhartha ón riachtanas cuntais chomhdhlúite agus tuarascáil chomhdhlúite bhliantúil a chur le chéile. Cuireadh na Rialacháin i bhfeidhm le feidhm ón 1ú Eanáir, 2011.

**I.R. Uimh. 616 de 2010 Rialacháin na gComhphobl Eorpach (Acht um Iompar Earraí Contúirteacha de Bhóthar 1998) (Leasú) 2010**

Déanann na Rialacháin seo leasú ar an Acht um Iompar Earraí Contúirteacha de Bhóthar 1998 d'fhonn ceadú do Threoir 2008/68/EC ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle den 24 Meán Fómhair 2008 ar iompar earraí contúirteacha intíre mar a leasaíodh le Cinneadh an Choimisiúin 2010/187/EU den 25 Márta 2010 leis na Rialacháin a déanadh faoin Acht. Tháinig na Rialacháin i bhfeidhm ar an 21 Nollaig 2010.

**I.R. Uimh. 617 de 2010**
**Rialacháin um Iompar Earraí Contúirteacha ar Bhóithre 2010**
Baineann na Rialacháin seo le hiompar earraí contúirteacha in umair, ar an mórchóir agus i bpacáistí ar bhóithre, chomh maith le pacáil, lódáil, líonadh agus dílódáil na n-earraí contúirteacha maidir lena n-iompar. Cuireann siad forálacha Iarscríbhinní A agus B ar "Chomhaontú Eorpach ar Iompar Idirnáisiúnta Earraí Contúirteacha ar Bhóithre" (ADR) 2009 i bhfeidhm. Tháinig na Rialacháin i bhfeidhm ar an 21 Nollaig 2010.

**I.R. Uimh. 618 de 2010**
**An tOrdú fán Acht um Iompar Earraí Contúirteacha ar Bhóithre 1998 (Ceapadh Údarás Inniúil) 2010**
Tugann Alt 4 den Acht um Iompar Earraí Contúirteacha de Bhóthar 1998 cumhacht don Aire Fiontar, Trádála agus Nuálaíochta údaráis inniúla a cheapadh leis na feidhmeanna a thug an tAcht agus na Rialacháin a déanadh faoin Acht a thabhairt i gcrích. In éineacht leis an Acht, déanann na Rialacháin um Iompar Earraí Contúirteacha de Bhóthar 2010 trasuí ar riachtanais Threoracha an Aontais Eorpaigh ar iompar earraí contúirteacha de bhóthar agus na riachtanais a bhaineann le leagan 2009 de ADR na Náisiún Aontaithe (An Comhaontú Eorpach maidir le hIompar Idirnáisiúnta Earraí Contúirteacha de Bhóthar). Tháinig na Rialacháin i bhfeidhm ar an 21 Nollaig 2010.

**I.R. Uimh. 619 de 2010 Rialacháin um an Acht um Iompar Earraí Contúirteacha de Bhóthar 1998 (Táillí) 2010.**
Tá na Rialacháin seo ag teacht le

(i) Rialacháin um Iompar Earraí Contúirteacha de Bhóthar 2010 ("na Príomhrialacháin"), a bhaineann le hiompar earraí contúiteacha in umair, i mbulc agus i bpacáistí de bhóthar; i bhforfheidhmiú fhorálacha na nIarscríbhinní teicniúla leis an "gComhaontú Eorpach ar Iompar idirnáisiúnta Earraí Contúirteacha de Bhóthar (ADR) 2009",

(ii) Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Iompar Earraí Contúirteacha ar Bhóithre) (Forálacha Ilghnéitheacha ADR) 2010, agus

(iii) An tOrdú fan Acht um Iompar Earraí Contúirteacha de Bhóthar 1998 (Ceapadh Údarás Inniúil) 2010, a shonraíonn na húdaráis inniúla chun críche "na bPríomhrialachán".

Déanann na Rialacháin cúlghairm agus athsholáthar ar Rialacháin an Acht um Iompar Earraí Contúirteacha de Bhóthar 1998 (Táillí) 2007 (I.R. 291 de 2007).

Sonraíonn na Rialacháin seo d'íoc táillí gur féidir le húdarás inniúil, scrúdaitheoir údaraithe nó comhlacht creidiúnaithe iad a ghearradh faoi Rialacháin um Iompar Earraí Contúirteacha de Bhóthar 2010. Tháinig na Rialacháin i bhfeidhm ar an 21 Nollaig 2010.
**I.R. Uimh. 620 de 2010**
**Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Iompar Earraí Contúirteacha ar Bhóithre) (ADR Forálacha Ilghnéitheacha) 2010**

Baineann na Rialacháin seo le hiompar earraí contúirteacha ar bhóithre in umair, ar an mórchóir agus i bpacáistí. Tagann said le forálacha na "gcomhRialachán", is iad sin Rialacháin um Iompar Earraí Contúirteacha ar Bhóithre 2010 a déanadh faoi Acht um Iompar Earraí Contúirteacha De Bhóthar 1998. Tháinig na Rialacháin i bhfeidhm ar an 21 Nollaig 2010.

**I.R. Uimh. 628 de 2010**
**Na Rialacháin um Shubstaintí Contúirteacha (Stórais Pheitriliam Mhiondíola agus Phríobháideach) (Leasú) 2010**
Rinne an tAire Stáit ag an Roinn Fiontar, Trádála agus Nuálaíochta na Rialacháin seo a shíniú sa dlí ar an 20 Nollaig 2010. Tá síneadh leis na Rialacháin, a tháinig i bhfeidhm ar an 1 Eanáir 2011, go dtí an 31ú Nollaig 2011, an t-údarás ceadúnú a dhéanamh i gcúinsí áirithe ar stáisiúin pheitril a tógadh roimh 28 Meán Fómhair, 1979. Rinne na Rialacháin leasú ar na Rialacháin um Shubstaintí Contúirteacha (Stórais Pheitriliam Mhiondíola agus Phríobháideach) 1979.

**I.R. Uimh. 633 de 2010**
**Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Substaintí agus Ullmhóidí Contúirteacha) (Margaíocht agus Úsáid) (Cúlghairm) 2010**
Rinne an tAire Fiontar, Trádála agus Nuálaíochta Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Substaintí agus Ullmhóidí Contúirteacha) (Margaíocht agus Úsáid) (Cúlghairm) a shíniú sa dlí ar an 21 Nollaig 2010. Déanann na Rialacháin seo cúlghairm ar I. R. Uimh. 220 de 2003, I.R. Uimh. 503 de 2003, I.R. Uimh. 852 de 2004, I.R. Uimh. 364 de 2006, I.R. Uimh. 746 de 2007, agus I.R. Uimh. 371 de 2008. Rinne na I. R. anna seo trasuí ar Threoir Chomhairle an AE 76/769/EEC (Margaíocht agus Úsáid), agus a Threoracha éagsúla leasaithe go dlí na hÉireann. Ón 1ú Meitheamh 2009, déanadh na Treoracha seo a chúlghaim agus Teideal VIII agus Iarscríbhinn XVII de Rialachán AE REACH 1907/2006, mar a leasaíodh, ina n-ionad.

# Aguisín 6

**Tábla Feidhmíochta Trádála na hÉireann (2004-2010)**

| ***Ireland's Trade Performance 2004-2011*** | | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | ***Merchandise €bn*** | | | ***Services €bn*** | | | **Total Imports** | **Total Exports** | **Overall Surplus** |
| ***Year*** | **Imports** | **Exports** | **Surplus** | **Imports** | **Exports** | **Deficit** | | | |
| **2004** | **51.105** | **84.409** | **33.304** | **52.625** | **42.424** | **-10.201** | **103.730** | **126.833** | **23.103** |
| **2005** | **57.465** | **86.732** | **29.267** | **57.521** | **48.219** | **-9.302** | **114.986** | **134.951** | **19.965** |
| yearly change | 12.44% | 2.75% | | 9.30% | 13.66% | | 10.85% | 6.40% | |
| **2006** | **60.857** | **86.772** | **25.915** | **63.867** | **57.069** | **-6.798** | **124.724** | **143.841** | **19.117** |
| yearly change | 5.90% | 0.05% | | 11.03% | 18.35% | | 8.47% | 6.59% | |
| **2007** | **63.486** | **89.226** | **25.740** | **69.081** | **67.960** | **-1.121** | **132.567** | **157.186** | **24.619** |
| yearly change | 4.32% | 2.83% | | 8.16% | 19.08% | | 6.29% | 9.28% | |
| **2008** | **57.585** | **86.394** | **28.809** | **75.617** | **67.947** | **-7.670** | **133.202** | **154.341** | **21.139** |
| yearly change | -9.29% | -3.17% | | 9.46% | -0.02% | | 0.48% | -1.81% | |
| **2009** | **45.061** | **84.238** | **39.177** | **75.186** | **67.134** | **-8.052** | **120.247** | **151.372** | **31.125** |
| yearly change | -21.75% | -2.50% | | -0.57% | -1.20% | | -9.73% | -1.92% | |
| **2010** | **45.764** | **89.193** | **43.429** | **80.931** | **73.837** | **-7.094** | **126.695** | **163.030** | **36.335** |
| yearly change | 1.56% | 5.88% | | 7.64% | 9.98% | | 5.36% | 7.70% | |

Source: Central Statistics Office (CSO), Merchandise: External Trade, Dec 2011 Release, Services: Balance of International Payments Dec 2011

*GC/NM January 2012*

**Athrú ar easpórtálacha na hÉireann chuig Margaí Roghnaithe Ardfháis, (BRICanna agus dhá Stát Murascaille), idir 2006 agus 2010**

| Easpórtáil Earraí | 2006 (€ Milliún) | 2010 (€ Milliún) | Fíormhéadú (€ Milliún) | % de Mhéadú |
|---|---|---|---|---|
| An Bhrasaíl | 147.22 | 259.56 | 112.34 | 76% |
| An tSín (ar a n-áirítear Hong Kong) | 1,502.65 | 2,494.79 | 992.14 | 66% |
| An India | 153.75 | 161.69 | 7.94 | 5% |
| An Rúis | 283.76 | 372.83 | 89.07 | 31% |
| An Araib Shádach | 332.68 | 498.97 | 166.29 | 50% |
| UAE | 216.93 | 269.84 | 52.91 | 24% |
| Iomlán Earraí Easpórtála | 2,636.99 | 4,057.68 | 1,420.69 | 54% |
| | | | | |
| Easpórtáil Seirbhísí | 2006 (€ Milliún) | 2010 (€ Milliún) | Fíormhéadú (€ Milliún) | % de Mhéadú |
| An Bhrasaíl | 112 | 180 | 68 | 61% |
| An tSín (ar a n-áirítear Hong Kong) | 1,093 | 1,930 | 837 | 77% |
| An India | 242 | 788 | 546 | 226% |
| An Rúis | 465 | 1,300 | 835 | 180% |
| An Araib Shádach | 101 | 235 | 134 | 133% |
| UAE | 169 | 514 | 345 | 204% |
| Iomlán Easpórtála Seirbhísí | 2,182 | 4,947 | 2,765 | 127% |
| | | | | |
| Iomlán na nEaspórtálacha | 4,819 | 9,005 | 4,186 | 87% |

GC/GW

# AGUISÍN 7

## Oifigí agus Comhlachtaí na Roinne

### An Oifig um Chlárú Cuideachtaí

Parnell House, 14 Cearnóg Parnell, Baile Átha Cliath 1 agus Bóthar Uí Bhriain, Ceatharlach (Do thaisceadh tríd an bpost amháin)
Teileafón: 01-804 5200, Íosghlao:  1890-220226
Facs: 01-804 5222
Suíomh Gréasáin: www.cro.ie
R-phost: info@cro.ie

Is lárthaisce í an Oifig um Chlárú Cuideachtaí ar fhaisnéis reachtúil poiblí ar chuideachtaí Éireannacha. Ar a príomhaidhmeanna tá ionchorprú ar chuideachtaí; clárú ainmneacha chuideachtaí, ar mhuirir ar chuideachtaí, ar dhoiciméid eile iar-ionchorpraithe agus ar athruithe ar shonraí ainm ghnó. Tá clár leathan forfheidhmithe ag an oifig maidir le comhdú tuairisceán.

### An tÚdarás Iomaíochta

Teach Pharnell, 14 Cearnóg Pharnell, Baile Átha Cliath 1.
Teileafón: 01-804 5400, Íosghlao: 1890 220 224
Facs: 01 804 5401
Suíomh Gréasáin: www.tca.ie
R-phost: info@tca.ie

Is é is feidhm don Údarás Iomaíochta ná iomaíochas níos fearr a chur chun cinn i ngach earnáil den eacnamaíocht trí chleachtais fhrith-iomaíochais a shárú agus trí fheasacht ar chleachtais dá leithéid a mhéadú. Ón 1ú Eanáir 2003, ghlac an tÚdarás freagracht uirthi féin maidir le scrúdú agus cinneadh a dhéanamh ar chumaisc agus éadálacha a fógraíodh faoin Acht Iomaíochta, 2002.

### Boird Fhiontair Contae agus Cathrach

Bunaíodh 35 Bord Fiontair Contae agus Cathrach (BFCC) le tacaíocht a sholáthar do ghnóthais bheaga (‘micri-fhiontair’) le 10 fostaí nó níos lú, ag leibhéal áitiúil. Tá liosta de na 35 BFCC ar fáil ag www.enterpriseboards.ie .

### An Roinn Fiontar, Trádála agus Nuálaíochta

23 Sráid Chill Dara, Baile Átha Cliath 2,
Teileafón: 01 631 2121 Íosghlao: 1890 220 384
Facs: 01-631 2827
Suíomh Gréasáin: www.deti.ie
R-phost: webmaster@deti.ie

Ionad Phort an Iarla, Sráid Haiste Íochtarach, Baile Átha Cliath 2
Teileafón: 01 631 2121 Íosghlao: 1890 220 384
Facs: 01-631 2827
Suíomh Gréasáin: www.deti.ie
R-phost: webmaster@deti.ie

Teach an Dáibhéidigh, 65a Bóthar Adelaide, Baile Átha Cliath 2
Teileafón: 01 631 2121 Íosghlao: 1890 220 222
Facs: 01-631 3267
Suíomh Gréasáin: www.deti.ie
R-phost: webmaster@deti.ie

### Fiontraíocht Éireann

An Plás, Lárionad Gnó an Phointe Thoir, Baile Átha Cliath 3

Teileafón: 01-727 2000

Suíomh Gréasáin: www.enterprise-ireland.com

R-phost: client.service@enterprise-ireland.com

Is gníomhaireacht rialtais é Fiontraíocht Éireann atá freagrach as forbairt agus fás fiontar Éireannacha ar mhargaí an domhain.

### An Binse Achomhairc Fostaíochta

Teach an Dáibhéidigh, 65A Bóthar Adelaide, Baile Átha Cliath 2.
Teileafón: 01 631 2121 Íosghlao: 1890 220 222
Facs: 01-631 3266
Suíomh Gréasáin: www.eatribunal.ie
R-phost: eat@entemp.ie

Comhlacht neamhspleách is ea an Binse Achomhairc Fostaíochta a bunaíodh le soláthar a dhéanamh ar bhealach ísealchostais agus réasúnta neamhfhoirmeáilte do bhreithniú díospóidí ar cearta fostaíochta faoi na reachtanna éagsúla atá laistigh de scóp an Bhinse. Tá sé mar chuspóir ag an mBinse go mbeadh custaiméirí a úsáideann an tseirbhís sásta tríd is tríd leis an tseirbhís a bhíonn faighte acu.

### FÁS (aistrithe chuig an Roinn Oideachais agus Scileanna ón 1 Bealtaine 2010 de bhun Ordú Rialtais)

27-33 Sráid Bhagóid Uachtarach, Baile Átha Cliath 4.
Teileafón: 01-607 0500
Facs: 01-607 0608
Suíomh Gréasáin: www.fas.ie

Toisc gurb é FÁS an tÚdarás Náisiúnta Fostaíochta agus Oiliúna, déanann sé réamh-mheas ar riachtanais, agus freagraíonn sé do mhargadh saothair a bhíonn ag síorathrú. Is trí líonra réigiúnach de 66 oifig agus 20 ionad oiliúna a fheidhmíonn FÁS cláir oiliúna agus fostaíochta; soláthraíonn sé seirbhís earcaíochta do chuardaitheoirí poist agus d'fhostóirí, seirbhís chomhairleach do thionsclaíocht, agus tacaíonn sé le fiontair pobalbhunaithe.

## Forfás

Wilton Park House, Plás Wilton, Baile Átha Cliath 2.

Teileafón: 01-607 3000

Facs: 01-607 3030

Suíomh Gréasáin: www.forfas.ie,

Is é Forfás an comhlacht polasaí náisiúnta agus comhairleach d'fhiontar, trádáil, eolaíocht, teicneolaíocht agus nuálaíocht.

## An tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta

Foirgneamh Uirbeach, Sráid James Joyce, Baile Átha Cliath 1.
Teileafón: 01 614 7000 Íosghlao: 1890-289 389
Facs: 01-614 7020
Suíomh Gréasáin: www.hsa.ie
R-phost: wcu@hsa.ie

Tá freagracht ar An tÚdarás Sábháilteachta agus Sláinte as riarachán agus forfheidhmiú na reachtaíochta sábháilteachta ceirde agus sláinte agus as an bhfrámaíocht rialaithe ceimicí ar a ndéantar foráil in Acht um Sábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair 2005 agus Acht na gCeimicí 2008 agus 2010 agus reachtaíocht áirithe eile. Déanann sé soláthar ar fheasacht, ar chomhairle agus ar threoir d'fhostóirí, d'oibrithe, do dhaoine féin-fhostaithe agus daoine eile go mbaineann reachtaíocht sábháilteachta agus sláinte oibre leo nó atá ábharthach dóibh.

## ÚFT Éireann

Wilton Park House, Plás Wilton, Baile Átha Cliath 2.
Teileafón: 01-603 4000
Suíomh Gréasáin: www.idaireland.com
R-phost: idaireland@ida.ie

Tá freagracht ar ÚFT Éireann maidir le tionscail thar lear a mhealladh agus a fhorbairt in Éirinn.

## InjuriesBoard.ie

Bosca Oifig Phoist 8, Cloich na Coillte, Co. Chorcaí
Teileafón: 1890-829 121
Facs: 1890-829 122
Suíomh Gréasáin: www.injuriesboard.ie
R-phost: enquiries@injuriesboard.ie

Comhlacht reachtúil is ea an Bord Measúnaithe Díobhálacha Pearsanta (BMDP) a dhéanann soláthar ar mheasúnú neamhspleách ar chúiteamh ar dhíobháil phearsanta d'íospartaigh tionóiscí sa Láthair Oibre, tionóisc Gluaisteán, nó d'íospartaigh tionóiscí Dliteanais Phoiblí. Déantar an measúnú seo a sholáthar gan aon ghá le formhór na gcostais dhlíthíochta reatha, mar tháillí Aturnaetha, Abhcóidí agus Saineolaithe a bhaineann le héilimh dá leithéid. Is féidir go mbeadh táillí dlí / saineolaithe i gceist i gcásanna eisceachtúla agus scrúdaíonn InjuriesBoard.ie gach cás ar a thuilleanas.

## Idir-Thrádáil Éireann

Páirc Gnó na Seanoibreacha Gáis, Sráid na Cille Móire, An tIúr, Co. Dúin, BT34 2DE.
Teileafón: 048-3083 4100
Facs: 048-3083 4155
Suíomh Gréasáin: www.intertradeireland.com
R-phost:  info@intertradeireland.com

Is é IdirThrádáil Éireann an Comhlacht Forbartha Trádála agus Gnó a bunaíodh faoin Acht um Chomhaontú Briotanach-Éireannach, 1999. Is ceann é de shé Chomhlacht Forfheidhmiúcháin Thuaidh /Theas a d’eascair as Comhaontí Aoine an Chéasta 1998. Is é misean IdirThrádáilÉireann don tréimhse 2008-2010 ná feabhas a chur ar iomaíochas domhanda sa dá dhlínse chun comhshochair trí chomhoibriú i ngnó, i gcláir pholasaí agus taighde, comhpháirtíochtaí agus líonraí. Tá comhchistiú á dhéanamh ar Idirthráchtáil Éireann ag an Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta agus ag an Roinn Fiontar, Trádála agus Infheistíochta sa Tuaisceart ar dhá thrian agus trian den chostas faoi seach.

## Údarás Maoirseachta Iniúchta agus Cuntasaíochta na hÉireann

Teach Willow, Páirc na Mílaoise, An Nás, Co. Chill Dara.
Teileafón: 045-983 600
Facs: 045-983 601
Suíomh Gréasáin: www.iaasa.ie
R-phost: info@iaasa.ie

Tá ceithre phríomhchuspóir ag Údarás Maoirseachta Iniúchta agus Cuntasaíochta na hÉireann: maoirseacht a dhéanamh ar conas a dhéanann a gcuid comhlachtaí

forordaithe cuntasaíochta rialáil agus monatóireacht ar a gcuid ball; cloí le hardchaighdeáin ghairmiúla sa ghairm iniúchta agus cuntasaíochta; monatóireacht a dhéanamh maidir le cuntais aicmí áirithe cuideachtaí agus gnóthais eile a bheith géilliúil d'Achtanna na gCuideachtaí; agus feidhmiú mar shainfhoinse comhairle don Aire ar cheisteanna iniúchta agus cuntasaíochta.

### An Chúirt Oibreachais

Tom Johnson House, Bóthar Haddington, Baile Átha Cliath 4.
Teileafón: 01 613 6666 Íosghlao: 1890-220 228
Facs: 01-613 6667
Suíomh Gréasáin: www.labourcourt.ie
R-phost: info@labourcourt.ie

Bunaíodh an Chúirt Oibreachais faoin Acht um Chaidreamh Tionsclaíochta 1946. Soláthraíonn sí seirbhís chuimsitheach in aisce d'imscrúdú agus réiteach díospóide i réimsí caidrimh thionsclaíoch agus chearta reachtúla fostaíochta. Ina theannta sin, tá ról ag an gCúirt i gclárú comhaontaithe comhchoitinne ar phá agus choinníollacha fhostaíochta sna hearnálacha sin atá clúdaithe ag Comhchoistí Oibreachais. Cláraíonn an Chúirt comhaontuithe fostaíochta freisin: is é éifeacht an chláraithe go mbíonn forálacha chomhaontaithe infhorghníomhaithe go dlíthiúil.

### An Coimisiún um Chaidreamh Oibreachais

Tom Johnson House, Bóthar Haddington, Baile Átha Cliath 4.
Teileafón: 01-613 6700, Íosghlao: 1890-220 227
Facs: 01-613 6701
Suíomh Gréasáin: www.lrc.ie
R-phost: info@lrc.ie

Tá freagracht fhoriomlán ar an gCoimisiún um Chaidreamh Tionsclaíoch, a bunaíodh faoin Acht Caidrimh Thionscail 1990, as feabhas a chur chun cinn ar chaidreamh tionscail, agus déanann sin trí réimse seirbhísí a sholáthar ar a n-áirítear Seirbhís Chomhréitigh, Seirbhís Choimisinéara um Chearta agus Rannóg Seirbhíse Comhairleach.

### An Ghníomhaireacht Náisiúnta do Thomhaltóirí

4 Bóthar Fhearchair, Baile Átha Cliath 2.
Teileafón: 01-402 5555
Iarratais ón bPreas: 01-475 1444
Líne Chabhrach Tomhaltóra Íosghlao: 1890-432 432
Iarratais Chorparáideacha: 01-402 5500
Facs: 01-402 5501
Suíomh Gréasáin don Tomhaltóir: www.consumerconnect.ie

Suíomh Gréasáin Chorparáideach: www.nca.ie

Is í aidhm don Ghníomhaireacht Náisiúnta do Thomhaltóirí leasa an tomhaltóra a chosaint agus cultúr láidir maidir le tomhaltóirí a dhaingniú in Éirinn. Áirítear ar a sainorduithe abhcóideacht, taighde, faisnéis, forfheidhmiú, oideachas agus feasacht. Déanann an Ghníomhaireacht forfheidhmiú ar raon leathan de dhlíthe cosanta tomhaltóra, chomh maith le dlíthe ar chleachtais mhealbhaithe thrádála (orthu seo tá cleachtais tráchtála atá éagórach, míthreorach agus ionsaitheach), creidmheas tomhaltóra, pacáistí taistil, téarmaí éagóracha conartha, amroinnt, lipéadú ar bhia, lipéadú teicstíle, praghsáil aonaid agus taispeáint phraghas.

### An tÚdarás Náisiúnta um Chearta Fostaíochta

Bóthar Uí Bhriain, Ceatharlach.
Teileafón: 059 917 8800 Íosghlao: 1890 808 090
Facs: 059-917 8912
Suíomh Gréasáin: www.employmentrights.ie

Is é ról an Údaráis Náisiúnta um Chearta Fostaíóchta (ÚNCF) ná cultúr náisiúnta maidir le cearta fostaíochta a ghéilleadh a chothú agus a fhorfheidhmiú sa Stát. Téann ÚNCF i mbun raon d’fheidhmeanna, ar a n-áirítear eolas neamhchlaonta a sholáthar d’fhostóirí agus d’fhostaithe, feidmh cigireachta, agus seirbhís ionchúisimh agus forfheidhmithe. Is é bunchuspóir na hoibre le fostóirí ná géilliúntas a lorg maidir le reachtaíócht agus ceartú ar aon sárú a aithnítear, ar a n-áirítear cúiteamh do na daoine a bhíonn i gceist agus íocaíocht ar aon riaráistí a bhíonn ag dul d’fhostaithe.

### An tÚdarás um Chaighdeáin Náisiúnta na hÉireann

1 Cearnóg Swift, Seantrabh, Baile Átha Cliath 9.
Teileafón: 01-807 3800
Facs: 01-807 3838
Suíomh Gréasáin: www.nsai.ie
R-phost: info@iaasa.ie

Is é ÚCNÉ (An tÚdarás um Chaighdeáin Náisiúnta in Éirinn) comhlacht oifigiúil na hÉireann maidir le caighdeáin. Is é an t-údarás náisiúnta deimhnithe é do Mharcáil CE agus soláthraíonn sé seirbhís deimhnithe a chuireann ar chumas ghnólachtaí a léiriú go mbíonn earraí agus seirbhísí Éireannacha de réir na gcaighdeán iomchuí.

### OIFIG AN STIÚRTHÓRA UM FHORFHEIDHMIÚ CORPARÁIDEACH

16 Cearnóg Pharnell, Baile Átha Cliath 1.
Teileafón: 01 858 5800 Íosghlao: 1890-315 015
Facs: 01-858 5801
Suíomh Gréasáin: www.odce.ie

R-phost: info@odce.ie.

Is é misean Oifig an Stiúrthóra um Fhorfheidhmiú Corparáideach é feabhas a chur ar an timpeallacht ghéilliúntais do ghníomhaíocht chorparáideach i ngeilleagar na hÉireann. Ar na feidhmeanna atá ag an Stiúrthóir um Fhorfheidhmiú Corparáideach tá géilliúntas a spreagadh maidir le hAchtanna na gCuideachtaí, imscrúdú a dhéanamh ar chionta amhrasta faoi na hAchtanna agus imeachtaí sibhialta agus imeachtaí achomair coiriúla a thionscain sna Cúirteanna.  Tá ról ginearálta maoirseachta ag an Stiúrthóir maidir le leachtaitheoirí agus glacadóirí.

### Oifig Chláraitheoir na gCara-Chumann

Teach Pharnell, 14 Cearnóg Pharnell, Baile Átha Cliath 1.
Teileafón: 01-804 5499, Íosghlao: 1890-220 225
Facs: 01-804 5498

Oifig neamspleách reachtúil is ea Oifig Chláraitheora na gCarachumann atá freagrach as clárúchán agus rialú ginearálta na gcarachumann, ceardchumainn agus cumainn chigiltis (comharchumainn).

### Oifig na bPaitinní

Oifigí an Rialtais, Bóthar Hebron, Cill Chainnigh
Teileafón: 056 772 0111 Íosghlao: 1890-220 223
Facs: 056-772 0100, Íosghlao Facs:  1890-220 120
Suíomh Gréasáin: www.patentsoffice.ie
R-phost: patlib@entemp.ie

Tá Oifig na bPaitinní freagrach as deonadh paitinní ar earagáin agus as clárú trádmharcanna agus dearaí. Tá feidhmeanna ag an Rialtóir chomh maith maidir le breithiúntas ar dhíospóidí áirithe ar chóipcheart.

### Seirbhís an Choimisinéara um Chearta

Tom Johnson House, Bóthar Haddington,
Teileafón: 01-613 6700, Íosghlao: 1890-220 227
Facs (01) 613 6701
Suíomh Gréasáin: www.lrc.ie
R-phost: rightscomm@lrc.ie

Is seirbhís de chuid an Choimisiúin um Chaidreamh Oibreachais í Seirbhís an Choimisinéara um Chearta. Déanann an tSeirbhís imscrúdú ar dhíospóidí, cúiseanna gearáin agus éilimh a dhéanann daoine aonair nó grúpaí beaga oibrithe faoi reachtaíócht áirithe.

## Fondúireacht Eolaíochta Éireann

Wilton Park House, Plás Wilton, Baile Átha Cliath 2.
Teileafón: 01-607 3200
Facs: 01-607 3201
Suíomh Gréasáin: www.sfi.ie
R-phost: info-at-sfi.ie

Soláthraíonn Fondúireacht Eolaíochta Éireann (FEÉ) deontais do thaighdeoirí eolaíochta agus d'fhoirne taighde in Éirinn sna hardinstitiúidí oideachais ar dhóichí go nginfidh siad eolas nua, ceannródaíoch teicneolaíochta agus fiontair iomaitheacha i réimsí na heolaíochta agus na hinnealtóireachta. Cuireann dámhachtainí taighde FEÉ taca le trí réimse leathan, is iad sin: Biteicneolaíocht, Teicneolaíocht Faisnéise agus Cumarsáide, Teicneolaíochtaí Fuinnimh Inbhuanaithe/Éifeachtúlachta Fuinnimh. Tá dámhachtainí FEÉ bunaithe ar dhianphróiseas athbheithnithe piaraí mar ab iad barrfeabhais taighde agus ábharthacht straitéiseach do riachtanais fhiontraíochta na hÉireann na tosca a chinneann iad.

## Forbairt na Sionainne

Lár an Bhaile, an tSionainn, Co. an Chláir.
Teileafón: 061-361 555
Facs: 061-361 903
Suíomh Gréasáin: www.shannondevelopment.ie

Is cuideachta forbartha réigiúnach de chuid an Rialtais é Forbairt na Sionainne atá dírithe ar Réigiún na Sionainne in Éirinn a chur chun cinn agus a fhorbairt. Tá forbairt eacnamaíochta réigiúnach mar chúram air - próiseas casta ag tiomsú gach earnáil ghníomhaíochta agus ag úsáid ilphróisis le fís a bhaint amach mar le réigiún ar chaighdeán domhanda. Díríonn Forbairt na Sionainne ar thorthaí a sholáthar i gceithre phríomhréimse ar féidir tionchar suntasach eacnamaíochta a bheith acu go háitiúil, go réigiúnach agus go náisiúnta, .i., tionscadail straitéiseacha nó "Suaitheanta", Limistéar Neamhchustaim na Sionainne, Forbairt Turasóireachta agus Forbairt Réadmhaoine.